Ombudsman
Eorpach

# Tuarascáil Bhliantúil
2012

GA

**Misean** Iarrann an tOmbudsman Eorpach teacht ar thorthaí cothroma ar ghearáin in aghaidh institiúidí an Aontais Eorpaigh, molann sé follasacht agus cuireann sé meon riaracháin bunaithe ar sheirbhís chun cinn. Tá sé mar aidhm aige muinín a fhorbairt trí chomhphlé idir saoránaigh agus an tAontas Eorpach agus chun na caighdeáin iompair is airde a chothú laistigh d'institiúidí an Aontais féin.

Ombudsman
Eorpach

# Tuarascáil Bhliantúil

2012



# Clár na nÁbhar


| | | |
|---|---|---|
| | **Focal ón Ombudsman** | **4** |
| **1** | **Gearáin agus fiosrúcháin** | **11** |
| 1.1 | Sainordú agus nósanna imeachta an Ombudsman | 12 |
| 1.2 | Forbhreathnú ar na gearáin a scrúdaíodh i 2012 | 18 |
| 1.3 | Anailís ar na fiosrúcháin a osclaíodh | 24 |
| 1.4 | Torthaí fhiosrúcháin an Ombudsman | 29 |
| 1.5 | Príomhchásanna a léiríonn dea-chleachtas | 36 |
| 1.6 | Anailís théamach ar na fiosrúcháin a dúnadh | 38 |
| 1.7 | Aistrithe agus comhairle | 57 |
| **2** | **Caidreamh le hinstitiúidí, le hombudsmana agus le páirtithe leasmhara eile** | **61** |
| 2.1 | Caidreamh le hinstitiúidí, le comhlachtaí, le hoifigí agus le gníomhaireachtaí an AE | 62 |
| 2.2 | Caidreamh le hombudsmana agus le comhlachtaí cosúla | 63 |
| 2.3 | Caidreamh le páirtithe leasmhara eile | 65 |
| 2.4 | Cearta daoine a bhfuil míchumais orthu | 70 |
| **3** | **Acmhainní** | **73** |
| 3.1 | Foireann | 74 |
| 3.2 | An Buiséad | 76 |
| 3.3 | Úsáid acmhainní | 77 |
| | **Conas teagmháil a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach** | **78** |

## Focal ón Ombudsman



**Is mór agam *Tuarascáil Bhliantúil 2012* an Ombudsman Eorpaigh a chur faoi do bhráid. Gheobhaidh tú sna leathanaigh seo a leanas cuntas cuimsitheach ar ár ngníomhaíochtaí láimhseála gearán, forbhreathnú ar ár n-iarrachtaí chun dea-riarachán a chur chun cinn laistigh d'institiúidí, de chomhlachtaí, d'oifigí agus de ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, mar aon le léiriú ár ngníomhaíochtaí for-rochtana, nithe a bhfuil sé mar aidhm acu a chinntiú gur féidir le saoránaigh a tairbhiú dá gcearta ina n-iomláine.**

Cuirtear tús leis an Tuarascáil seo leis an réamhrá seo, ina ndéanaim tagairt do bhuaicphointí na hinstitiúide i 2012. Tugtar i gCaibidil 1 cuntas cuimsitheach ar shaothar an Ombudsman ó thaobh gearáin a láimhseáil agus fiosrúcháin a stiúradh, agus cuimsíonn sí míniú ar shainordú agus nósanna imeachta an Ombudsman. Baineann Caibidil 2 le caidreamh an Ombudsman le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile an AE[1], leis an bpobal d'ombudsmana náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla san Eoraip, agus le príomhpháirtithe leasmhara eile. Cuimsíonn sí chomh maith rannán maidir le cearta daoine a bhfuil mhíchumais orthu den chéad uair riamh. Mar chríoch, cuimsíonn Caibidil 3 mionsonraí ar phearsanra agus ar bhuiséad an Ombudsman.

## Bliain thar na bearta ó thaobh gearán agus fiosrúchán

Ba bhliain an-ghnóthach í an bhliain 2012 don Ombudsman agus dá fhoireann i gcomparáid le blianta eile, ar osclaíodh agus ar dúnadh líon fiosrúchán thar na bearta lena linn. B'ionann na 465 fiosrúchán a osclaíodh agus méadú de 18% i gcomparáid leis an mbliain 2011[2]. Tháinig méadú de 23% ar líon na bhfiosrúchán a dúnadh i gcomparáid leis an mbliain roimhe agus b'ionann an figiúr sin agus buaiclíon nua de 390. Go ginearálta, agus cosúil leis na mbliain 2011, thug an Ombudsman cúnamh do líon ní ba mhó ná 22 000 duine aonair trí phlé a dhéanamh lena ngearáin (2 442 cás), trí fhreagraí a thabhairt ar a n-iarratais ar fhaisnéis (1 211), nó trí chomhairle a chur ar fáil dóibh tríd an treoir idirghníomhach atá ar ár suíomh Idirlín (19 281).

Bhí laghdú ar líon iomlán na ngearán a cuireadh faoi bhráid an Ombudsman den cheathrú bliain as a chéile, rud a léiríonn an rath a bhí ar an treoir idirghníomhach tuilleadh. Tá an figiúr seo tar éis titim ó bhuaicphointe de 3 406 gearán i 2008 go dtí 2 442 gearán i 2012, mar gheall ar go mbíonn níos lú daoine ag cur gearán faoi bhráid an Ombudsman gan údar ceart. I gcásanna ina dtagann daoine chugainne nuair ba cheart dóibh gearán a dhéanamh le grúpa eile, déanaimid ár ndícheall comhairle a thabhairt dóibh nó an cás a aistriú. Is í an chomhairle is minic a thugann m'Oifig ná teagmháil a dhéanamh le ball de Líonra Eorpach na nOmbudsman[3]. Bhí beagnach 60% de na gearáin a próiseáladh i 2012 laistigh d'inniúlacht ball den Líonra. Ní raibh ach céatadán beagán ní ba mhó ná 50% de na cásanna seo (30% den iomlán) laistigh de shainordú an Ombudsman Eorpaigh. Ó thaobh líon na ngearán a bhí lasmuigh den sainordú, is é an figiúr de 1 720 an figiúr is ísle le 10 mbliana anuas.

Tar éis dúinn an chaoi a ndéanaimid plé leis na gearáin seo atá "lasmuigh den sainordú" a athchóiriú chun éifeachta, bhíomar in ann plé a dhéanamh leo i bhfad ní ba sciobtha i 2012. Ach, de thoradh ar mhéadú ar líon na gcásanna a bhí idir lámha againn, thóg sé beagán ní b'fhaide, ar an meán, fiosrúcháin a chur i gcrích – 11 mhí i 2012, i gcomparáid le 10 mí i 2011. Mar sin féin, bhíomar fós in ann an chuid ba mhó de na fiosrúcháin a thabhairt chun críche (69%) laistigh d'aon bhliain amháin, rud a léiríonn feabhas beag ar an toradh i 2010 (66%). Bhaineamar amach a bhfuil luaite thuas de bhua plean bunaíochta a bhunú ag a raibh 66 post i 2012 agus ina raibh foráil bhuiséid déanta do leithreasaí de EUR 9 516 500.

1. Ar mhaithe le coimre, úsáidtear an téarma 'institiúid' sa tuarascáil seo i dtagairt d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí uile an AE.

2. Mar a míníodh i *dTuarascáil Bhliantúil 2011*, rinneadh athrú ar nósanna imeachta an Ombudsman i 2011, rud a bhí ina chúis le líon thar na bearta na bhfiosrúchán (396 fiosrúchán) a osclaíodh le linn na bliana sin. Cuireann an méadú i 2012 in iúl go bhfuil an treocht sin ag leaúint ar aghaidh.

3. Cuimsíonn an Lionra 99 oifig i 35 tír Eorpacha anois. Cuimsíonn sé ombudsmana náisiúnta agus réigiúnacha agus comhlachtaí cosúla de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, na dtíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san AE, tíortha eile sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus/nó i limistéar Schengen, mar aon leis an Ombudsman Eorpach agus Coiste na Parlaiminte um Achainíocha.

# Focal ón Ombudsman

## Bliain ghnóthach ag déanamh maoirseachta ar riarachán an AE

Faoi mar a tharlaíonn gach bliain, bhain an chuid ba mhó de na fiosrúcháin a d'oscail an tOmbudsman i 2012 (245 fiosrúchán nó 53% den iomlán) leis an gCoimisiún Eorpach. Ós rud é gurb é an Coimisiún an phríomhinstitiúid san AE a dhéanann cinntí a mbíonn tionchar díreach acu ar shaoránaigh, luíonn sé le réasún go mbainfeadh formhór na ngearán a dhéanann saoránaigh leis. Ba leis an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO), a mbíonn tionchar ag a gcinntí ar shaoránaigh a dteastaíonn uathu post i riarachán an AE, a bhain 78 fiosrúchán (17%). Ní hamháin gurb ionann an figiúr seo agus dúbailt ar líon na bhfiosrúchán le linn na bliana roimhe (42 fiosrúchán), ach is oth liom a rá go raibh na freagraí a fuarthas ó EPSO ar roinnt de na ceisteanna a tarraingíodh anuas i 2012 ina n-údar imní.

Bhain 24 fiosrúchán a osclaíodh i 2012 (5%) le Parlaimint na hEorpa, 14 cinn leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (3%), agus seacht gcinn leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (1,5%). Bhain 97 fiosrúchán (21% den iomlán) le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an AE. As na fiosrúcháin seo, bhain 58 le gníomhaireachtaí an AE. Lean mé de mo chlár cuairteanna ar na gníomhaireachtaí, agus thug mé ocht gcuairt ar an iomlán i gcaitheamh na bliana.

Faoi mar a dhéanaim gach uile bhliain, tá mé tar éis béim a leagan ar chásanna dea-shampla mar eiseamláirí den chaoi is fearr le freagairt do shaincheisteanna a ardaíonn an tOmbudsman. Baineann sé cinn as na 10 gcás dea-shampla leis an gCoimisiún i mbliana, agus baineann cás dea-shampla amháin leis an gComhairle Eorpach, le Comhairle an AE, leis an mBanc Ceannais Eorpach, agus leis Ghníomhaireacht Leigheasra faoi seach. Baineann sé chás le trédhearcacht, agus baineann aon chás amháin eile leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. I measc na saincheisteanna eile, tá earcaíocht, meas ar shaoránaigh, agus cúiteamh chomh maith.

Tá na cásanna seo le fáil in alt 1.5 den Tuarascáil seo. Thugtar san anailís théamach thíos breac-chuntas ar na torthaí is suntasaí dlí agus fírice a bhí cuimsithe i gcinntí an Ombudsman a bhí ina gcúis le fiosrúcháin a dhúnadh i 2012. Is iad na príomhábhair a ndéantar plé leo san anailís théamach seo: (i) oscailteacht, rochtain phoiblí, agus sonraí pearsanta (22% de líon iomlán na bhfiosrúchán a dúnadh); (ii) an Coimisiún mar chaomhnóir na gConarthaí (22%); (iii) bronnadh tairiscintí agus deontas (7%); (iv) forghníomhú conarthaí (4%); (v) riarachán agus Rialacháin do Bhaill Foirne (17%); (vi) comórtais agus nósanna imeachta roghnúcháin (21%); agus (vii) ceisteanna institiúidí, ceisteanna beartas, agus eile (12%). Is fiú a thabhairt faoi deara gurbh ionann, den chéad uair riamh, líon na bhfiosrúchán i ndáil leis an gCoimisiún mar chaomhnóir na gConarthaí agus líon na bhfiosrúchán a bhain le trédhearcacht. De bharr ról tábhachtach an Ombudsman sa réimse seo, is cúis aiféala é nach bhfuil seoladh an Ombudsman luaite ar an gCumarsáid úr de chuid an Choimisiúin i ndáil leis an gcaidreamh leis an ngearánach i leith sáruithe ar dhlí an AE, mar a bhí ar an leagan roimhe. Scríobh mé litir chuig Ard-Rúnaí an Choimisiúin maidir leis an ábhar seo i Meitheamh 2012.

As na 390 fiosrúchán ar críochnaíodh i 2012 iad, thug an tOmbudsman faoi 10 gcinn de na fiosrúcháin sin ar a thionscnamh féin. Chinn mé go raibh drochriarachán i gceist i 56 cás

(suas ó 47 i 2011) agus bhí mé in ann toradh dearfach a bhaint amach don ghearánach i naoi gcinn de na cásanna seo (i gcomparáid le 13 i 2011) toisc gur glacadh leis na dréachtmholtaí a rinne mé. D'eisigh an tOmbudsman ráitis chriticiúla i dtaca le 47 cás i 2012, méadú de 12 chás i gcomparáid le 2011. Is údar imní é seo chomh maith agus déanfaidh mé géarmhonatóireacht ar na freagraí a thabharfaidh na hinstitiúidí ar na ráitis seo i mo staidéar bliantúil ar fhreagraí ar ráitis chriticiúla agus bhreise. I ndáil leo sin, d'eisigh mé ráitis bhreise i dtaca le 30 cás i 2012 d'fhonn cáilíocht an riaracháin a fheabhsú.

Tháinig méadú beag go dtí 80 cás (i gcomparáid le 84 i 2011) ar líon na gcásanna ar shocraigh an institiúid iad nó ar aontaíodh réiteach cairdiúil orthu. I 197 cás (i gcomparáid le 128 cás i 2011), chinn an tOmbudsman nach mbeadh aon údar le fiosrúcháin bhreise. Bhí athruithe a thug an tOmbudsman isteach ar an nós imeachta simplithe i 2011 ina gcúis le roinnt mhaith de na torthaí seo. Níor aimsigh mé aon drochriarachán i 76 cás (i gcomparáid le 64 cás i 2011).

## Bliain dhearfach ó thaobh an tionchair a d'imir an tOmbudsman

Den chéad uair i 2012, fuaireamar freagra daingean ar an gceist "Cé chomh rathúil is atá an tOmbudsman Eorpach?" Baineadh de thátal as dhá fhoilseachán a cuireadh le chéile anuraidh – an staidéar iar-fhiosrúcháin ar ráitis chriticiúla agus ar ráitis bhreise agus tuarascáil nua maidir le comhlíonadh – go gcomhlíonann institiúidí de chuid an AE moltaí an Ombudsman i gceithre chás as gach cúig cinn. I bhfocail eile, as na 120 uair ar iarradh ar an Ombudsman ráitis agus moltaí a eisiúint i gcomhthéacs cásanna dúnta i 2011, thug na hinstitiúidí 98 freagra dhearfacha i 2011 nó i gcaitheamh 2012. As seo amach, déanfar an staidéar iar-fhiosrúchán agus an tuarascáil maidir le comhlíonadh a chur le chéile in aon cháipéis amháin chun cuntas cuimsitheach a chur ar fáil faoin méid a chomhlíonann institiúidí de chuid an AE moltaí an Ombudsman. Tá sé mar aidhm againn an chomhtuarascáil nua seo a fhoilsiú i mí na Samhna gach bliain.

Chuir an t-aiseolas a fuaireamar ó Uachtarán na Comhairle Eorpaí Herman Van Rompuy fiúntas an bhirt seo ina luí orm, agus ní ba thábhachtaí fós, chuir sé ina luí orm gur gá dúinn leanúint ar aghaidh leis an saothar crua seo ar mhaithe leis na saoránaigh. Scríobh an tUachtarán Van Rompuy:

"Is gné ríthábhachtach eile é an saothar seo chun tuairim an phobail a athdhearbhú go bhfuil córas srianta agus ceartúcháin ag feidhmiú i gcroílár ár nAontais. Fiú d'fhormhór na saoránach nach gá dóibh dul ar iontaoibh an Ombudsman, tá sé tábhachtach go dtuigeann siad go bhfuil na cosaintí sin ann agus go gcuirtear i bhfeidhm go gníomhach iad."

Ní gá dom a rá go leanfaimid ar aghaidh ag déanamh ár ndíchill chun na caighdeáin is airde iompraíochta a chothú sna hinstitiúidí, mar atá leagtha amach i ráiteas misin an Ombudsman. Ag coinneáil an chuspóra seo i gcuimhne, d'fhoilsigh an tOmbudsman i 2012, i ngach teanga oifigiúil de chuid an AE, sraith prionsabal don tseirbhís phoiblí a thabharfaidh treoir do státseirbhísigh de chuid an AE. Is ionann na cúig phrionsabal don tseirbhís phoiblí agus tiomantas don Aontas Eorpach, dá saoránach, don ionracas, don oibiachtúlacht, do mheas do dhaoine eile agus don trédhearcacht. Cuireann na prionsabail dea-chleachtas sna Ballstáit

## Focal ón Ombudsman




Ba é buaicphointe cumarsáide an Ombudsman Eorpaigh i 2012 seimineár dar theideal “An Eoraip a bhfuil Géarchéim Inti: an dúshlán i ndáil le muinín na saoránach a bhaint amach”. Bhí Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh José Manuel Barroso ar dhuine de na príomhchainteoirí ag an ócáid.

san áireamh agus ceapadh tar éis dul i ndáil chomhairle le Líonra Eorpach na nOmbudsman iad. Chomh maith leis sin, cuireadh comhairliúchán poiblí ar siúl maidir le céad dréacht na bprionsabal. Tar éis dó na prionsabail seo a fhoilsiú, dhréachtaigh an tOmbudsman treoirlínte maidir le heitic agus le dualeolaíocht dá oifig féin.

### Bliain rathúil ó thaobh lámh a shíneadh amach chuig saoránaigh

Tharraing mé aird ar na prionsabail seo tráth ar bhuail mé le hard-stiúrthóirí an Choimisiúin i Márta, agus d’aibhsigh mé gur féidir leis na prionsabail seo cabhrú le muinín níos fearr a chothú idir saoránaigh agus na hinstitiúidí, go háirithe anois agus tá géarchéim ann san AE. Tugadh ag ócáid do pháirtithe leasmhara, an ócáid ba mhó dár gcuid go dtí seo, deis plé a dhéanamh ar an ábhar “An Eoraip a bhfuil Géarchéim Inti”: an dúshlán i ndáil le muinín na saoránach a bhaint amach, le hUachtaráin Pharlaimint, Choimisiún agus Chomhairle an AE. Bhí sé mar aidhm ag an ócáid cíoradh a dhéanamh ar bhearta daingne a d’fhéadfadh institiúidí Eorpacha agus náisiúnta a dhéanamh chun muinín na saoránach a bhaint amach – bearta a léiríonn ceann de na treoirphrionsabail de ráiteas misin an Ombudsman, is é sin, muinín a chothú trí dhialóg a éascú



Ar an 28 Meán Fómhair, d’óstáil an tOmbudsman seimineár sa Bhruiséil, i gcomhar le Meicníocht Gearán an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, dar teideal “Lá Idirnáisiúnta um an gCeart chun Faisnéise – Trédhearcacht agus Freagracht i mBainc Forbartha Idirnáisiúnta”.

Tionóladh an tOchtú Seimineár Réigiúnach de Líonra Eorpach na nOmbudsman sa Bhruiséil idir an 14 agus an 16 Deireadh Fómhair.



© Ombudsman Flóndras

idir saoránaigh agus an tAontas. Chuir nádúr idirghníomhach na hócáide seo ar chumas daoine nach raibh sa seomra an díospóireacht a leanúint trí cheamara gréasáin agus ceisteanna agus tráchtanna a chur isteach trí Twitter. Cuireadh na ceisteanna agus na tráchtanna seo ar taispeáint ar "bhalla na dtuíteanna" sa seomra, rud a thug deis do na cainteoirí plé a dhéanamh orthu. Léiríonn foilsiú físeáin ar ár suíomh Idirlín agus ar ár gcainéal ar YouTube i mbliana go bhfuilimid tiomanta do lámh a shíneadh amach chuig saoránaigh ar bhealaí nuálacha agus spreagúla.

Bhí an Lá Idirnáisiúnta um an gCeart chun Faisnéise ar cheann de na buaicphointí eile i bhféilire bliantúil ócáidí téamacha an Ombudsman, rud a thiteann amach ar an 28 Meán Fómhair gach uile bhliain. I 2012, d'óstáil an tOmbudsman, i gcomhar le Meicníocht Gearán an Bhainc Cheannais Eorpaigh, seimineár dar teideal "Trédhearcacht agus Freagracht i mBainc Forbartha Idirnáisiúnta". Bhí an ócáid seo ar siúl i ndiaidh an 9ú Cruinniú Bliantúil de na Meicníochtaí Neamhspleácha Freagrachta (MNFanna), rud a bhí ar siúl idir an 25 agus an 27 Meán Fómhair 2012 agus a bhí eagraithe ag an Ombudsman, ag an mBanc Eorpach Infheistíochta, agus ag Ollscoil Lucsamburg i gcomhar lena chéile.

Bhí baint ag an Ombudsman le trí imeacht eile a bhí ríthábhachtach don institiúid. Ar an gcéad dul síos, d'eagraigh an tOmbudsman, i gcomhar leis an Líonra Taighde um Dhlí Riaracháin an AE (ReNEUAL), comhdháil i Márta sa Bhruiséil inar féachadh ar na féidearthachtaí maidir le glacadh le Dlí Nósanna Imeachta Riaracháin don AE, is é sin, rialacha ginearálta le haghaidh nósanna imeachta riaracháin laistigh d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an AE. Chomh maith leis sin, rinne sí cíoradh ar mhíreanna éagsúla a d'fhéadfadh a bheith cuimsithe ina leithéid de dhlí i ndáil le déanamh rialacha, cinnteoireacht i gcásanna aonair, conarthaí poiblí, agus líonraí faisnéise. Ar an dara dul síos, chomheagraigh an tOmbudsman an tOchtú Seimineár Réigiúnach de Líonra Eorpach na nOmbudsman sa Bhruiséil i nDeireadh Fómhair 2012. Tharla an ócáid seo sa Pharlaimint Phléimeannach agus i bParlaimint Chónaidhm na Vallúine-na Bruiséile. Ar deireadh, tionóladh an tOchtú Seimineár Teagmhála de Líonra

## Focal ón Ombudsman

Eorpach na nOmbudsman in Strasbourg i Meitheamh. Bhí na seisiúin dheiridh den Seimineár dírithe ar ról Ombudsman i leith cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn.

### Bliain lán d'éachtaí don institiúid


Bhain ceann de na saincheisteanna maidir le cearta bunúsacha a dhírigh an tOmbudsman uirthi i 2012 le himeascadh daoine a bhfuil míchumais orthu. Aithníodh ról lárnach an Ombudsman i ndáil le míchumas nuair a thacaigh an Chomhairle le creat ar leibhéil an AE, faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine a bhfuil Míchumas Orthu, i nDeireadh Fómhair. I gcomhpháirt le Coiste na Parlaiminte um Achainíocha, leis an gCoimisiún, le Gníomhaireacht an AE um Chearta Bunúsacha, agus leis an bhFóram Eorpach maidir le Míchumas, oibreoidh an tOmbudsman chun an Coinbhinsiún a chosaint, a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm. Is é an Coinbhinsiún seo an chéad chonradh maidir le cearta an duine a dhaingnigh an AE riamh. Tá an tOmbudman den tuairim go bhfuil sé ríthábhachtach go seasfadh an tAontas leis an bhfocal a thug sé do shaoránaigh nuair a rinneadh an Coinbhinsiún seo a shíniú agus a dhaingniú.

D'fhonn a chinntiú go mbainimid an fheidhm is fearr as acmhainní atá ann cheana, ghlac an tOmbudsman páirt i dtionscadal a bhí á reáchtáil ag an bhFondúireacht Eorpach um Bainistíocht Cháilíochta i gcaitheamh 2012. Baineadh an-tairbhe as an toradh agus as an bpróiseas féin. A bhuíochas le críochnú rathúil na dtrí thosaíocht feabhsaithe a sainaithníodh, tá sé aitheanta go hoifigiúil anois go bhfuil an tOmbudsman "Tiomanta don Shármhaitheas". Dhírigh na trí thionscadal (i) ar láimhseáil gearán a athchóiriú chun éifeachta i gcásanna ina raibh an gearán lasmuigh den sainordú; (ii) ar fhreagrachtaí Ceannasaithe Aonad, Stiúrthóirí, agus an Ard-Rúnaí a shonrú agus a shoiléiriú; agus (iii) ar mheicníocht shimplí aiseolais a chruthú le haghaidh gearán i bhfoirm suirbhé ar líne ar shástacht. Le linn na bliana, rinne an tOmbudsman suirbhé ar straitéis agus rialachas chomh maith, inar iarradh ar pháirtithe leasmhara idir sheachtrach agus inmheánach ár bhfeidhmíocht a mheas.

### Súil chun cinn ar an mbliain amach romhainn

Ciallaíonn na gníomhaíochtaí uile thuasluaite go bhfuilimid, ag deireadh 2012, ag déanamh dul chun cinn maith i dtéarmaí na ngealltanas a thugamar i Straitéis an Ombudsman don Sainordú 2009-2014[4]. Mar gheall ar gurb é ceann d'aidhmeanna uileghabhálacha na straitéise ná a chinntiú go mbaineann saoránaigh Eorpacha leas iomlán as a gcearta, táimid ag tnúth go mór le níos mó oibre a dhéanamh i dtreo an chuspóra seo i 2013, Bliain Eorpach na Saoránach, le fuinneamh agus díograis athnuaite.

Strasbourg, 11 Feabhra 2013



P. Nikiforos Diamandouros

4. Tá an cháipéis stratéise le fáil i 23 teanga ar shuíomh Idirlín an Ombudsman ag: http://www.ombudsman.europa.eu/resources/strategy.faces

# 1 Gearáin agus fiosrúcháin

I gCaibidil 1, déantar sainordú agus nósanna imeachta an Ombudsman a mhíniú, tugtar forbhreathnú ar na gearáin ar déileáladh leo i rith 2012, i dteannta anailís mhionsonraithe ar na fiosrúcháin a cuireadh i gcrích. Cuimsíonn sí chomh maith rannán maidir le príomhchásanna, mar aon le cur i láthair téamach. Tugtar an chaibidil chun críche le forbhreathnú ar na cásanna a aistríodh chuig comhlachtaí láimhseáilte gearán eile.

# 1.1 Sainordú agus nósanna imeachta an Ombudsman

## Feidhm an Ombudsman Eorpaigh

Is trí ghearáin go príomha a tharraingítear aird an Ombudsman ar chásanna féideartha de dhrochriarachán, cé go ndéanann an tOmbudsman fiosrúcháin ar a thionscnamh féin chomh maith.

Bhí oifig an Ombudsman Eorpaigh bunaithe ag Conradh Maastricht mar chuid de shaoránacht an Aontais Eorpaigh. Déantar in Airteagal 24 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) foráil don cheart chun gearán a dhéanamh chuig an Ombudsman Eorpach mar cheann de chearta saoránachta an Aontais Eorpaigh. Tá an ceart seo san áireamh i gCairt um Chearta Bunúsacha an AE (Airteagal 43) freisin. Is trí ghearáin go príomha a tharraingítear aird an Ombudsman ar chásanna féideartha de dhrochriarachán, cé go ndéanann an tOmbudsman fiosrúcháin ar a thionscnamh féin chomh maith (féach an chéad chuid eile).

Tá obair an Ombudsman rialaithe ag Airteagal 228 den CFAE, i dteannta Reacht an Ombudsman[1] agus na bhforálacha feidhmiúcháin ar ghlac an tOmbudsman leo faoi Airteagal 14 den Reacht[2]. Tá Reacht an Ombudsman agus na forálacha feidhmiúcháin le fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman (http://www.ombudsman.europa.eu) agus i scríbhinn ó Oifig an Ombudsman chomh maith.

## Sainordú an Ombudsman

Cuireann Airteagal 228 CFAE ar chumas an Ombudsman glacadh le gearáin maidir le drochriarachán i ngníomhaíochtaí institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, seachas Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i bhfeidhmiú a feidhmeanna breithiúnacha di.

### Institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais

Tugtar liosta de na hinstitiúidí de chuid an Aontais Eorpaigh in Airteagal 13 den Conradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Níl aon sainmhíniú ná liosta údarásach ann de chomhlachtaí, oifigí ná gníomhaireachtaí de chuid an Aontais. Cuimsíonn an téarma comhlachtaí arna mbunú ag na Conarthaí, cosúil le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, mar aon le comhlachtaí arna mbunú ag reachtaíocht faoi na Conarthaí, ar nós an Údaráis Eorpaigh Bhaincéireachta. Chuir Conradh Liospóin drochriarachán féideartha i gcreat an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála, lena n-áirítear an Comhbheartas Slándála agus Cosanta, le sainordú an Ombudsman.

Ní áirítear gearáin in aghaidh údaráis phoiblí na mBallstát le sainordú an Ombudsman Eorpaigh, fiú amháin má bhaineann siad le cúrsaí a thagann laistigh de raon feidhme dhlí an AE. Cuimsítear a lán gearán den chineál seo i sainordú na n-ombudsman náisiúnta agus réigiúnach atá ina mbaill de Líonra Eorpach na nOmbudsman (féach cuid 1.7 thíos).

Ní áirítear gearáin in aghaidh údaráis phoiblí na mBallstát le sainordú an Ombudsman Eorpaigh, fiú amháin má bhaineann siad le cúrsaí a thagann laistigh de raon feidhme dhlí an AE.

1. I Meitheamh 2008, ghlac Parlaimint na hEorpa le cinneadh a rinneadh Reacht an Ombudsman a athchóiriú, le héifeacht as 31 Iúil 2008 amach (Cinneadh de Pharlaimint na hEorpa 2008/587 an 18 Meitheamh 2008, ag leasú Chinneadh 94/262 maidir leis na rialacháin agus coinníollacha ginearálta a rialaíonn feidhmiú dhualgais an Ombudsman; IO 2008 L 189, lch. 25).

2. Ar 3 Nollaig 2008, leasaigh an tOmbudsman a fhorálacha feidhmiúcháin ionas go gcomhfhreagróidís do na hathruithe a rinneadh ar a Reacht agus chun aird a thabhairt ar thaithí a fuarthas ó 2004 i leith, an uair dheireanach a athraíodh na forálacha. Tháinig na forálacha forfheidhmithe nua i bhfeidhm ar 1 Eanáir 2009.

## Drochriarachán

Tar éis do Pharlaimint na hEorpa sainmhíniú soiléir a lorg ar dhrochriarachán, chuir an tOmbudsman an sainmhíniú seo a leanas ar fáil, rud ar chuir an Pharlaimint fáilte roimhe i réiteach ar ghlac an Coimisiún leis chomh maith:

"Bíonn drochriarachán ann nuair nach ngníomhaíonn comhlacht poiblí de réir rialach nó prionsabail atá ceangailteach ina leith."

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, nach ndéanann an sainmhíniú thuasluaite drochriarachán a theorannú do chásanna ina bhfuil an riail nó an prionsabal a sháraítear ina cheangal 'dlí'. Téann prionsabail an dea-riaracháin níos faide ná an dlí, mar ní amháin go gceanglaítear ar institiúidí AE a ndualgais dhlíthiúla a chomhlíonadh, ach ceanglaítear orthu a n-aird a dhíriú ar sheirbhís agus a áirithiú go gcaitear mar is ceart leis an bpobal, agus go mbaineann siad tairbhe iomlán as a gcearta. Dá réir sin, cé go dtugann neamhdhleathacht in ábhair atá laistigh de shainordú an Ombudsman le fios go bhfuil drochriarachán ann chomh maith, ní hionann é sin is a rá go mbíonn neamhdhleathacht i gceist le drochriarachán i gcónaí. Mar sin, fiú nuair a chinneann an tOmbudsman go bhfuil drochriarachán i gceist, ní gá go dtugann sé sin le fios go bhfuil iompar neamhdhleathach i gceist a bhféadfadh cúirt smachtbhannaí a fhorchur ina leith[3].

> Shainigh an tOmbudsman 'drochriarachán' ar bhealach a éilíonn meas ar riail an dlí, ar phrionsabail dea-riaracháin agus ar chearta bunúsacha.

Shainigh an tOmbudsman 'drochriarachán' ar bhealach a éilíonn meas ar riail an dlí, ar phrionsabail dea-riaracháin agus ar chearta bunúsacha. Cuimsíonn an Chairt um Chearta Bunúsacha an ceart chun dea-riaracháin mar cheart bunúsach de shaoránacht an Aontais (Airteagal 41).

Ar 6 Meán Fómhair 2001, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa an Cód Eorpach um Dhea-Iompar Riaracháin, rud a gcaithfidh meas a bheith ag institiúidí de chuid an AE, a gcórais riaracháin agus a n-oifigigh air agus iad ag déileáil leis an bpobal. Cuirtear san áireamh sa Chód prionsabail dhlí riaracháin na hEorpa atá le fáil i gcásdlí chúirteanna na hEorpa agus bhí sé spreagtha ag dlíthe náisiúnta. Foilseoidh an tOmbudsman eagrán nua den Chód ag tús 2013.

Tá teorainneacha le coincheap an drochriaracháin, áfach. Mar shampla, measann an tOmbudsman i gcónaí nach n-eascraíonn cásanna féideartha drochriaracháin as obair pholaitiúil Pharlaimint na hEorpa. Mar sin, ní áirítear gearáin i gcoinne cinntí de choistí de chuid na Parlaiminte, cosúil leis an gCoiste maidir le hAchainíocha, le sainordú an Ombudsman.

3. Féach, sa chomhthéacs seo, breithiúnais na Cúirte Ginearálta an 28 Deireadh Fómhair 2004 i gcomhchásanna T-219/02 agus T-337/02, *Herrera v an Coimisiún*, [2004] ECR-SC I-A-319 agus II-1407 alt 101, agus an 4 Deireadh Fómhair 2006 i gcás T-193/04 R, *Hans-Martin Tillack v an Coimisiún*, [2006] ECR II-3995 alt 128.

## Inghlacthacht agus cúiseanna na bhfiosrúchán

Sula bhféadann an tOmbudsman fiosrúchán a oscailt, caithfidh gearán critéir inghlacthachta bhreise a chomhlíonadh. Sonraíonn na critéir seo, atá leagtha amach in airteagail bhainteacha den Reacht, na nithe seo a leanas:

**1.** Caithfidh údar agus cuspóir an ghearáin a bheith aitheanta (Airteagal 2(3)).

**2.** Ní fhéadfaidh an tOmbudsman crioscaíl a dhéanamh le cásanna a bhíonn os comhair na gcúirteanna ná amhras a chaitheamh ar stuaim rialaithe a dhéanfaidh an chúirt (Airteagal 1(3)).

**3.** Caithfidh an gearán a bheith déanta laistigh de dhá bhliain ón dáta a dtugann an gearánach na fíricí ar a bhfuil sé bunaithe faoi deara (Airteagal 2(4)).

**4.** Caithfidh an cur chuige riaracháin cuí i leith na hinstitiúide agus an chomhlachta i dtrácht a bheith déanta roimh dhéanamh an ghearáin (Airteagal 2(4)).

**5.** I gcás gearán a bhaineann le caidreamh oibre idir na hinstitiúidí agus comhlachtaí, agus a gcuid oifigeach agus seirbhíseach, caithfear iarracht a dhéanamh úsáid a bhaint as na féidearthachtaí uile a bhaineann le hiarratais agus gearáin inmheánacha riaracháin a chur isteach roimh ghearán a dhéanamh (Airteagal 2(8)).

Déantar foráil in Airteagal 228 den CFAE "go ndéanfaidh an tOmbudsman fiosrúcháin a bhfuil forais faighte aige ina leith".

Déantar foráil in Airteagal 228 den CFAE "go ndéanfaidh an tOmbudsman fiosrúcháin a bhfuil forais faighte aige ina leith". I rith 2011, chinn an tOmbudsman gur ceart cásanna ina dtugann sé an deis don ghearánach faisnéis bhreise, cáipéisí tacaíochta, nó tuilleadh argóintí a chur ar fáil chun tacú lena chás, a áireamh mar fhiosrúcháin (fiosrúcháin shoiléirithe). I gcásanna ina measann an tOmbudsman go bhfuil an fhaisnéis a chuireann an gearánach ar fáil neamhleor nó nach gcuireann sé an cás ina luí air, féadann sé an fiosrúchán a dhúnadh le cinneadh "drochriarachán ar bith" nó "níl aon údar le tuilleadh fiosrúchán", de réir mar is iomchuí. I gcásanna ina dtugann an fhaisnéis nó an soiléiriú a chuireann an gearánach ar fáil údar le hiarraidh ar an institiúid tuairim a chur faoi bhráid, áfach, déanann an tOmbudsman amhlaidh.

De thoradh ar an athrú seo ar aicmiú, laghdaíodh an céatadán de na cásanna inghlactha a dhún an tOmbudsman mar "gan foras le fiosrúchán a oscailt" ó 40% i 2010 agus 24% i 2011, go dtí 12% i 2012. Bhí baint ag an gcuid ba mhó de na cásanna "gan foras le fiosrúchán a oscailt" seo le cásanna a raibh comhlacht eile ag déanamh plé leo cheana nó le cásanna nár chuir an gearánach an fhianaise dhoiciméadach ar fáil iontu a bhí ag teastáil chun tacú lena ghearán. Is fiú a thabhairt faoi deara ag an am céanna gur mhéadaigh líon na bhfiosrúchán a bhí curtha ar bun ag an Ombudsman ó 396 i 2011 go dtí 465 i 2012.

## Gearáin agus fiosrúcháin fhéintionscanta

Tugann Airteagal 228 de CFAE an chumhacht don Ombudsman glacadh le gearáin ó aon saoránach den Aontas nó ó aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil cónaí air nó a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát de chuid an Aontais. Tá sé de chumhacht ag an Ombudsman fiosrúcháin a oscailt ar a thionscnamh féin freisin. Trí leas a bhaint as an gcumhacht fhéintionscanta, féadann an tOmbudsman imscrúdú

a dhéanamh ar chás féideartha drochriaracháin arna chur ar a aire ag duine nach bhfuil i dteideal gearán a dhéanamh. Is é an nós atá aige sna cásanna seo ná na deiseanna nós imeachta céanna a thabhairt don duine i rith an fhiosrúcháin amhail is dá mbeadh sé ag déileáil leis an gcás mar ghearán. D'oscail an tOmbudsman dhá fhiosrúchán fhéintionscanta dá leithéid i 2012.

Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag na Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (Frontex). Bhí comhairliúchán poiblí ina chuid den chás deireanach chomh maith.

Cuireadh ocht bhfiosrúchán fhéintionscanta ar bun i 2012 i dtaca le clár cuairteanna an Ombudsman ar gníomhaireachtaí de chuid an

> Féadann an tOmbudsman a chumhacht chun fiosrúchán a dhéanamh ar a thionscnamh féin a úsáid chun dul i ngleic le fadhbanna córasacha dealraitheacha sna hinstitiúidí freisin. Rinne sé é seo cúig huaire i 2012.

Féadann an tOmbudsman a chumhacht chun fiosrúchán a dhéanamh ar a thionscnamh féin a úsáid chun dul i ngleic le fadhbanna córasacha dealraitheacha sna hinstitiúidí freisin. Rinne sé é seo cúig huaire i 2012. Bhain na cásanna **OI/1/2012/MHZ** agus **OI/6/2012/MHZ** leis an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO). Bhain an chéad cheann acu leis an gcéim i gcomórtais oscailte ar a ndéanann Boird Roghnúcháin cáipéisí tacaíochta na n-iarrthóirí a dheimhniú, agus bhain an dara ceann leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil i ngairmeacha ar léiriú spéise maidir leis na réitigh a bhféadann iarrthóirí leas a bhaint astu. Mar an gcéanna, bhain cás **OI/3/2012/CK** leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil d'iarrthóirí maidir leis na torthaí ar nósanna imeachta roghnúcháin a eagraíonn an Ghníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Líonra agus Faisnéise (ENISA). Bhain cás **OI/2/2012/VL** leis an gcaoi nár cuireadh Cumarsáid an Choimisiúin 2002 maidir leis an gcaidreamh leis an ngearánach i leith sháruithe dhlí an Chomhphobail ar fáil i ngach teanga oifigiúil de chuid an AE. Ar deireadh, bhain **OI/5/2012/BEH-MHZ** le cur i bhfeidhm dualgas i dtaca le cearta bunúsacha ag an nGníomhaireacht Eorpach chun

AE.[4] Bhain siad seo leis an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop), an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound), an tAonad Eorpach um Chomhar Breithiúnach (Eurojust), an Oifig Eorpach Póilíní (Europol), an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS), an Ghníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Líonra agus Faisnéise (ENISA), an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA), agus an Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag na Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (Frontex). Bhí sé mar aidhm ag na cuairteanna seo dea-riarachán a chur chun cinn agus dea-chleachtas a chomhroinnt. Tá faisnéis chuimsitheach i leith na bhfiosrúchán seo le fáil ag: http://www.ombudsman.europa.eu/activities/visits.faces

## Nósanna imeachta an Ombudsman

### Nósanna imeachta scríofa agus simplithe le haghaidh fiosrúchán

Cláraítear agus eisítear admháil i ndáil leis na gearáin ar fad a sheoltar chuig an Ombudsman, laistigh de sheachtain go

4. Tugtar míniú iomlán ar an nós imeachta a bhí mar bhonn agus thaca ag na cuairteanna seo i *dTuarascáil Bhliantúil 2011*.

hiondúil. Úsáidtear an admháil chun an gearánach a chur ar an eolas faoin nós imeachta a leanfar agus áirítear léi uimhir thagartha, mar aon le hainm agus uimhir theagmhála an duine atá ag déileáil leis an ngearán. Cuimsítear inti chomh maith faisnéis faoi chosaint shonraí pearsanta an ghearánaigh.

Scrúdaítear gach aon gearán ansin chun a mheas cé acu an bhfuil sé laistigh de shainordú an Ombudsman nó nach bhfuil. D'fhonn gearánaigh a chur ar an eolas chomh sciobtha agus is féidir nuair nach féidir leis plé a dhéanamh le gearán, rinne an tOmbudsman cinneadh i 2011 go ndéanfaí an bealach a dhéantar plé le gearáin atá lasmuigh dá shainordú a athchóiriú chun éifeachta. Anois, déanann Clárlann na hoifige plé leis na gearáin seo; míníonn siad do na gearánaigh an fháth nach bhfuil gearán ar leith laistigh den sainordú agus, nuair is féidir, aistríonn siad chuig comhlacht inniúil é, nó tugann siad comhairle don ghearánach faoi na roghanna eile atá ar fáil dó. Féadann gearánaigh iarratas réasúnaithe a dhéanamh ar an Ombudsman athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh go raibh gearán lasmuigh dá shainordú.

Bhí an nós imeachta nua seo i leith plé a dhéanamh lena leithéid de chásanna ina chúis le laghdú ar an méid ama a bhíonn ag teastáil chun freagra a thabhairt do ghearánaigh i gcásanna nach bhfuil laistigh de shainordú an Ombudsman.

Bhí an nós imeachta nua seo i leith plé a dhéanamh lena leithéid de chásanna ina chúis le laghdú ar an méid ama a bhíonn ag teastáil chun freagra a thabhairt do ghearánaigh i gcásanna nach bhfuil laistigh de shainordú an Ombudsman.

Má tá an gearán laistigh den sainordú, scrúdaíonn an tOmbudsman cé acu an gcomhlíonann sé na coinníollacha inghlacthachta bainteacha nó nach gcomhlíonann. Cinneann sé ansin, laistigh d'aon mhí amháin de ghnáth, cé acu an gcuirfear tús le fiosrúchán nó nach gcuirfear. Mura gcuirtear tús le fiosrúchán, cuirtear an chúis leis sin in iúl don ghearánach.

Má chinneann an tOmbudsman go bhfuil gá le fiosrúchán, bíonn roinnt roghanna éagsúla aige:

- Má theastaíonn ón Ombudsman tuilleadh faisnéise a fháil ón ngearánach, féadann sé deis a thabhairt don ghearánach sin soiléiriú a chur faoina bhráid. Ag brath ar an soiléiriú sin, féadann an tOmbudsman cinneadh a dhéanamh an cás a dhúnadh, nó má chinneann sé gur cheart don institiúid atá i gceist a sheasamh a mhíniú, féadann sé iarraidh ar an institiúid sin tuairim a chur faoina bhráid.
- Féadann an tOmbudsman cinneadh a dhéanamh iniúchadh a dhéanamh ar na cáipéisí i gcomhad na hinstitiúide (féach thíos) chun a mheas cé acu an gá dó iarraidh ar an institiúid sin tuairim a chur faoina bhráid.
- Mar rogha eile ar fhiosrúchán scríofa a oscailt i ndáil le drochriarachán féideartha, agus d'fhonn an fhadhb bhainteach a réiteach go gasta, féadann an tOmbudsman teagmháil a dhéanamh leis an institiúid go neamhfhoirmiúil i dtreo réiteach a fháil ar an bhfadhb. Is minic a úsáidtear an rogha seo i gcásanna

ina mbaineann an gearán le loiceadh na hinstitiúide freagra a thabhairt nó le loiceadh na hinstitiúide freagra iomchuí a thabhairt. I rith 2012, socraíodh 53 cás nuair a d'éirigh le hidirghabháil an Ombudsman freagra gasta a fháil ar chomhfhreagras nár freagraíodh nó nár freagraíodh go sásúil.[5]

I rith fiosrúcháin, cuireann an tOmbudsman an gearánach ar an eolas faoi gach beart nua a dhéanann sé. Nuair a chinneann an tOmbudsman fiosrúchán a dhúnadh, cuireann sé torthaí an fhiosrúcháin agus a chinntí in iúl don ghearánach. Níl cinntí an Ombudsman ina gceangal dlí agus ní chruthaíonn siad cearta ná oibleagáidí atá infhorghníomhaithe le dlí don ghearánach ná don institiúid i gceist.

**Iniúchadh a dhéanamh ar chomhaid agus éisteacht le finnéithe**

De réir Airteagal 3(2) de Reacht an Ombudsman, ceanglaítear ar institiúidí de chuid an AE aon fhaisnéis a éilíonn an tOmbudsman orthu a thabhairt dó, mar aon le rochtain ar na comhaid i gceist. Cuireann cumhacht an Ombudsman chun iniúchadh a dhéanamh ar chomhaid ar a chumas fíorú a dhéanamh ar iomláine agus ar chruinneas na faisnéise a chuir an institiúid de chuid an AE atá i gceist ar fáil. Dá réir sin, is ráthaíocht tábhachtach don ghearánach agus don phobal é cumas an Ombudsman chun imscrúdú críochnúil agus iomlán a dhéanamh. Baineadh úsáid as cumhacht an Ombudsman chun iniúchadh a dhéanamh ar chomhaid na hinstitiúide i 36 cás le linn 2012, i gcomparáid le 38 cás i gcaitheamh 2011.

> I rith fiosrúcháin, cuireann an tOmbudsman an gearánach ar an eolas faoi gach beart nua a dhéanann sé.

Éilíonn Airteagal 3(2) den Reacht ar oifigigh agus ar sheirbhísigh eile d'institiúidí de chuid an AE fianaise a thabhairt arna iarraidh sin ag an Ombudsman, cé go bhfuil siad fós faoi cheangal na rialacha bainteacha de na Rialacháin Foirne, dualgas na rúndachta gairmiúla go háirithe. Níor úsáid an tOmbudsman a chumhacht chun éisteacht le finnéithe i 2012.

Shoiléirigh agus neartaigh an leasú ar an Reacht i 2008 ceanglas an Ombudsman i leith rúndacht cáipéisí agus faisnéise a choinneáil. Déanann an Reacht leasaithe foráil go mbeidh rochtain an Ombudsman ar fhaisnéis nó ar cháipéisí rúnda, go háirithe ar cháipéisí leochaileacha laistigh de bhrí Airteagal 9 de Rialachán 1049/2001[6], faoi réir chomhlíonadh rialacha slándála na hinstitiúide de chuid an AE a bheidh i gceist. Cuirfidh na hinstitiúidí a sholáthróidh faisnéis nó cáipéisí rúnda den sórt sin an tOmbudsman ar an eolas faoin rangú sin. Lena chois sin, déanfaidh an tOmbudsman a chomhaontú leis an institiúid i dtrácht roimh ré na coinníollacha a mbeidh feidhm acu ar láimhseáil faisnéise nó cáipéisí rúnda agus ar láimhseáil faisnéise breise a bheidh faoi réir dhualgas na rúndachta gairmiúla.

5. Mar a míníodh i *dTuarascáil Bhliantúil 2011*, athraíodh nós imeachta an Ombudsman ina leith seo i 2011 d'fhonn deis a thabhairt do ghearánaigh tuairimí a chur faoi bhráid faoi fhreagra na hinstitiúide. Is iad príomhimpleachtaí an athraithe seo ó thaobh na staitisticí de ná go ndúnann an tOmbudsman níos lú cásanna arna socrú ag an institiúid, ach dúnann sé níos mó cásanna le cinneadh "drochriarachán ar bith" nó "níl aon údar le fiosrúcháin bhreise".

6. Rialachán (CE) 1049/2001 de chuid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 30 Bealtaine 2001 faoi chead rochtana poiblí ar cháipéisí de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin; IO 2001 L 145, lch. 43.

## 1.2 Forbhreathnú ar na gearáin a scrúdaíodh i 2012

Chláraigh[7] an tOmbudsman 2 442 gearán i gcaitheamh 2012, i gcomparáid le 2 510 i gcaitheamh 2011. As na 2 460 gearán a próiseáladh[8], bhí 30% (740 gearán) díobh laistigh de shainordú an Ombudsman Eorpaigh.

Cuireadh isteach céatadán ní ba mhó ná 67% de na gearáin ar fad a fuair Ombudsman le linn 2012 trí mheán an Idirlín.

Cuireadh isteach céatadán ní ba mhó ná 67% de na gearáin ar fad a fuair Ombudsman le linn 2012 trí mheán an Idirlín. Bhí cuid mhaith díobh seo (56%) faighte tríd an bhfoirm ghearáin leictreonach atá le fáil ar shuíomh Idirlín an Ombudsman i ngach teanga de 23 teanga oifigiúla an AE. I 2012, fuair agus d'fhreagair an tOmbudsman líon ní ba mhó ná 1 200 iarratas ar fhaisnéis. Cé gur tríd an ríomhphost a tháinig an chuid is mó den chomhfhreagras, fuarthas agus freagraíodh 128 iarratas tríd an ngnáthphost agus tríd an facs chomh maith. Léiríonn an laghdú marthanach ar líon na n-iarratas ar fhaisnéis a fuarthas le roinnt blianta anuas (1 200 i 2011, 1 000 i 2010, 1 850 i 2009, 4 300 i 2008, agus 4 100 i 2007) an rath a bhí ar threoir idirghníomhach an Ombudsman, rud a cuireadh ar fáil ar a shuíomh Idirlín ag tús Eanáir 2009. Cuireann sí ar chumas daoine faisnéis a fháil gan gá le hiarratas a chur isteach. San iomlán, rinne an tOmbudsman plé le líon ní ba mhó ná 3 600 gearán agus iarratas ar fhaisnéis i gcaitheamh 2012.

Chuir an tOmbudsman Eorpach tús le 450 fiosrúchán de thoradh ar ghearáin a fuarthas, agus chuir sé tús le 15 fhiosrúchán bhreise ar a thionscnamh féin. Is féidir é seo a chur i gcomparáid le 382 agus 14 faoi seach i 2011.

Léiríonn an laghdú marthanach ar líon na n-iarratas ar fhaisnéis a fuarthas le roinnt blianta anuas an rath a bhí ar threoir idirghníomhach an Ombudsman, rud a cuireadh ar fáil ar a shuíomh Idirlín ag tús Eanáir 2009.

| Tábla 1.1: Cásanna ar déileáladh leo i rith 2012 | |
|---|---|
| Gearáin a cláraíodh i 2012 | 2 442 |
| Gearáin a próiseáladh i 2012 | 2 460 |
| Gearáin laistigh d'inniúlacht baill de Líonra Eorpach na nOmbudsman | 1 467 |
| Gearáin laistigh de shainordú an Ombudsman Eorpaigh<br>astu sin: | 740<br>228 doghlactha<br>62 inghlactha ach gan foras le fiosrúchán a oscailt<br>450 fiosrúchán oscailte ar bhonn gearán |
| Fiosrúcháin a osclaíodh ar a thionscnamh féin | 15 |
| Fiosrúcháin a dúnadh<br><br>astu sin: | 390 (10 bhfiosrúchán fhéintionscanta san áireamh)<br>206 ó 2012<br>113 ó 2011<br>71 ó bhlianta roimhe sin |


7. Tagraíonn an chatagóir seo le gearáin a "cláraíodh" le linn bliain féilire áirithe, seachas gearáin a "fuarthas" le linn na tréimhse céanna ach a cláraíodh an bhliain dar gcionn.

8. Ciallaíonn an chatagóir staitistice "próiseáilte" gur thug an tOmbudsman a anailís chun críche chun a fhionnadh cé acu an raibh an gearán (i) laistigh dá shainordú nó nach raibh, (ii) ar chomhlíon sé na critéir inghlacthachta nó nár chomhlíon, agus (iii) an raibh foras ann le fiosrúchán a oscailt nó nach raibh, agus gur chuir sé an gearánach ar an eolas faoi dá réir sin. Mar gheall ar an méid ama a thógann sé chun an anailís seo a thabhairt chun críche, bíonn líon na ngearán "próiseáilte" le linn aon bhliana ar leith éagsúil ó líon na ngearán "cláraithe" le linn na bliana céanna. Áirítear i líon na ngearán a próiseáladh le linn aon bhliana ar leith na gearáin a cláraíodh ag deireadh na bliana roimhe agus a próiseáladh ag tús na bliana i gceist. Ní áirítear san fhigiúr líon na ngearán a cláraíodh ag deireadh na bliana i gceist agus a próiseáladh ag tús na bliana dá éis.


Mar a léirítear i bhFíor 1.1[9], tháinig borradh suntasach faoi líon na ngearán a bhí laistigh de shainordú an Ombudsman idir 2003 agus 2004, bhí 830 ar an meán idir 2005 agus 2008, agus d'fhan sé ar thart ar 730 ar an meán ó 2009 i leith.

Mar a léirítear i bhFíor 1.2[10], laghdaíodh líon na ngearán a fuarthas a bhí lasmuigh de shainordú an Ombudsman go dtí 1 720 i 2012, an figiúr ab ísle a taifeadadh ó 2002. Tá an tOmbudsman fós ag iarraidh líon na ngearán atá lasmuigh dá shainordú a laghdú tuilleadh. Déanann sé an céanna trí fhaisnéis shoiléir a chur ar fáil faoinar féidir leis a dhéanamh agus nach féidir leis a dhéanamh, agus trí chúnamh a thabhairt do ghearánaigh chun an seoladh ceart a fháil ar an gcéad dul síos.

**Fíor 1.1: Líon na ngearán laistigh den sainordú 2003-2012**




**Fíor 1.2: Líon na ngearán lasmuigh den sainordú 2003-2012**




9. I 2005, bhain 335 gearán a bhí laistigh de shainordú an Ombudsman leis an gceist chéanna. D'fhonn comparáid níos cruinne a éascú idir na blianta, níor cuireadh ach 11 cheann de na gearáin seo san áireamh i bhFíor 1.1.

10. I 2006, bhain 281 gearán a bhí lasmuigh de shainordú an Ombudsman leis an gceist chéanna. D'fhonn comparáid níos cruinne a éascú idir na blianta, níor cuireadh ach 11 cheann de na gearáin seo san áireamh i bhFíor 1.2.

## Gearáin agus fiosrúcháin

I dTábla 1.2, tugtar forbhreathnú ar thíortha tionscnaimh na ngearán a cláraíodh i 2012. Go tradisiúnta, is ón nGearmáin, an tír ag a bhfuil an daonra is mó san AE, a thagann an líon is airde gearán, agus is ón Spáinn a thagann an dara líon is mó. Bhí athrú ar an treocht seo i 2011, áfach, nuair a tháinig ní ba mhó gearán isteach ón Spáinn agus choinnigh sí an áit seo ar bharr an liosta i 2012 chomh maith. Díreach cosúil le 2011, tháinig an Ghearmáin, an Pholainn agus an Bheilg ina diaidh ar an liosta. I gcoibhneas le méid a ndaonraí, tháinig an líon ba mhó gearán isteach ó Lucsamburg, ón gCipir, ó Mhálta, ón mBeilg agus ón tSlóivéin arís.

I 2012, chuir 17 mBallstát ní ba mhó gearán isteach ná mar a bheifí ag súil leis bunaithe ar mhéid a ndaonraí, chuir naoi dtír ní ba lú gearán isteach ná mar a bheifí ag súil leis, agus chuir aon tír amháin (an Eastóin) líon gearán isteach a léirigh méid a daonra.

**Tábla 1.2: Tír thionscnaimh na ngearán cláraithe i 2012**

| Tír | Líon na ngearán | % de na gearáin | % de dhaonra an AE | Cóimheas |
|---|---|---|---|---|
| Lucsamburg | 39 | 1,6 | 0,1 | 16,0 |
| An Chipir | 30 | 1,2 | 0,2 | 6,1 |
| Málta | 14 | 0,6 | 0,1 | 5,7 |
| An Bheilg | 182 | 7,5 | 2,1 | 3,5 |
| An tSlóivéin | 31 | 1,3 | 0,4 | 3,2 |
| Éire | 50 | 2,0 | 0,9 | 2,3 |
| An Bhulgáir | 66 | 2,7 | 1,6 | 1,7 |
| An Ungáir | 76 | 3,1 | 2,0 | 1,6 |
| An Spáinn | 340 | 13,9 | 9,0 | 1,5 |
| An Phortaingéil | 77 | 3,2 | 2,1 | 1,5 |
| An Liotuáin | 23 | 0,9 | 0,7 | 1,3 |
| An Ghréig | 74 | 3,0 | 2,3 | 1,3 |
| An Laitvia | 16 | 0,7 | 0,5 | 1,3 |
| An tSlóvaic | 34 | 1,4 | 1,1 | 1,3 |
| An Danmhairg | 34 | 1,4 | 1,1 | 1,3 |
| An Pholainn | 235 | 9,6 | 7,7 | 1,2 |
| An Ostair | 45 | 1,8 | 1,7 | 1,1 |
| An Eastóin | 7 | 0,3 | 0,3 | 1,0 |
| An Fhionlainn | 25 | 1,0 | 1,1 | 0,9 |
| An tSualainn | 38 | 1,6 | 1,8 | 0,9 |
| Poblacht na Seice | 42 | 1,7 | 2,1 | 0,8 |
| An Ghearmáin | 273 | 11,2 | 16,6 | 0,7 |
| An Ísiltír | 51 | 2,1 | 3,3 | 0,6 |
| An Rómáin | 58 | 2,4 | 4,4 | 0,5 |
| An Ríocht Aontaithe | 162 | 6,6 | 12,3 | 0,5 |
| An Fhrainc | 138 | 5,7 | 12,8 | 0,4 |
| An Iodáil | 118 | 4,8 | 11,9 | 0,4 |
| Tíortha eile | 138 | 5,7 | | |
| Ní fios | 26 | 1,1 | | |

Tabhair faoi deara: Léiríonn an cóimheas an céatadán de na fiosrúcháin ar cuireadh tús leo arna roinnt ar chéatadán den dhaonra. Tá an cóimheas níos mó ná 1 i gcásanna inar chuir tír ní ba mhó gearán faoi bhráid an Ombudsman ná mar a bheifí ag súil leis bunaithe ar mhéid a daonra. Slánaíodh na céatadáin sa tábla thuas go dtí aon ionad de dheachúlacha.

Tá an leárscáil thíos bunaithe ar líon na ngearán a fuair an tOmbudsman ó gach Ballstát i gcoibhneas le méid a dhaonra (féach an nóta a ghabhann le Tábla 1.2 thuas maidir leis an gcaoi a ríomhtar an cóimheas).




# Gearáin agus fiosrúcháin

Féadann gearánach gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman in aon teanga oifigiúil de chuid an AE[11]. Mar a léirítear i bhFíor 1.3, i 2012 roghnaigh formhór na ngearánach a ngearáin a chur faoi bhráid an Ombudsman i mBéarla, agus ansin i nGearmáinis agus i Spáinnis.


Mar a léirítear i bhFíor 1.4, bhí an tOmbudsman in ann cabhrú leis an ngearánach i mbeagnach 75% de na cásanna trí thús a chur le fiosrúchán (18,3% de na cásanna), tríd an gcás a aistriú chuig comhlacht inniúil, nó trí chomhairle a thabhairt don ghearánach faoi na roghanna éagsúla a bhí ar fáil dó (57,1%). Déantar plé i gCuid 1.7 den Tuarascáil seo leis na cásanna a d'aistrigh an tOmbudsman, nó inar thug sé comhairle don ghearánach faoi na roghanna éagsúla a bhí ar fáil dó. I 24,6% de na cásanna a ndearnadh an tOmbudsman plé leo i 2012, chinn sé nárbh fhéidir leis tuilleadh comhairle a thabhairt agus chuir sé an gearánach ar an eolas dá réir sin. I roinnt cásanna, tharla sé sin toisc nár aithin an gearánach an duine nó an rud ar mhian leis gearán a dhéanamh faoi.

**Fíor 1.3: Dáileadh na ngearán ó thaobh na teanga de**




11. Béarla, Bulgáiris, Danmhairgis, Eastóinis, Fionlainnis, Fraincis, Gaeilge, Gearmáinis, Gréigis, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Ollainnis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Seicis, Slóivéinis, Slóvaicis, Spáinnis, Sualainnis, agus Ungáiris. De thoradh ar chomhaontú a shínigh an tOmbudsman Eorpach agus rialtas na Spáinne i Samhain 2006, féadann saoránaigh gearáin a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach in aon cheann de theangacha comhoifigiúla na Spáinne (Catalóinis/Vaileinsis, Gailísis agus Bascais) chomh maith. Tríd an gcomhaontú seo a shíniú, d'ailínigh an tOmbudsman a chuid cleachtais le conclúidí Chomhairle an AE ó Mheitheamh 2005 a rinne foráil d'úsáid na dteangacha seo chun cumarsáid shaoránaigh na Spáinne le hinstitiúidí an AE a éascú.

**Fíor 1.4: Beart a rinneadh i ndáil le gearáin a fuarthas**




Osclaíodh fiosrúchán
**450**

Tugadh comhairle nó aistríodh an cás
**1 404**

Seoladh freagra chun cur in iúl don ghearánach nár féadadh tuilleadh comhairle a thabhairt
**606**


Tabhair faoi deara: Cuimsíonn na figiúirí sa tábla thuas 95 gearán a cláraíodh i dtreo dheireadh 2011 agus a próiseáladh i 2012. Ní áirítear leo 18 ngearán ar cláraíodh ag deireadh 2012 agus a bhí na bearta a dhéanfaí ina leith fós á meas ag deireadh na bliana.

## 1.3 Anailís ar na fiosrúcháin a osclaíodh[12]

Mar a cuireadh in iúl cheana, d'athraigh an tOmbusman a nósanna imeachta simplithe in imeacht 2011 d'fhonn iad a dhéanamh ní ba shaoráidí do shaoránaigh.

Rinneadh anailís bhreise ar na gearáin uile a bhí laistigh de shainordú an Ombudsman chun a dheimhniú go raibh siad inghlactha. As na 740 gearán a bhí laistigh den sainordú, cinneadh nach raibh 228 inghlactha, agus i gcás 62 cás sa bhreis a bhí inghlactha, chinn an tOmbudsman nach raibh aon fhoras ann le fiosrúchán a oscailt.


**Fíor 1.5: Gearáin laistigh de shainordú an Ombudsman Eorpaigh**




D'oscail an tOmbudsman 450 fiosrúchán ar an iomlán i rith na bliana arna mbunú ar ghearáin a fuarthas. Is ionann é sin agus méadú de 18% ar líon na bhfiosrúchán a osclaíodh i gcomparáid le 2011. Chuir an tOmbudsman tús le 15 fhiosrúchán ar a thionscnamh féin freisin.

Mar a léirítear i bhFíor 1.6, ba é an líon fiosrúchán a d'oscail an tOmbudsman i 2012 an líon ab airde riamh, ag sárú an lín i 2011 (396) agus i 2004 (351).

**Fíor 1.6: Teacht chun cinn ar líon na bhfiosrúchán**





12. Tá an anailís sa chuid seo bunaithe ar líon na bhfiosrúchán a osclaíodh i 2012, seachas ar líon na bhfiosrúchán a ndearnadh plé leo le linn na bliana.

Bhain formhór na bhfiosrúchán a d'oscail an tOmbudsman i 2012 leis an gCoimisiún Eorpach (arna bhunú ar 245 fiosrúchán nó 52,7%). B'ionann an figiúr inchomparáide i 2011 agus 231. Os rud é gurb é an Coimisiún an phríomhinstitiúid san AE a dhéanann cinntí a mbíonn tionchar díreach acu ar shaoránaigh, luíonn sé le réasún go mbainfeadh formhór na ngearán a dhéanann saoránaigh leis. Bhí an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) sa dara háit le 78 gearán (42 i 2011). Bhí méadú de 50% ar líon na bhfiosrúchán a d'oscail an tOmbudsman i dtaca le Parlaimint na hEorpa i gcomparáid le 2011. D'oscail sé 14 fhiosrúchán maidir leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus seacht bhfiosrúchán i ndáil leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI). Bhain 97 fiosrúchán sa bhreis le 22 institiúid, comhlacht, oifig agus gníomhaireacht eile de chuid an AE[13].

> Bhain formhór na bhfiosrúchán a d'oscail an tOmbudsman i 2012 leis an gCoimisiún Eorpach.

**Fíor 1.7: Institiúidí agus comhlachtaí ar bhain fiosrúchán leo**





13. Frontex (5), an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (5), an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Taighde (5), an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (5), an Ghníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Líonra agus Faisnéise (5), an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (4), an Oifig um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Inmheánach (4), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (3), an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir (3), an tÚdarás Eorpach Baincéireachta (3), Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (2), an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (2), an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Iomaíochas agus Nuálaíocht (2), an tÚdarás Eorpach Urrús agus Margaí (2), an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (1), Fuinneamh Comhleá (1), an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (1), Comhlacht na Rialtóirí Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (1), Institiúid an Aontais Eorpaigh um Staidéar Slándála (1), Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (1), an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (1), agus an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (1).

## Gearáin agus fiosrúcháin

Bhain na príomhchineálacha drochriaracháin líomhnaithe a d'imscrúdaigh an tOmbudsman i 2012 le dlíthiúlacht (27,7% de na fiosrúcháin), mar aon le hiarratais ar fhaisnéis (12,5%), cothroime (10,3%), agus teorainn ama réasúnta le cinntí a dhéanamh (8%).

**Fíor 1.8: Drochriarachán líomhnaithe i ndáil le:**




Tabhair faoi deara: I roinnt cásanna, rinneadh scrúdú ar dhá chineál, nó ní ba mhó, de dhrochriarachán líomhnaithe san fhiosrúchán céanna. Mar sin, tá iomlán na gcéatadán thuas cothrom le céatadán níos mó ná 100%.

Tugtar i dTábla 1.3 breac-chuntas ar thíortha tionscnaimh na bhfiosrúchán a osclaíodh i 2012. Tháinig an líon ba mhó fiosrúchán ón mBeilg, agus ansin ón Iodáil, ón nGearmáin, ón Spáinn agus ón Ríocht Aontaithe. I gcoibhneas le méid a ndaonraí, tháinig an líon ba mhó gearán isteach ó Lucsamburg, ón mBeilg, ón tSlóivéin agus ó Éirinn. Tar éis comparáid a dhéanamh le Tábla 1.2 thuas, is soiléir nach bhfuil líon na ngearán a thagann ó Bhallstát i gcomhréir dhíreach le líon na bhfiosrúchán a osclaítear.

I 2012, bhí 11 Bhallstát freagrach as ní ba mhó fiosrúchán a oscailt ná mar a bheifí ag súil leis bunaithe ar mhéid a ndaonraí, bhí 14 tír freagrach as ní ba lú, agus bhí dhá thír (an Spáinn agus an Phortaingéil) freagrach as líon fiosrúchán a léirigh méid a ndaonraí.

**Tábla 1.3: Tír thionscnaimh na bhfiosrúchán a osclaíodh i 2012**


| Tír | Líon na bhfiosrúchán a osclaíodh | % de na fiosrúcháin a osclaíodh | % de dhaonra an AE | Cóimheas |
|---|---|---|---|---|
| Lucsamburg | 23 | 5,1 | 0,1 | 51,1 |
| An Bheilg | 103 | 22,9 | 2,1 | 10,9 |
| An tSlóivéin | 7 | 1,6 | 0,4 | 3,9 |
| Éire | 15 | 3,3 | 0,9 | 3,7 |
| An Eastóin | 4 | 0,9 | 0,3 | 3,0 |
| An Chipir | 2 | 0,4 | 0,2 | 2,2 |
| Málta | 1 | 0,2 | 0,1 | 2,2 |
| An Danmhairg | 7 | 1,6 | 1,1 | 1,4 |
| An Ghréig | 14 | 3,1 | 2,3 | 1,4 |
| An Liotuáin | 4 | 0,9 | 0,7 | 1,3 |
| An Ungáir | 11 | 2,4 | 2,0 | 1,2 |
| An Spáinn | 39 | 8,7 | 9,0 | 1,0 |
| An Phortaingéil | 9 | 2,0 | 2,1 | 1,0 |
| An Bhulgáir | 6 | 1,3 | 1,6 | 0,8 |
| An Ísiltír | 12 | 2,7 | 3,3 | 0,8 |
| An tSlóvaic | 4 | 0,9 | 1,1 | 0,8 |
| An Fhionlainn | 4 | 0,9 | 1,1 | 0,8 |
| An Iodáil | 42 | 9,3 | 11,9 | 0,8 |
| An Ostair | 5 | 1,1 | 1,7 | 0,7 |
| An tSualainn | 5 | 1,1 | 1,8 | 0,6 |
| An Ríocht Aontaithe | 34 | 7,6 | 12,3 | 0,6 |
| An Rómáin | 11 | 2,4 | 4,4 | 0,6 |
| An Ghearmáin | 39 | 8,7 | 16,6 | 0,5 |
| An Laitvia | 1 | 0,2 | 0,5 | 0,4 |
| An Fhrainc | 24 | 5,3 | 12,8 | 0,4 |
| Poblacht na Seice | 3 | 0,7 | 2,1 | 0,3 |
| An Pholainn | 9 | 2,0 | 7,7 | 0,3 |
| Tíortha eile | 12 | 2,7 | | |

Tabhair faoi deara: Tagann an figiúr cóimheasa ó chéatadán na nbhfiosrúcháin a osclaíodh a roinnt ar chéatadán an daonra. Tá sé níos mó ná 1 i gcásanna inar chuir an tír i gceist ní ba mhó gearán a bhí ina gcúis le fiosrúcháin faoi bhráid an Ombudsman ná mar a bheifí ag súil leis bunaithe ar mhéid a daonra. Slánaíodh na céatadáin sa tábla thuas go dtí aon ionad de dheachúlacha.

## Gearáin agus fiosrúcháin

Tá an leárscáil thíos bunaithe ar líon na bhfiosrúchán a d'oscail an tOmbudsman tar éis dó gearán a fháil ó Bhallstát i gcoibhneas le méid a dhaonra (féach an nóta a ghabhann le Tábla 1.3 thuas maidir leis an gcaoi a ríomhtar an cóimheas).

**Cóimheas** (% fiosrúcháin a osclaíodh / % daonra)



## 1.4 Torthaí fhiosrúcháin an Ombudsman

Mar a léirítear i bhFíor 1.6 thuas, dhún an tOmbudsman 390 fiosrúchán i gcaitheamh 2012.

Tháinig 85,3% (324) de na gearáin ar dúnadh fiosrúcháin ina leith le linn 2012 ó shaoránaigh aonair, agus tháinig 14,7% (56) ó chuideachtaí, ó chumainn agus ó eintitis dhlíthiúla eile.

| Tábla 1.4: Foinse na ngearán i bhfiosrúcháin a dúnadh i 2012 | |
|---|---|
| Cuideachtaí, cumainn agus eintitis dhlíthiúla eile | 14,7% (56) |
| Saoránaigh aonair | 85,3% (324) |

Cuireadh formhór na bhfiosrúchán a dhún an tOmbudsman i 2012 i gcrích laistigh d'aon bhliain amháin (69%). Dhún sé beagnach aon trian díobh, is é sin 32%, laistigh de thrí mhí. Áirítear leis an gcatagóir dheireanach cásanna a bhí an tOmbudsman in ann a réiteach go han-ghasta, mar shampla, trí ghlao gutháin a chur ar an institiúid i gceist chun réiteach a mholadh[14]. Chuir an tOmbudsman céatadán ní ba mhó ná 79% d'fhiosrúcháin i gcrích laistigh de thréimhse 18 mí. B'ionann meánfhad fiosrúcháin agus 11 mhí.

| Tábla 1.5: Fad na bhfiosrúchán i gcásanna a dúnadh i 2012 | |
|---|---|
| Meánfhad fiosrúcháin | 11 mhí |
| Cásanna a dúnadh laistigh de thrí mhí | 32% |
| Cásanna a dúnadh laistigh de 12 mhí | 69% |
| Cásanna a dúnadh laistigh de 18 mhí | 79% |

Tabhair faoi deara: Arna bhunú ar 30 lá in aghaidh na míosa.

Mar a léirítear i bhFíor 1.9, bhí toradh dearfach ar 80 de na cásanna a dúnadh i 2012, de thoradh ar gur ghlac an institiúid i gceist le réiteach cairdiúil nó gur thángthas ar shocrú. Níor aimsigh an tOmbudsman aon drochriarachán i 76 cás, agus d'aimsigh sé drochriarachán i 56 cás eile. I naoi gcás díobh siúd (i gcomparáid le 13 i 2011), ghlac an institiúid i gceist le dréachtmholadh go páirteach nó go hiomlán. Dhún an tOmbudsman 47 cás le ráitis chriticiúla agus d'eisigh sé tuarascáil speisialta amháin (féach Fíor 1.10). I 30 cás, d'eisigh an tOmbudsman ráitis bhreise a raibh sé mar aidhm acu feabhas a chur ar fheidhmíocht na hinstitiúide baintí sa todhchaí. Tugtar tuilleadh mionsonraí maidir leis na cinntí seo anseo thíos[15].


Tháinig 85,3% (324) de na gearáin ar dúnadh fiosrúcháin ina leith le linn 2012 ó shaoránaigh aonair, agus tháinig 14,7% (56) ó chuideachtaí, ó chumainn agus ó eintitis dhlíthiúla eile.

14. Áirítear leis an bhfigiúr seo cásanna ina ndéanfadh an tOmbudsman fiosrúchán iomlán murar tharraing an gearánach a ghearán siar. Áirítear leis chomh maith na cásanna inar chuir an tOmbudsman tús le fiosrúchán, ach a bhí air a dhúnadh dá éis sin de bharr gur chinn an gearánach an cás a thabhairt os comhair na cúirte.

15. Tá an anailís seo a leanas bunaithe ar fhiosrúcháin a dúnadh i rith 2012. I gcásanna inar bhain an fiosrúchán le líon ní ba mhó ná aon líomhain nó éileamh amháin, tá seans ann gur eisigh an tOmbudsman líon ní ba mhó ná aon chinneadh amháin.

# Gearáin agus fiosrúcháin

**Fíor 1.9: Torthaí na bhfiosrúchán a dúnadh i 2012**




Tabhair faoi deara i: I roinnt cásanna, dhún an tOmbudsman fiosrúcháin ar dhá fhoras nó ní ba mhó. Mar sin, tá iomlán na gcéatadán thuas cothrom le céatadán níos mó ná 100%.

Tabhair faoi deara ii: In aon chás amháin inar aimsigh an tOmbudsman drochriarachán, dhún sé an fiosrúchán le ráiteas criticiúil mar aon le dréachtmholadh, ar ghlac an institiúid leis go hiomlán.

## Cásanna nár aimsíodh drochriarachán iontu

Ní gá breathnú air seo mar thoradh diúltach don ghearánach, duine a bhaineann leas as míniú iomlán a fháil ón institiúid i gceist faoin méid a rinne sí ar a laghad.

In imeacht 2012, dhún an tOmbudsman 76 cás nár aimsigh sé aon drochriarachán iontu. Ní gá breathnú air seo mar thoradh diúltach don ghearánach, duine a bhaineann leas as míniú iomlán a fháil ón institiúid i gceist faoin méid a rinne sí ar a laghad. Baineann an gearánach leas as an anailís neamhspleách a dhéanann an tOmbudsman ar an gcás chomh maith. Ag an tráth céanna, mar a léiríonn an cás thíos, cuireann toradh dá leithéid fianaise inláimhsithe ar fáil gur ghníomhaigh an institiúid i gceist i gcomhréir le prionsabail an dea-riaracháin.

#### Sárú Dhlí an Aontais Eorpaigh

Dhiúltaigh údaráis bhardais Oileán Samos sa Ghréig d'iarratas a rinne saothróir fíniúna ar cheadúnas i leith a fíon féin a tháirgeadh de bharr go n-éilíonn reachtaíocht na Gréige ar shaothróirí fíniúna a dtáirgí uile a dhíol le Comharchumainn Samos. Rinne an saothróir fíniúna agóid in aghaidh an chinnidh sin le Comhairle Stáit na Gréige agus rinne sé gearán leis an gCoimisiún gur sháraigh an dlí Gréagach sin dlí an Aontais Eorpaigh. Ina dhiaidh sin, rinne sé gearán leis an Ombudsman gur chuir an Coimisiún moill gan bhunús le himscrúdú a dhéanamh ar a ghearán, gur sháraigh an Coimisiún an dualgas chun feidhmiú ar bhealach neamhchlaonta agus oibiachtúil, agus gur cheart don Choimisiún a ghearán faoin sárú a imscrúdú go hiomlán. Níor aimsigh fiosrúchán an Ombudsman (cás **1625/2010/ANA**) aon drochriarachán ar thaobh an Choimisiúin.

### Ráitis bhreise

Fiú amháin nuair a chinneann an tOmbudsman nach bhfuil drochriarachán ar bith i gceist nó nuair a chinneann sé nach bhfuil foras ann le tuilleadh fiosrúcháin a dhéanamh, féadann sé ráiteas breise a eisiúint i gcásanna ina n-aithníonn sé go bhfuil deis ann feabhas a chur ar cháilíocht an riaracháin san institiúid bhainteach. Ní ceart a bhaint de thátal as ráiteas breise go dtugann sé le tuiscint aon cháineadh ar an institiúid lena mbaineann sé. Seachas sin, tá sé mar aidhm aige comhairle a thabhairt don institiúid maidir leis na bealaí a d'fhéadfadh sí cleachtas áirithe a fheabhsú d'fhonn caighdeán na seirbhíse a chuireann sí ar fáil do shaoránaigh a athrú chun feabhais. Rinne an tOmbudsman ráitis bhreise i 30 cás i 2012.

## Cásanna ar shocraigh an institiúid iad agus réitigh chairdiúla

Nuair is féidir, déanann an tOmbudsman iarracht toradh dearfach a bhaint amach, a shásaíonn an gearánach agus an institiúid a ndearnadh an gearán fúithi araon. Tá comhoibriú na n-institiúidí de chuid an AE riachtanach chun torthaí den chineál sin a bhaint amach, torthaí a chuireann leis an gcaidreamh idir na hinstitiúidí agus saoránaigh, agus a d'fhéadfadh dlíthíocht chostasach agus am-íditheach a sheachaint.

Le linn 2012, shocraigh an institiúid an cás nó aontaíodh réiteach cairdiúil in 80 cás. Tugtar anseo thíos sampla léiritheach dá leithéid de chás.

### Feidhmiú mícheart rialacha

Thug an Coimisiún údarás d'úsáid a bhaint as roinnt neoi-nicitíonóideach (feithidicídí) do chosaint plandaí. I Márta 2012, mhínigh Bord Ombudsman na hOstaire don Ombudsman gur thug fianaise eolaíoch nua le fios go raibh feithidicídí áirithe ina gcúis le méadú ar ráta báis na mbeach. Líomhain an Bord nár chuir an Coimisiún an fhianaise nua seo san áireamh a áitíonn gur chóir úsáid na bhfeithidicídí a shrianadh. Déantar foráil sa rialachán bainteach de chuid an AE d'athbhreithniú a dhéanamh ar údarú substaintí nuair a thugann fianaise eolaíoch nua le fios nach gcomhlíonann siad na critéir formheasa a thuilleadh, de dheasca go bhfuil siad ina mbagairt do shláinte ainmhithe mar shampla. Le linn fhiosrúchán an Ombudsman (cás **512/2012/BEH**), chuir an Coimisiún liosta de na bearta a rinne sé le déanaí d'fhonn dul i ngleic leis an méadú ar ráta báis na mbeach faoi bhráid an Ombudsman. Mar shampla, rinne sé Saotharlann Tagartha den Aontas Eorpach a cheapadh i dtaca le sláinte na mbeach agus rinne sé staidéar a choimisiúnú ar fhairsinge na faidhbe. Lena chois sin, d'iarr sé ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) athbhreithniú a dhéanamh ar na neoi-nicitíonóidigh uile agus ar an éifeacht atá acu ar na beacha. Bhí na gearánaigh sásta faoi na bearta seo.

Má léiríonn réamhthoradh ar fhiosrúchán go bhfuil drochriarachán i gceist, déanann an tOmbudsman iarracht teacht ar réiteach cairdiúil nuair is féidir. Dhún sé naoi gcás i rith na bliana, an cás thíosluaite san áireamh, tar éis dó réiteach cairdiúil a bhaint amach. Ag deireadh 2012, bhí 18 togra le haghaidh réitigh chairdiúla á meas go fóill.

> Má léiríonn réamhthoradh ar fhiosrúchán go bhfuil drochriarachán i gceist, déanann an tOmbudsman iarracht teacht ar réiteach cairdiúil nuair is féidir.

### Aisghabháil Costas

Idir 2004 agus 2005, rinne an eagraíocht neamhrialtasach Bheilgeach, Vluchtelingenwerk Vlaanderen, tionscadal a raibh sé mar aidhm aige tacú le fiontraithe imirceacha i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó micreathionscadail a fhorbairt. Bhí costas ní ba mhó ná EUR 750 000 ar an tionscadal ar an iomlán, as ar chlúdaigh an Coimisiún méid ní ba mhó ná EUR 500 000. D'éirigh leis an eagraíocht neamhrialtasach 59 micreathionscadal a chur ar bun. Agus an tionscadal á chur i bhfeidhm, d'iarr an eagraíocht neamhrialtasach ar an gCoimisiún glacadh le modh simplithe tuairiscithe costas de bharr go raibh fadhbanna ag an eagraíocht billí agus sonraisc chearta a fháil ó fhiontraithe áitiúla. D'aontaigh duine teagmhála an Choimisiúin leis an iarratas i scríbhinn. Nuair a rinne an Coimisiún iniúchadh ar an tionscadal agus d'aimsigh sé nach raibh cáipéisí tacaíochta ann i ndáil le costais áirithe, d'ordaigh sé do Vluchtelingenwerk Vlaanderen EUR 150 000 a íoc ar ais. Rinne an eagraíocht neamhrialtasach gearán leis an Ombudsman a d'áitigh nach raibh bunús leis an ordú aisghabhála agus nach raibh sé comhréireach ach an oiread. D'iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún (cás **53/2010/OV**) a dhearbhú cé acu an raibh an eagraíocht neamhrialtasach in oiriúint leis an modh malartach tuairiscithe costas nó nach raibh, agus má bhí, machnamh a dhéanamh ar an tsuim sin a íoc ar ais leis an eagraíocht neamhrialtasach. Ghlac an institiúid le réiteach cairdiúil an Ombudsman agus d'íoc sé méid ní ba mhó ná EUR 100 000 ar ais leis an eagraíocht neamhrialtasach.

I gcásanna áirithe, féadtar an gearán a shocrú nó féadtar teacht ar réiteach cairdiúil má thairgeann an institiúid i gceist cúiteamh don ghearánach. Déantar aon tairiscint den chineál sin *ex gratia*, is é sin, gan dliteanas dlíthiúil a admháil agus gan fasach dlíthiúil a chruthú.

## Cásanna inar aimsíodh drochriarachán

Chinn an tOmbudsman go raibh drochriarachán i gceist i 14% de na cásanna a dúnadh i 2012. I 47 de na cásanna sin, dhún sé an cás le ráitis chriticiúla don institiúid i dtrácht (35 cás i 2011). Lena chois sin, dhún sé naoi gcás nuair a ghlac an institiúid a ndearadh an gearán ina haghaidh le dréachtmholadh, agus d'eisigh sé aon tuarascáil speisialta amháin.


### Ráitis chriticiúla

Murar féidir teacht ar réiteach cairdiúil nó mura n-éiríonn le hiarrachtaí teacht ar a leithéid de réiteach, dúnann an tOmbudsman an cás le ráiteas criticiúil don institiúid i gceist nó déanann sé dréachtmholadh a eisiúint. Is iondúil go ndéanann an tOmbudsman ráiteas criticiúil (i) nuair nach féidir leis an institiúid bhainteach an cás drochriaracháin a dhíchur, (ii) nuair is cosúil nach mbaineann impleacht ghinearálta ar bith leis an drochriarachán, agus (iii) nuair nach léir gur gá don Ombudsman gníomhaíocht leantach ar bith a dhéanamh. Déanann an tOmbudsman ráiteas criticiúil a eisiúint chomh maith i gcásanna ina bhfuil sé den tuairim nach mbainfí aon chuspóir úsáideach amach de thoradh ar dhréachtmholadh. Déanann sé an céanna nuair a dhiúltaíonn an institiúid bhainteach do ghlacadh le dréachtmholadh, agus nuair nach measann sé gurb iomchuí tuarascáil speisialta a chur faoi bhráid na Parlaiminte.

Ní hionann ráiteas criticiúil agus cúiteamh don ghearánach. Cuireann sé an institiúid ar an eolas faoina ndearna sí a bhí as bealach ionas go bhféadfaidh sí drochriarachán comhchosúil a sheachaint sa todhchaí. Léirítear sa sampla thíos na cúinsí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le ráiteas criticiúil a eisiúint don Ombudsman.

Ní hionann ráiteas criticiúil agus cúiteamh don ghearánach. Cuireann sé an institiúid ar an eolas faoina ndearna sí a bhí as bealach ionas go bhféadfaidh sí drochriarachán comhchosúil a sheachaint sa todhchaí.

**Fíor 1.10: Fiosrúcháin inar aimsíodh drochriarachán**




Tabhair faoi deara: In aon chás amháin inar aimsigh an tOmbudsman drochriarachán, ghlac an institiúid leis an dréachtmholadh ina iomláine, ach d'eisigh an tOmbudsman ráiteas criticiúil chomh maith. Mar sin, tá iomlán na gcéatadán thuas cothrom le céatadán níos mó ná 100%.

**Beartas teangacha sriantach**
Téann an Coimisiún i ndáil chomhairle le saoránaigh, le cumainn, agus le páirtithe leasmhara eile go rialta chun cur ar a gcumas páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht san AE. I 2010, rinne dlíodóir Spáinneach gearán leis an Ombudsman faoin gcaoi nach bhfoilsíonn an Coimisiún na cáipéisí a ghabhann le cuid mhaith dá leithéid de chomhairliúcháin ach i mBéarla amháin, agus d'áitigh sé go bhfuil an beartas teanga seo dírialta agus in aghaidh phrionsabail na hoscailteachta, an dea-riaracháin agus an neamh-idirdhealúcháin. Bhí tuairim an Ombudsman ar aon dul le tuairim an ghearánaigh (cás **640/2011/AN**) agus d'aontaigh sé nár cheart a bheith ag súil leis go nglacfadh saoránaigh páirt i gcomhairliúchán nach bhfuil siad in ann a thuiscint. Tá sé den tuairim go bhfuil an t-ilteangachas ríthábhachtach chun cur ar chumas saoránach a gceart chun páirt a ghlacadh i saol daonlathach an AE a chleachtadh, rud atá ráthaithe ag Conradh Liospóin. Bhain sé de thátal as gurb é atá i mbeartas teanga sriantach an Choimisiúin ná drochriarachán agus d'iarr sé ar an institiúid na cáipéisí a ghabhann le comhairliúcháin phoiblí a fhoilsiú i ngach teanga de 23 teanga oifigiúla an AE nó aistriúcháin a chur ar fáil arna iarraidh sin. Dhiúltaigh an Coimisiún do mholtaí an Ombudsman, agus d'áitigh sé go mbíonn prionsabal an ilteangachais spleách ar shriantaí ama agus ar na hacmhainní a bhíonn ar fáil, agus nach bhfuil aon cheart dlíthiúil ann a chiallaíonn go bhfuil saoránaigh i dteideal cáipéisí comhairliúcháin i ngach teanga oifigiúil de chuid an AE. I 2012, ghlac an Pharlaimint le rún a ghríosaigh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar a bheartas teanga sriantach i ndáil le comhairliúcháin phoiblí.

## Freagraí leantacha ar ráitis chriticiúla agus ráitis bhreise

D'fhonn cabhrú le hinstitiúidí ceachtanna a fhoghlaim faoi na fiosrúcháin a dhéanann an tOmbudsman, foilsíonn sé staidéar gach bliain[16] faoi na freagraí a fhaightear ar a ráitis chriticiúla agus bhreise.

**Freagraí leantacha ar ráitis chriticiúla agus ráitis bhreise i 2011**
Thug an tOmbudsman cuireadh do na hinstitiúidí bainteacha freagraí a thabhairt ar na ráitis chriticiúla agus ar na ráitis bhreise a rinne sé i 2011 laistigh de thréimhse sé mhí. Fuair sé freagraí ar bheagnach gach ráiteas a rinne sé, cé go raibh moill ar na freagraí sin i roinnt cásanna.

Bhí roinnt de na freagraí sármhaith – is fiú 10 gcás a lua mar "phríomhchásanna" a d'fhéadfadh dea-shampla a thabhairt d'institiúidí eile faoin gcaoi is fearr le freagairt a thabhairt ar ráitis chriticiúla agus ar ráitis bhreise. Bhain siad leis an gCoimisiún (**2605/2009/MF**, **62/2010/RT**, agus **1301/2010/GG**), le Cúirt Bhreithiúnais an AE (**3018/2009/TN**), leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) (**856/2008/BEH**), leis an Aonad Eorpach um Chomhar Breithiúnach (Eurojust) (**325/2010/OV**), leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (**1342/2010/MHZ**), le Misean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh sna Críocha Palaistíneacha (**OI/1/2010/MMN**), Comhleá um Fhuinneamh (**439/2011/AN**), agus leis an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin um Shláinte agus Thomhaltóirí (**413/2010/BEH**).

16. Tá staidéar iar-fhiosrúchán an Ombudsman do 2011 le fáil ag: http://www.ombudsman.europa.eu/en/cases/followup.faces/en/12374/html.bookmark

Nuair a chuirtear ráitis chriticiúla agus ráitis bhreise a rinneadh i 2011 le chéile san áireamh, bhí 84% de na freagraí leantacha a fuarthas sásúil.

Nuair a chuirtear ráitis chriticiúla agus ráitis bhreise a rinneadh i 2011 le chéile san áireamh, bhí 84% de na freagraí leantacha a fuarthas sásúil. Bhí na freagraí leantacha a fuarthas ar ráitis bhreise sásúil i 89% de na cásanna. Ina ainneoin sin, ní raibh na freagraí leantacha ar ráitis chriticiúla sásúil ach in 80% de na cásanna (cé go raibh an figiúr seo i bhfad ní b'airde ná an figiúr de 68% i 2010).

## Dréachtmholtaí

Nuair is féidir leis an institiúid i dtrácht an drochriarachán a dhíchur, nó i gcásanna ina bhfuil an drochriarachán thar a bheith tromchúiseach nó ina bhfuil impleachtaí ginearálta aige, is iondúil go n-eisíonn an tOmbudsman dréachtmholadh don institiúid nó don chomhlacht bainteach nó a ndearadh an gearán ina n-aghaidh. De réir Airteagal 3(6) de Reacht an Ombudsman, ní mór don institiúid tuairim mhionsonraithe a sheoladh isteach laistigh de thrí mhí.

I gcaitheamh 2012, d'eisigh an tOmbudsman 17 ndréachtmholadh, an cás thíosluaite ina measc. Ina theannta sin, rinneadh cinntí i 2012 ar bhonn 16 dhréachtmholadh a eisíodh i 2011, agus dúnadh trí chás eile ar bhonn dréachtmholtaí a rinneadh i 2010. Dhún an tOmbudsman naoi gcás i rith na bliana nuair a ghlac institiúid le dréachtmholadh go hiomlán nó go páirteach. Dhún an tOmbudsman 47 cás le ráitis chriticiúla. Faoi dheireadh 2012, bhí 14 dhréachtmholadh fós á meas, lenar áiríodh dhá cheann a eisíodh i 2011 agus 12 a eisíodh i 2012.

**An ceart éisteachta**

Liostaítear ar an gcóras ríomhairithe réamhrabhaidh de chuid an Choimisiúin cuideachtaí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, cumainn agus páirtithe eile ar bagairt iad do leasanna airgeadais an AE de réir an Choimisiúin. Féadann riarachán an AE conarthaí nó íocaíochtaí a chosc nó a chur ar fionraí má tá an forthairgeoir nó an conraitheoir bainteach liostaithe ar an gcóras. Tar éis dó roinnt gearán a fháil faoi fheidhmiú an chórais seo, chuir an tOmbudsman tús le fiosrúchán ar a thionscnamh féin (cás **OI/3/2008/FOR**), lenar áiríodh comhairliúchán poiblí ar ghlac a lán páirtithe leasmhara páirt ann. Cháin na rannpháirtithe an Coimisiún as daoine aonair agus páirtithe eile a liostú gan iad a chur ar an eolas faoi go córasach, agus gan an bealach a d'fhéadfaidís achomharc a dhéanamh ina aghaidh a dhéanamh soiléir dóibh. I ndréachtmholadh, d'iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún cearta éisteachta na ndaoine seo a ráthú sula liostaítear iad, agus meas a léiriú ar a gceart chun rochtain ar a gcomhad agus a chinntiú go dtugann sé eolas dóibh faoina gcearta chun gearán a dhéanamh leis an Ombudsman nó é a thabhairt os comhair na cúirte araon. D'fhreagair an Coimisiún go raibh sé ar intinn aige an córas réamhrabhaidh a athchóiriú i 2013, agus go gcuirfí cinntí an Ombudsman agus an toradh ar achomharc leanúnach atá os comhair na cúirte (T-320/09 *Planet AE in aghaidh an Choimisiúin* den 13 Aibreán 2011) san áireamh san athchóiriú seo.

## Tuarascálacha speisialta

Má theipeann ar institiúid de chuid an AE freagra a thabhairt ar dhréachtmholadh ar bhealach sásúil, féadann an tOmbudsman tuarascáil speisialta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa. Féadfaidh an tuarascáil speisialta moltaí a chuimsiú.

Ó thaobh shaothar an Ombudsman, baineann fíorluach leis an bhféidearthacht tuarascáil speisialta a chur faoi bhráid na Parlaiminte. Is í an uirlis is cumhachtaí a bhíonn ar fáil dó.

Is í an tuarascáil speisialta chuig Parlaimint na hEorpa an chéim shubstaintiúil dheiridh a dhéanann sé le linn dó plé a dhéanamh le cás. Tá sé seo i ngeall ar go mbaineann rith rúin agus feidhmiú chumhachtaí na Parlaiminte le breithiúnas polaitiúil na hinstitiúide sin. Gan amhras, soláthraíonn an tOmbudsman cibé faisnéis agus cúnamh a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón bParlaimint chun plé a dhéanamh le tuarascáil speisialta.

De réir Rialacha Pharlaimint na hEorpa, is é an Coiste Achainíocha atá freagrach as caidreamh na Parlaiminte leis an Ombudsman. Ag cruinniú den Choiste Achainíocha ar an 12 Deireadh Fómhair 2005, gheall an tOmbudsman, de réir Riail 205(3) de Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte, teacht os comhair an Choiste nuair a chuireann sé tuarascáil speisialta faoi bhráid na Parlaiminte.

Chuir an tOmbudsman aon tuarascáil speisialta amháin faoi bhráid na Parlaiminte i 2012.

**Coinbhleacht leasa agus prionsabail an dea-riaracháin**

Fairsingíodh Aerfort Vín (an Ostair) trí roinnt tionscadail foirgníochta ó 1999 i leith. I 2006, rinne 27 eagraíocht saoránach Ostaracha gearán leis an gCoimisiún a d' áitigh gur sháraigh údaráis na hOstaire dlí an AE de bharr nach ndearna siad tionchar timpeallachta an tionscadail a mheas. D'iarr an Coimisiún ar údaráis na hOstaire an tionchar sin a mheas go cúlghabhálach. Rinne na heagraíochtaí gearán leis an Ombudsman gurb é an t-údarás a bhí i gceannas ar an measúnú cúlghabhálach a d'eisigh roinnt de na ceadanna le haghaidh an tionscadail ar an gcéad dul síos, agus nach raibh rochtain aige ar nósanna imeachta athbhreithnithe breise ar an leibhéal náisiúnta de réir dhlí an AE. Dhún an tOmbudsman an chéad fhiosrúchán tar éis don Choimisiún a chur in iúl dó nach ndúnfadh sé an cás sáraithe go dtí go mbeadh sé sásta go raibh údaráis na hOstaire tar éis na bearta riachtanacha a dhéanamh chun dlí an AE a chomhlíonadh. Chuir an tOmbudsman tús le fiosrúchán eile (cás **2591/2010/GG**) tar éis do na heagraíochtaí gearán eile a dhéanamh leis. Chinn sé gur theip ar an gCoimisiún (i) cloí le prionsabail an dea-riaracháin; (ii) aghaidh a thabhairt go ceart ar áitiú na ngearánach go raibh coinbhleacht fhollasach leasa ann, agus beart cuí a dhéanamh tar éis sárú soiléir dhlí an AE a thabhairt faoi deara; agus (iii) cloí lena chomhairle. Dá bharr sin, chuir sé tuarascáil speisialta faoi bhráid na Parlaiminte inar lorg sé a tacaíocht chun áitiú ar an gCoimisiún a chur chuige a athrú sa chás seo.

## 1.5 Príomhchásanna a léiríonn dea-chleachtas

Tugann deich bpríomhchás a dúnadh i 2012 dea-shampla ar dhea-chleachtas. Bhain na cásanna seo le réimse leathan institiúidí agus comhlachtaí de chuid an AE, mar aon le roinnt ábhar éagsúil.

Tugann deich bpríomhchás a dúnadh i 2012 dea-shampla ar dhea-chleachtas. Bhain na cásanna seo le réimse leathan institiúidí agus comhlachtaí de chuid an AE, mar aon le roinnt ábhar éagsúil. Ós rud é go mbaineann cuid mhaith de na cásanna a ndéanann an tOmbudsman plé leo gach uile bhliain leis an trédhearcacht, is cúis áthais iad na chéad sé chás a ndéantar breac-chuntas orthu anseo thíos go háirithe. Bhain cás eile le forálacha den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus áirítear leis thíos freagraí cuiditheacha an Choimisiúin i gcásanna a bhain le meas ar shaoránaigh, leis an earcaíocht, agus le deontais.

I gcás **2016/2011/AN**, chuir an **Banc Ceannais Eorpach** (BCE) ráiteas fáthanna iomchuí ar fáil don ghearánach, lenar áiríodh cur síos mionsonraithe ar ábhar na litreach ar iarr sé uirthi agus ar an gcuspóir a bhí aici. Shéan an Banc rochtain a thabhairt dó ar an litir ar fhoras go mbainfeadh nochtadh na litreach an bonn de bheartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta an AE. Tar éis dó iniúchadh ar an litir i gceist, d’aontaigh an tOmbudsman leis an BCE. Le toiliú roimh ré ó Uachtarán an BCE, chuir an tOmbudsman in iúl don ghearánach nár moladh sa litir i gceist aon leasú ar Bhunreacht na Spáinne. Rinne an tOmbudsman ráiteas breise a eisiúint chomh maith, inar mhol sé nár chóir don BCE breathnú ar an trédhearcacht mar dhualgas dlíthiúil amháin, ach gur chóir dó an deis a thapú leas a bhaint aisti d’fhonn dlisteanacht an BCE a fheabhsú i súile na saoránach.

Chuir an tOmbudsman fáilte roimh an meascadh idir bearta ginearálta agus institiúideacha a moladh i gcomhthéacs fhiosrúchán féintionscanta **OI/3/2011/KM**, rud a bhain le cumas na **Comhairle** i leith freagairt ar iarratais deimhniúcháin laistigh de na teorainneacha ama arna leagan amach i Rialachán 1049/2001. Mar gheall ar go dtógann an nós imeachta i dtaca le déileáil leis na hiarratais seo am le cur i gcrích, leithdháil an Chomhairle baill foirne bhreise chun aghaidh a thabhairt ar dhéileáil le hiarratais tosaigh agus cheap sí duine teagmhála chun teagmháil a dhéanamh le toscaireachtaí na mBallstát.

Nocht an **Coimisiún** na cáipéisí uile ar iarr an gearánach orthu ina n-iomláine i gcás **1161/2010/BEH**. Bhain na cáipéisí seo le cásanna sáraithe maidir le saincheisteanna áirithe custaim faoi iompórtáil arm míleata agus earraí dé-úsáide. Cé gur chuir an tOmbudsman in iúl gurbh údar imní é an t-aga ama fada a thóg an Coimisiún chun cinneadh a dhéanamh ar iarratas deimhniúcháin an ghearánaigh, bhí sé sásta gur admhaigh an Coimisiún féin go raibh an mhoill seo gan bhunús agus mhol sé an cur chuige cuiditheach ar ghlac an Coimisiún leis chun dul i ngleic léi.

Tar éis don Ombudsman iarraidh ar an **gCoimisiún** míniú a thabhairt dó ar na bearta a rinne sé, nó a bhí ar intinn aige a dhéanamh, chun comhlíonadh Rialachán 1049/2001 maidir le rochtain phoiblí ar cháipéisí a áirithiú, thug an Coimisiún breac-chuntas ar roinnt beart a rinne an Ard-Stiúrthóireacht bhainteach chun comhlíonadh an Rialacháin a fheabhsú. Sa chéad fhreagra a thug sé ar chás **849/2010/KM**, d’admhaigh an Coimisiún gur theip air plé a dhéanamh le litreacha an ghearánaigh de réir an Rialacháin. Cheadaigh sé rochtain ar na cáipéisí bainteacha agus ghabh sé a leithscéal faoin moill. Bhí an gearánach sásta leis na cáipéisí a fuair sé cé gur cháin sé an chaoi ar déileáladh lena iarratas go fóill. Ba é an toradh a bhí air seo ná na bearta thuasluaite.

Ar bhonn dréachtmholadh a d’eisigh an tOmbudsman, chomhaontaigh an **Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach** (EMA) rochtain phoiblí a chur ar fáil ar thuairiscí maidir le frithghníomhartha díobhálacha in aghaidh druga frithaicne.

Tar éis don ghearánach aird a tharraingt ar an gceist, thug an tOmbudsman faoi thuilleadh fiosruithe, cruinniú leis an ngníomhaireacht ina measc. De thoradh ar na fiosruithe sin, bhí an tOmbudsman in ann a dhearbhú nár choinnigh an EMA cáipéisí bainteacha siar ach gur cuireadh in eagar iad d'fhonn sonraí pearsanta a chosaint, rud a bhí an ceart ag an EMA a dhéanamh. Agus cás **2493/2008/FOR** á thabhairt chun críche ag an Ombudsman, d'aithin sé an dul chun cinn tábhachtach atá á dhéanamh ag an EMA i dtreo a saothar a dhéanamh ní ba thrédhearcaí[17].

I gcás **808/2011/MHZ**, mhol an tOmbudsman **Comhairle na hEorpa** as leithscéal a ghabháil le saoránach a chuir in iúl don Chomhairle go raibh úsáid phearsanta carranna seirbhíse ina húdar imní dó. D'iarr an gearánach ar Chomhairle na hEorpa freagra a thabhairt ar roinnt ceisteanna agus cóip de na rialacha a bhaineann leis an ábhar seo a chur ar fáil dó. Is í tuairim an Ombudsman gurb é an leithscéal macánta a ghabh an Chomhairle leis an ngearánach an sampla is fearr de riarachán an AE ag léiriú meas dá shaoránaigh. Gan mheas, ní fhéadtar an bhearna idir an AE agus a shaoránaigh a dhúnadh, a dúirt sé. Chinn an tOmbudsman chomh maith go raibh na freagraí a fuair an gearánach ar an gcéad dul síos neamhfhóirsteanach.

Mar fhreagairt ar fhiosrúchán féintionscanta **OI/3/2008/FOR**, thug an **Coimisiún** gealltanas go ndéanfadh sé an Córas Réamhrabhaidh a athchóiriú – córas faisnéise ríomhairithe a bhfuil sé mar aidhm aige sainaithint a dhéanamh ar "bhagairtí" ar leasa agus ar chlú airgeadais an AE. Chuir an tOmbudsman faoi deara go gcaithfear cearta na ndaoine atá liostaithe ar an gCóras Réamhrabhaidh a chosaint, a gcearta bunúsacha de réir na Cairte um Chearta Bunúsacha go háirithe (mar shampla, an ceart éisteachta agus an ceart chun rochtain ar chomhad), agus nach foláir do na cearta sin a bheith i bhfeidhm le linn na hidirtréimhse roimh athchóiriú an Chórais Réamhrabhaidh chomh maith.

Ó thaobh na ndeontas de, chomhaontaigh an **Coimisiún** méid ní ba mhó ná EUR 100 000 a íoc ar ais le heagraíocht neamhrialtasach tar éis don Ombudsman réiteach cairdiúil a mholadh. Líomhain an gearánach i gcás **53/2010/OV** gur sháraigh an Coimisiún prionsabal an ionchais dhlisteanaigh de dheasca nár cloígh sé leis an modheolaíocht chomhaontaithe i ndáil le costais a thuairisciú.

I ndiaidh don Ombudsman crioscaíl a dhéanamh le cás **371/2010/(MF)AN**, ghlac an **Coimisiún** le beartas nua i dtaca le dioplómaí náisiúnta a aithint, chun cleachtais náisiúnta éagsúla a chur san áireamh. D'fhógair sé chomh maith go raibh an gearánach sa chás seo incháilithe do na poist bhainteacha. D'éirigh an cás seo de bharr gur dhiúltaigh Ard-Stiúrthóireacht na nAcmhainní Daonna do ghlacadh le dioplóma an ghearánaigh mar gheall ar nach bhfuair sí a céim mháistreachta 2 tar éis trí bliana staidéir a dhéanamh in ollscoil.

Mar fhreagairt ar chás **882/2009/VL**, thug Stiúrthóir na seirbhíse baintí de chuid an **Choimisiúin** litir leithscéil don ghearánach agus d'ofráil sé íocaíocht de EUR 500 a dhéanamh léi d'fhonn í a chúiteamh sa dochar morálta a bhain di. D'éirigh an cás seo de thoradh ar theachtaireacht mhaslaitheach a seoladh chuig fear céile an ghearánaigh i gcomhthéacs nós imeachta aisghabhála i dtaca le ró-íoc líomhnaithe liúntais teaghlaigh. D'eagraigh an Coimisiún sraith seisiúin oiliúna inmheánacha chomh maith d'fhonn béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann leis an eitic agus le dea-sheirbhís a chur ar fáil do shaoránaigh an AE. Bhí an beart seo ina fhreagairt ar thuairim an Ombudsman go raibh seans ann gur léirigh úsáid na teanga do-ghlactha sin sa teachtaireacht ríomhphoist i gceist fadhb ní b'fhorleithne i seirbhísí de chuid an Choimisiúin.

17. Ba chóir a thabhairt faoi deara go raibh príomhchás cosúil ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach i 2011.

## 1.6 Anailís théamach ar na fiosrúcháin a dúnadh

Is iondúil go bhfoilsítear na cinntí lena ndúntar cásanna ar shuíomh Idirlín an Ombudsman (http://www.ombudsman.europa.eu) i mBéarla agus, más éagsúil, i dteanga an ghearáin. Cuirtear le chéile achoimre ar gach cinneadh i mBéarla chomh maith. Cuirtear achoimrí ar chásanna roghnaithe ar fáil ar an suíomh Idirlín i 23 teanga oifigiúla an AE. Léiríonn na hachoimrí seo réimse na n-ábhar agus na n-institiúidí de chuid an Aontais a bhí faoi chaibidil sna cinntí ar dhún an tOmbudsman cásanna leo i 2012, mar aon leis na cúiseanna éagsúla a thug údar le cásanna a dhúnadh.

Tugtar sa chuid seo cuntas ar na cinntí dlí agus fíorais is suntasaí i measc na gcinntí ar dhún an tOmbudsman fiosrúcháin leo i 2012.

Tugtar sa chuid seo cuntas ar na cinntí dlí agus fíorais is suntasaí i measc na gcinntí ar dhún an tOmbudsman fiosrúcháin leo i 2012. Cuimsíonn sí cásanna a d'imir tionchar suntasach i leith an trédhearcacht agus an dea-riarachán a chur chun cinn in institiúidí de chuid an AE, cásanna a raibh de thoradh orthu torthaí an-dearfacha don ghearánach, agus cásanna a chuir ar chumas an Ombudsman pointí tábhachtacha dlí a shoiléiriú nó plé a dhéanamh le saincheist nach raibh curtha faoina bhráid roimhe sin.

De bharr iarrachtaí an Ombudsman ar son fheidhmiú na Cairte um Chearta Bunúsacha a chur chun cinn, leagtar béim ar chásanna tábhachtacha a bhain le cearta atá leagtha síos sa Chairt chomh maith.


Déantar sa chuid seo anailís ar na príomhábhair fiosrúchán seo a leanas:

- oscailteacht, rochtain phoiblí agus sonraí pearsanta;
- an Coimisiún mar chaomhnóir na gConarthaí;
- bronnadh tairiscintí agus deontas;
- forghníomhú conarthaí;
- riarachán agus Rialacháin do Bhaill Foirne;
- comórtais agus nósanna imeachta roghnúcháin;
- ceisteanna institiúidí, ceisteanna beartas, agus eile.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go dtéann roinnt de na hábhair thuas isteach ar a chéile go suntasach. Mar shampla, is minic a tharraingítear aird ar cheisteanna a bhaineann leis an oscailteacht i ngearáin a bhaineann leis an earcaíocht nó le ról an Choimisiúin mar chaomhnóir na gConarthaí. Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin nach bhfuil na catagóirí liostaithe san ord ina bhfuil siad léirithe i bhFíor 1.11[18].

18. Tugtar i bhFíor 1.11 faisnéis de réir ábhair maidir leis na fiosrúcháin uile a dúnadh i 2012. Tá sé mar aidhm ag an bhfigiúr seo leid a thabhairt don léitheoir faoin tábhacht a bhain leis an ábhar i gceist ó thaobh ualach cásanna an Ombudsman ar an iomlán.

**Fíor 1.11: Ábhar na bhfiosrúchán a dúnadh**




Tabhair faoi deara: I roinnt cásanna, dhún an tOmbudsman fiosrúcháin a raibh dhá ábhar nó ní ba mhó acu. Mar sin, tá iomlán na gcéatadán thuas cothrom le céatadán níos mó ná 100%.

## Oscailteacht, rochtain an phobail, agus sonraí pearsanta

### Rochtain an phobail ar cháipéisí

In Airteagal 10(3) den CAE, luaitear go ndéanfar cinntí san Aontas "ar bhealach chomh hoscailte agus is féidir agus ar leibhéal chomh gar agus is féidir don saoránach", agus éilíonn Airteagal 15(1) den CFAE ar institiúidí, ar chomhlachtaí, ar oifigí agus ar ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais a gcuid oibre a sheoladh ar bhealach chomh hoscailte agus is féidir, d'fhonn an dea-rialachas a chur chun cinn agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a áirithiú. Déantar foráil in Airteagal 15(3) den CFAE don cheart rochtana poiblí ar cháipéisí de chuid institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais. Tá an ceart céanna leagtha síos in Airteagal 42 den Chairt chomh maith. Tá an ceart bunúsach seo chun rochtain ar cháipéisí faoi riail ag Rialachán 1049/2001[19].

De réir Rialachán 1049/2001, bíonn rogha ag iarrthóirí maidir leis an réiteach ar fáil: Féadann siad agóid a dhéanamh i gcoinne cinnidh a dhiúltaíonn rochtain dóibh go hiomlán nó go páirteach trí imeachtaí cúirte de réir Airteagal 263 den CFAE, nó trí ghearán a dhéanamh leis an Ombudsman. Mar is léir ón méid thíos, baineann fiosrúcháin an Ombudsman le saincheisteanna nós imeachta agus le forghníomhú na n-eisceachtaí ón gceart rochtana poiblí a ndéantar foráil dóibh in Airteagal 4 den Rialachán.

**Saincheisteanna nós imeachta**

Is cosúil gur minic a bheag nó a mhór a chuirtear moill ar chlárúcháin ar fhreagairtí ar iarratais. I gcás **1972/2009/ANA**, d'admhaigh an Coimisiún an mhoill gan bhunús a cuireadh ar dhéileáil le hiarratas deimhniúcháin an ghearánaigh agus thug sé gealltanas nach dtarlódh a leithéid de mhoilleanna arís sa todhchaí. Chinn an tOmbudsman, i gcás **2938/2009/EIS**,

Déantar foráil in Airteagal 15(3) den CFAE don cheart rochtana poiblí ar cháipéisí de chuid institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais. Tá an ceart céanna leagtha síos in Airteagal 42 den Chairt chomh maith.

**19.** Rialachán (CE) 1049/2001 de chuid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 30 Bealtaine 2001 faoi chead rochtana poiblí ar cháipéisí de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin; IO 2001 L 145, lch. 43.

gurb léir nach raibh an chaoi ar dhéileáil an Coimisiún le hiarratas an ghearánaigh ar aon dul le prionsabail an dea-riaracháin. Ghabh an Coimisiún leithscéal leis an ngearánach. I ráiteas breise a d'eisigh an tOmbudsman, leag sé béim gurbh an-fhóinteach dá ndéanfadh an Coimisiún bearta chun a leithéid d'easnaimh a sheachaint sa todhchaí. I gcás **2466/2011/ER**, líomhain an gearánach gur shín an Coimisiún an spriocdháta i leith cinneadh a dhéanamh ar a iarratas deimhniúcháin go neamhdhleathach. Lean an tOmbudsman de dhúnadh an cháis gan seasamh an Choimisiúin a fháil de bharr (i) go raibh freagra an Choimisiúin trí mhí thar téarma, agus (ii) gur leor an fhaisnéis a cuireadh faoina bhráid cheana chun plé a dhéanamh leis an ngearán. Chuir sé in iúl go ndéantar foráil do spriocdhátaí ceangailteacha i Rialachán 1049/2001 – agus nach féidir eisceachtaí a úsáid ach i gcásanna "eisceachtúla" agus ar chuntar go dtugtar "cúiseanna mionsonraithe" ar úsáid na n-eisceachtaí sin. Sa chás seo, níor luaigh an Coimisiún ach nach raibh na gnéithe ar fad a bhíonn ag teastáil uaidh chun measúnú deireidh a dhéanamh ar láimh aige go fóill.

I gcás **1472/2011/MMN**, a bhain le rochtain a shéanadh ar fhreagraí a thug an Fhrainc agus an Spáinn ar cheistneoir, bhí moill shuntasach ar fhreagairt an Choimisiúin. In ainneoin gur ghabh sé leithscéal leis an ngearánach, léirigh freagraí a thug an Coimisiún don ghearánach agus don Ombudsman araon gur chosúil go raibh sé den tuairim go raibh air dul i ndáil chomhairle le Ballstáit de réir Airteagal 4(5) de Rialachán 1049/2001, agus go raibh sé de cheart aige dá bhua sin sárú de na spriocdhátaí atá leagtha amach sa Rialachán maidir le freagairt d'iarratais ar rochtain. Thug an tOmbudsman dá aire go bhfuil cúirteanna an Aontais tar éis a dhéanamh soiléir nach bhfuil sé de cheart ag institiúid teorainneacha ama arna leagan amach sa Rialachán a shárú de bharr go bhfuil sí tar éis teagmháil a chur ar bun, de réir Airteagal 4(5), le Ballstát tionscnaimh na cáipéise a ndearnadh iarratas uirthi.

I gcás **1683/2010/MMN**, a bhain le rochtain ar cháipéisí maidir le comórtas oscailte a bhí á reáchtáil ag an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO), líomhain an gearánach gur ghníomhaigh an Coimisiún go mícheart agus gur theip air fáthanna a chur ar fáil nuair a shín sé amach an spriocdháta i ndáil le cinneadh a dhéanamh ar iarratas deimhniúcháin den dara uair. Chuir an tOmbudsman in iúl nár thug an Coimisiún aon chúis ar a chinneadh. Thug sé dá aire chomh maith go bhfuil sé soiléir i Rialachán 1049/2001 nach gceadaítear an spriocdháta i ndáil le freagairt ar iarratas deimhniúcháin a shíneadh ach aon uair amháin. Ghabh an Coimisiún a leithscéal as an moill. I ndáil leis an iarratas ar rochtain, mhínigh an Coimisiún nach raibh na cáipéisí ann. Mheas an tOmbudsman go raibh na míniúcháin seo inchreidte. Bhí sé sásta chomh maith go raibh ní ba mhó i gceist le freagra an Choimisiúin ná an ráiteas thuasluaite amháin, agus gur cheadaigh an Coimisiún rochtain ar cháipéisí áirithe a d'fhéadfadh a mbeadh suim ag an ngearánach iontu, agus gur tharraing sé aird ar dhá cháipéis eile a bhain le saothar an Bhoird Roghnúcháin.

**Príomhcheisteanna: feidhm na n-eisceachtaí**

Bhain roinnt mhaith de na fiosrúcháin eile a rinne an tOmbudsman sa réimse seo leis na heisceachtaí i ndáil le rochtain phoiblí a ndearnadh foráil dóibh i Rialachán 1049/2001.

**An eisceacht i ndáil le himscrúduithe, le fiosrúcháin, agus le hiniúchtaí**
Sa dá chás seo a leanas, bhain an institiúid leas as an eisceacht i ndáil le cuspóir fiosrúchán a chosaint, rud a ndéantar foráil dó sa tríú heang d'Airteagal 4(2) de Rialachán 1049/2001, chun rochtain ar na cáipéisí i gceist a dhiúltú.

Bhain cás **292/2011/AN** le rochtain ar cháipéisí maidir le nósanna imeachta sáraithe[20]. Mhol an tOmbudsman réiteach cairdiúil, rud ar ghlac an Coimisiún leis trí dhá cháipéis a nochtadh as na trí cháipéis a ndearnadh iarratas orthu. I dtaca leis an tríú cáipéis nár nochtadh ag an am, chuir an Coimisiún in iúl go raibh air dul i ndáil chomhairle le húdaráis na Spáinne mar gheall ar gur tháinig an cháipéis uathu ar an gcéad dul síos. Luaigh an tOmbudsman go raibh muinín aige go dtabharfadh an Coimisiún an comhairliúchán le húdaráis na Spáinne chun críche laistigh de thréimhse réasúnta agus go gcuirfeadh sé an gearánach ar an eolas faoina chinneadh réasúnaithe a luaithe is féidir ina dhiaidh sin.

Chinn an tOmbudsman, i gcás **2914/2009/DK**, go raibh an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) mícheart nuair a dhiúltaigh sí do rochtain phoiblí a thabhairt ar dhá thuarascáil maidir le hiniúchtaí inmheánacha. Thairis sin, bhí na hiniúchtaí féin curtha i gcrích cheana féin. Mar sin, ní raibh aon bhaol ann go ndéanfadh nochtadh na gcáipéisí bainteacha don phobal aon dochar do na hiniúchtaí. Chomhaontaigh an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach athmhachnamh a dhéanamh ar a cinneadh, agus thug sí rochtain ar na tuarascálacha, mar aon le rochtain ar nóta a ghabh leo maidir le feidhmiú na moltaí a rinneadh sna tuarascálacha.

**An eisceacht i ndáil le próiseas cinnteoireachta na hinstitiúide**
I gcás **127/2010/VIK** a bhain le rochtain ar cháipéisí maidir le hinfheistíochtaí beartaithe san fhuinneamh núicléach, d'áitigh an Coimisiún go raibh feidhm ag an eisceacht i ndáil le próisis cinnteoireachta a chosaint (eadhon, Airteagal 4(3) de Rialachán 1049/2001). Ní raibh an tOmbudsman sásta leis an áitiú seo. Tháinig sé chun solais le linn an fhiosrúcháin, áfach, nár thug infheisteoir an tionscadail a chead chun an fhaisnéis a nochtadh. De bharr go raibh feidhm shealadach ag an gcreat dlíthiúil bainteach roimh theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, ní raibh sé pioc soiléir ar féadadh a leithéid de cháipéisí a rinne an gearánach iarratas orthu a nochtadh gan cead a fháil ón mBallstát, ón duine nó ón ngnóthas bainteach roimh ré. Chinn an tOmbudsman nach raibh aon údar le tabhairt faoi thuilleadh fiosruithe. Chuir sé in iúl don ghearánach, áfach, go bhféadfadh sé iarratas nua ar rochtain a chur isteach, mar gheall ar go ndéanfaí a leithéid d'iarratas a mheas de réir na rialacha nua a tháinig i bhfeidhm de thoradh ar Chonradh Liospóin, ina raibh an gá le toiliú agus an gá leis an trédhearcacht tugtha chun réitigh.

**An eisceacht i ndáil le sonraí pearsanta a chosaint**
I measc na n-eisceachtaí a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán 1049/2001, tá Airteagal 4(1)(b), a bhaineann leis na cearta bunúsacha chun príobháideachais agus cosaint sonraí pearsanta. I gcás **3136/2008/EIS**, d'iarr an gearánach, a bhí ina ábhar d'fhiosrúchán de chuid na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF), rochtain (i) ar na cáipéisí a bhí ina n-údar le tús a chur leis an bhfiosrúchán sin do OLAF; agus (ii) ar fhaisnéis maidir leis an toradh a bhí ar an bhfiosrúchán. Dhiúltaigh OLAF don iarratas. Rinne

20. Féach chomh maith cás **1972/2009/ANA** inar dhiúltaigh an Coimisiún rochtain ar cháipéis a cheadú ar fhoras go raibh air an comhphlé idir é féin agus údaráis na Gréige a chosaint i dtreo reachtaíocht na Gréige a chur ar aon dul le dlí an AE.

an tOmbudsman iniúchadh ar cháipéis OLAF agus chuaigh sé i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí. Ar an mbonn sin, chinn sé go raibh na fáthanna a luaigh OLAF a bhí leis an diúltú bailí agus imleor. I ndáil leis an gceist eile a d'ardaigh an gearánach, chuir an tOmbudsman in iúl go raibh sé den tuairim go raibh faisnéis faoi thoradh an fhiosrúcháin tugtha ar láimh ag OLAF cheana féin. Luaigh an tOmbudsman, áfach, go n-éilíonn an ceart bunúsach chun an dea-riaracháin, atá leagtha síos in Airteagal 41 den Chairt, duine a bhí faoi réir fiosrúcháin a chur ar an eolas, laistigh de thréimse réasúnta, faoi thoradh an fhiosrúcháin sin tar éis a dhúnta. Sa chás seo, theip ar OLAF amhlaidh a dhéanamh.

Bhain cás **682/2010/TN** le hiarratas ar rochtain ar thuairisc a chuimsigh sonraí pearsanta. Chuir an tOmbudsman in iúl go raibh sé de cheart ag an gCoimisiún, i bprionsabal, diúltú don iarratas mar gheall ar nach raibh an fáth ar ghá don Choimisiún na sonraí pearsanta a aistriú cruthaithe ag an ngearánach. Mhol sé, áfach, gur chóir don Choimisiún athmhachnamh a dhéanamh ar rochtain a cheadú ar chodanna eile den Tuairisc. De dheasca nár chomhaontaigh an Coimisiún leis go hiomlán, d'eisigh an tOmbudsman ráiteas criticiúil ina leith inar luaigh sé nár thug an Coimisiún áitimh diongbháilte dó faoin bhfáth nárbh fhéidir rochtain pháirteach a cheadú. D'eisigh sé ráiteas breise chomh maith a raibh sé mar aidhm aige faisnéis ní b'fhearr a chur ar fáil faoi nósanna imeachta d'iarratasóirí a iarrann ar rochtain ar cháipéisí a chuimsíonn sonraí pearsanta.

## Rochtain phoiblí ar fhaisnéis

Aithnítear in Airteagal 41 den Chairt go bhfuil sé de cheart ag gach uile dhuine go ndéanfaidh riarachán an AE plé le gnóthaí an duine go neamhchlaon, go cóir agus laistigh de thréimhse réasúnta. Cuimsíonn sé an ceart chun freagairt a fháil chomh maith. Rinne an tOmbudsman plé le cuid mhaith cásanna i 2012 inar líomhain an saoránach gur theip ar an riarachán freagairt go himleor nó ar chor ar bith. Chun freagairt thráthúil a chinntiú don ghearánach, rinneadh plé leis an gcuid ba mhó de na cásanna seo trí nósanna imeachta simplithe.

> Rinne an tOmbudsman plé le cuid mhaith cásanna i 2012 inar líomhain an saoránach gur theip ar an riarachán freagairt go himleor nó ar chor ar bith.

Tá cás **1451/2011/BEH** ina shampla d'fhiosrúchán iomlán faoin rochtain phoiblí ar fhaisnéis. Go sonrach, bhain sé le líomháin gur chuir an Coimisiún faisnéis mhícheart ar fáil maidir le cearta saorghluaiseachta. D'áitigh an gearánach nach raibh sliocht i dTreoirlínte an Choimisiúin maidir le Treoir Saoránachta an Aontais (Treoir 2004/38/CE) ar aon dul le dlí an AE, mar a bhí léirmhínithe ag an gCúirt Bhreithiúnais i mbreithiúnas *Akrich* (cás C-109/01). D'aithin an tOmbudsman fadhb go deimhin, agus d'iarr sé ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar an sliocht bainteach a athbhreithniú. D'fhreagair an Coimisiún nach raibh sé ar intinn aige na Treoirlínte a athrú ag an tráth seo, ach go ndéanfaidh sé measúnú ar fhiúntas breise an nuashonraithe ar bhonn thorthaí an dara tuarascáil dá chuid maidir le feidhmiú Threoir 2004/38, rud a fhoilseofar i 2013. Ag tabhairt faoi deara gur chomhaontaigh an Coimisiún go bhféadfadh an sliocht a bheith níos soiléire, dhún an tOmbudsman an cás, ach d'iarr sé ar an gCoimisiún é a choinneáil ar an eolas faoin gceist.

## Cosaint sonraí

Cuimsíonn Airteagal 7 agus 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha an ceart bunúsach chun príobháideachais agus an ceart bunúsach go ndéanfar do shonraí pearsanta a chosaint, faoi seach. Ba é an ceart go ndéanfar do shonraí pearsanta a chosaint a bhí bainteach i gcás **2384/2011/AN**, a bhí curtha isteach ag duine a bhí ina ábhar d'fhiosrúchán de chuid OLAF. Nocht OLAF sonraí maidir le toradh an fhiosrúcháin seo do thríú páirtí. Bhí na sonraí foilsithe in alt preasa i dtír an ghearánaigh. Chinn an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí go raibh an nochtadh sin in aghaidh rialacha an AE um chosaint sonraí. D'iarr an gearánach go n-admhódh OLAF an éagóir, agus go ngabhfadh sé a leithscéal dó. Dhiúltaigh OLAF don iarratas. Tar éis fhiosrúchán an Ombudsman, áfach, sheol OLAF litir leithscéil chuig an ngearánach inar luaigh sé go raibh aiféala air nár cloíodh leis na rialacha um chosaint sonraí ina chás, agus ghabh sé a leithscéal dó.

## An Coimisiún mar chaomhnóir na gConarthaí

Is é forlámhas an dlí ceann de bhunphrionsabail an Aontais Eorpaigh. Is é ceann de na dualgais is tábhachtaí atá ar an gCoimisiún ná feidhmiú mar chaomhnóir na gConarthaí[21]. Cruthaítear le hAirteagal 258 den CFAE nós imeachta ginearálta trínar féidir leis an gCoimisiún sáruithe féideartha ar dhlí an AE ag Ballstáit a scrúdú agus a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais. Féadann an Coimisiún tús a chur le himscrúduithe ar a chonlán féin, ar bhonn gearán nó mar fhreagra ar iarratais air ó Pharlaimint na hEorpa déileáil le hachainíocha curtha faoina bráid faoi Airteagal 227 den CFAE. Tá feidhm ag nósanna imeachta eile i ndáil le hábhair shonracha, cosúil le státchabhair neamhdhleathach.

Is tábhachtach clár píolótach an AE[22] a lua sa chomhthéacs seo, modh oibre a seoladh i 2007 idir an Coimisiún agus na Ballstáit d'fhonn sáruithe ar dhlí an AE a chur ina gceart a luaithe agus is féidir gan gá le dul ar iontaoibh imeachtaí sáraithe. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo a chinntiú go gcuireann Ballstáit dlíthe an AE i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtaí agus go réitítear na gearáin a dhéanann saoránaigh agus gnólachtaí ar bhealach níos tapúla.

Faigheann agus déileálann an tOmbudsman le gearáin i gcoinne an Choimisiúin a bhaineann lena ról mar chaomhnóir na gConarthaí. I gcásanna ina gcuireann an tOmbudsman tús le fiosrúchán i dtaca lena leithéid de ghearán, cuireann sé in iúl go cúramach nach scrúdófar mar chuid den fhiosrúchán cé acu an raibh sárú ann nó nach raibh. Tá sé seo mar gheall ar nach bhfuil aon údarás ag an Ombudsman gníomhaíochtaí údarás de chuid Ballstát a imscrúdú. Bíonn fiosrúchán an Ombudsman dírithe ar scrúdú a dhéanamh ar iompar an Choimisiúin agus é ag déanamh anailíse ar, agus ag déanamh plé leis, an ngearán faoi shárú a cuireadh faoina bhráid. Féadann an tOmbudsman déileáil le gnéithe gnásúla agus substainteacha araon d'iompar an Choimisiúin.

> Faigheann agus déileálann an tOmbudsman le gearáin i gcoinne an Choimisiúin a bhaineann lena ról mar chaomhnóir na gConarthaí.

> Bíonn fiosrúchán an Ombudsman dírithe ar scrúdú a dhéanamh ar iompar an Choimisiúin agus é ag déanamh anailíse ar, agus ag déanamh plé leis, an ngearán faoi shárú a cuireadh faoina bhráid.

21. Éilíonn Airteagal 17 den CAE ar an gCoimisiún "a chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm na Conarthaí, agus na bearta ar ghlac na hinstitiúidí leo de bhun na gConarthaí".

22. Féach Cumarsáid de chuid an Choimisiúin dar teideal "Eoraip na dTorthaí – Cur i bhfeidhm dhlí an Chomhphobail, COM(2007)502".

## Oibleagáidí nós imeachta

I ndáil le hoibleagáidí nós imeachta an Choimisiúin ó thaobh gearán de, is é an príomhphointe tagartha atá ag an Ombudsman ná cumarsáid a bhí eisithe den chéad uair ag an gCoimisiún i 2002[23], agus a bhí athchóirithe i 2012[24]. Leagtar síos sa Chumarsáid roinnt oibleagáidí i dtaca le gearáin a chlárú, eisceachtaí áirithe ón oibleagáid seo, le cois sprioc-amanna maidir le déileáil le gearáin agus le gearánaigh a chur ar an eolas. D'eisigh an Coimisiún an Chumarsáid i 2002 mar fhreagra ar fhiosrúcháin agus ar cháintí an Ombudsman maidir leis na hábhair seo. Measann an tOmbudsman gur bonn an-tábhachtach í an Chumarsáid seo ar son muinín saoránach as an gCoimisiún mar chaomhnóir na gConarthaí a mhéadú.

Mar a léiríonn na samplaí anseo thíos, tháinig roinnt easnaimh nós imeachta chun solais de thoradh ar fhiosrúcháin a rinne an tOmbudsman i 2012.

### Moill agus easpa dícheall chuí

I gcás **773/2011/OV**, in ainneoin gur líomhain an gearánach gur theip ar an gCoimisiún plé a dhéanamh lena ghearán sáraithe ar an mbealach ceart, d'aimsigh an tOmbudsman gur sheol an Coimisiún roinnt freagraí substainteacha chuige. Ar an taobh eile, áfach, chuir an tOmbudsman in iúl i gcás **230/2011/(TS)EIS** nach bhfuil an Coimisiún saor ó na ceangaltais a bhaineann leis na cearta bunúsacha agus le prionsabail an dea-riaracháin. Bhí sé den tuairim nár thug castacht na saincheisteanna a bhí i dtrácht údar leis an moill a cuireadh ar an gcás seo. Mar fhreagairt ar cheist na comhsheasmhachta a d'ardaigh an Coimisiún mar argóint, d'fhaisnéis an tOmbudsman nár chóir d'iarrachtaí chun 'cur chuige comhsheasmhach' a bhaint amach bheith ina gcúis le moilleanna nach gá.

Bhain cás **930/2010/CK** agus cás **1827/2009/CK** le heaspa líomhnaithe dícheall chuí maidir leis an gcaoi a ndearnadh plé le dhá ghearán sáraithe. D'fhonn cabhrú leis an gCoimisiún a nósanna imeachta a fheabhsú tuilleadh, d'eisigh an tOmbudsman dhá ráiteas bhreise i dtaca leis an gcéad chás. Sa dara cás, níor mhór aige an chaoi ghrod a ndearna an Coimisiún áitimh an ghearánaigh a dhíbhe. Mar sin féin, thug sé faoi deara nach raibh an t-easaontas idir an Coimisiún agus an gearánach maidir le léamh ceart rialacha cánach na Gréige bainteach a thuilleadh de bhua forbairtí a thit amach idir an dá linn.

I gcás **1775/2012/ER**, a bhain le loiceadh freagra a thabhairt ar agus plé a dhéanamh go cuí le gearán sáraithe a chuir iompórtálaí Iodálach toitíní faoi bhráid, d'admhaigh an Coimisiún go bhfuarthas an gearán go luath tar éis don Ombudsman teagmháil a dhéanamh leis ina leith. Ina theannta sin, rinne oifigeach de chuid an Choimisiúin teagmháil leis an ngearánach ar an nguthán chun cur in iúl dó gurbh eisean an té a bheadh ag déanamh plé lena chás as sin amach. Tionóladh cruinniú leis an ngearánach go gairid ina dhiaidh sin.

## Príomhcheisteanna

Nuair a imscrúdaíonn an tOmbudsman gearáin maidir le sáruithe, féadann sé athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar na n-anailísí agus na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu freisin[25]. Mar shampla, féadann sé a dheimhniú

23. Cumarsáid chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an Ombudsman Eorpach ar chaidrimh leis an ngearánach maidir le sáruithe dhlí an Chomhphobail; IO 2002 C 244, lch. 5.

24. COM(2012)154 leagan deireanach: Cumarsáid ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus Parlaimint na hEorpa ar thuairisc chun dáta ar láimhseáil caidreamh leis an ngearánach maidir le feidhmiú dhlí an Aontais.

25. Féach, mar shampla, cás **2591/2010/GG** a bhain le loiceadh an Choimisiúin imeachtaí sáraithe a thionscnamh i gcoinne na hOstaire maidir le hAerfort Vín, cás a dtugtar breac-chuntas air i gcuid 1.4 thuas.

go raibh a leithéid d'anailísí agus de chonclúidí réasúnta, go ndearnadh argóint mhaith ar a son agus gur tugadh míniú iomlán orthu do na gearánaigh. Tuigeann fiosrúcháin agus conclúidí an Ombudsman go hiomlán cumhacht lánroghnach an Choimisiúin, arna aithint ag na Conarthaí agus ag cásdlí na Cúirte Breithiúnais, chun cinneadh a dhéanamh cibé ar chóir nó nár chóir sárú a thabhairt os comhair na Cúirte.[26] Dá dtarlódh sé go n-easaontódh an tOmbudsman go bunúsach le measúnú an Choimisiúin, luafadh sé é sin, ach chuirfeadh sé in iúl chomh maith gurb í an Chúirt Bhreithiúnais an t-údarás is airde ó thaobh dlí an AE a léirmhíniú. Ní minic a tharlaíonn easaontuithe den chineál seo, áfach.

údaráis na Fraince cloí leis na forálacha de dhlí an AE a bhaineann le hiompórtáil chomhthreomhar táirgí íocshláinte tréidliachta. Tar éis don Ombudsman dréachtmholadh a eisiúint, chinn an Coimisiún imeachtaí sáraithe nua a chur ar bun maidir leis na constaicí a bhí ag cur isteach ar dhéileálaithe mórdhíola agus iad ag iarraidh táirgí íocshláinte tréidliachta a iompórtáil ar bhonn comhthreomhar.

**Easaontú le measúnú an Choimisiúin**
Chuir an gearánach i gcás **1909/2009/BEH** gearán sáraithe faoi bhráid, inar líomhain sé nach ndearna údaráis na hOstaire, in aghaidh dhlí an AE, measúnú aonair ar a chliant, an tUasal D., chun fionnadh cibé an raibh sé ina bhagairt do shlándáil an phobail nó nach raibh. Chinn an Coimisiún nárbh fhéidir leis baint de thátal as an bhfianaise a cuireadh ar fáil dó gur sháraigh údaráis na hOstaire dlí an AE. Chinn sé nach gcuirfí tús le himeachtaí sáraithe. Bhí an tOmbudsman den tuairim gur thug an Coimisiún fáthanna inchreidte i dtaca lena sheasamh, is é sin go ndearna údaráis na hOstaire an measúnú aonair cuí thuasluaite. Níor thug sé aghaidh ar an ngearán, áfach, a mhéad a bhain sé le cinneadh údaráis na hOstaire (i) gan cead a thabhairt don Uasal D. críoch na hOstaire a fhágáil ar feadh tréimhse, agus (ii) gan éifeacht fionraíochta a dheonú i gcás a achomhairc in aghaidh an chinnidh díbeartha, rud a bhfuil foráil déanta dó i ndlí an AE i gcásanna práinneacha amháin. D'iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar an ngearán arís sa chomhthéacs seo. Go bunúsach, mhaígh

> Tuigeann fiosrúcháin agus conclúidí an Ombudsman go hiomlán cumhacht lánroghnach an Choimisiúin, arna aithint ag na Conarthaí agus ag cásdlí na Cúirte Breithiúnais, chun cinneadh a dhéanamh cibé ar chóir nó nár chóir sárú a thabhairt os comhair na Cúirte.

**Loiceadh míniú imleor a thabhairt**
I gcás **1623/2009/FOR**, d'aimsigh an tOmbudsman gur theip ar an gCoimisiún míniú a thabhairt ar an bhfáth nár choinnigh sé le gearán faoi sárú líomhnaithe ar chearta sealbhóirí cóipchirt i margaí teilifíse na Fionlainne. Mar fhreagairt ar mholadh an Ombudsman gur chóir don Choimisiún a sheasamh a mhíniú go soiléir, chuir an Coimisiún in iúl gur aistríodh an cás chuig clár píolótach an AE i bhfianaise tuilleadh comhfhreagrais a fuarthas ó na gearánaigh, agus mar sin, go ndéanfadh an Coimisiún teagmháil leis an bhFionlainn chun iarraidh ar fhaisnéis nó chun réitigh a lorg ar an bhfadhb. Cosúil leis an gcás sin, bhí an tOmbudsman den tuairim i gcás **1260/2010/RT** nár thug an Coimisiún bonn cirt iomchuí lena chinneadh chun deireadh a chur le gearán sáraithe inar cuireadh i leith gur theip ar

**26.** Tugann an tOmbudsman faoi deara maidir leis seo nach dtugtar le fios go mbíonn ar an gCoimisiún imeachtaí sáraithe a thionscnamh i gcónaí tráth a ndéantar dlí Eorpach a shárú. Ní mór don Choimisiún, áfach, seasamh leis an mbealach a fheidhmíonn sé a lánrogha.

an Coimisiún go ndearna údaráis na hOstaire cíoradh ar phráinn an cháis, agus go ndearna sé talamh slán de go raibh a leithéid de phráinn leis. Bhí an tOmbudsman den tuairim gurbh áititheach é freagra an Choimisiúin. De bhrí gur chás ar leithlis a bhí i gceist, dhún an tOmbudsman é le ráiteas criticiúil.

## Bronnadh tairiscintí agus deontas

Déanann an tOmbudsman plé le gearáin maidir le bronnadh nó le neamhbhronnadh tairiscintí agus deontas. Tá sé den tuairim, áfach, go bhfuil lánrogha ag na hinstitiúidí, agus ag na coistí breithmheasa agus na húdaráis bhronnta i bpróisis tairisceana go háirithe, agus nár chóir dó agus é ag déanamh athbhreithníu ar a leithéid de chásanna aon rud a chur faoi chaibidil seachas a chinntiú gur comhlíonadh na rialacha a bhain leis an nós imeachta, go raibh na fíricí uile ceart, nach raibh aon bhotún follasach déanta sa bhreithmheas, agus nach raibh aon mhí-úsáid cumhachtaí ann. Lena chois sin, scrúdaíonn sé cibé ar chomhlíon nó nár chomhlíon na hinstitiúidí a ndualgas maidir le cúiseanna a lua, agus cé acu an bhfuil na cúiseanna sin comhleanúnach agus réasúnta.

> I measc na saincheisteanna maidir le tairsceana agus deontais a rinne an tOmbudsman scrúdú orthu i gcaitheamh 2012, bhí easpa caithimh chothroim le forthairgeoirí éagsúla agus easpa trédhearcachta.

I measc na saincheisteanna maidir le tairsceana agus deontais a rinne an tOmbudsman scrúdú orthu i gcaitheamh 2012, bhí easpa caithimh chothroim le forthairgeoirí éagsúla agus easpa trédhearcachta. Thug an chéad chás a bhfuil cur síos déanta air thíos deis don Ombudsman cur i gcuimhne don Choimisiún go bhféadfadh go mbeadh ar institiúid níos mó a dhéanamh ná a bhfuil leagtha síos sa dlí chun prionsabail an dea-riaracháin a chomhlíonadh.

### Easpa caithimh chothroim

Bhain cás **642/2008/MMN** le líomhain maidir le coinbhleacht leasa a bhain le comhairleoir teicniúil sa nós imeachta tairisceana. Líomhain an gearánach gur sháraigh an Coimisiún prionsabal an chaithimh chothroim de dheasca go raibh duine de na comhairleoirí don Choiste Breithmheasa fostaithe ag an bhforthairgeoir ar éirigh leis. D'iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún, inter alia, an Dearbhú Neamhchlaontachta agus Rúndachta le síniú ag gach uile bhall den Choiste Breithmheasa, agus ag aon bhreathnóir chomh maith, a chur i bhfocail nua ionas a chinntiú go gclúdódh sé gach uile chineál coinbhleacht leasa fhéideartha, eadhon, "coinbhleacht leasa iarbhír", "coinbhleacht leasa fhéideartha" agus "coinbhleacht leasa dhealraitheach". Ina fhreagra, d'áitigh an Coimisiún nach ndéantar tagairt san fhoráil bhainteach den Rialachán Airgeadais ach do choinbhleacht leasa "iarbhír" agus "fhéideartha", agus nach raibh coinbhleacht leasa "dhealraitheach" bainteach ach amháin i gcásanna ina dtagann sé chun solais, tar éis scrúdú, go bhfuil coinbhleacht leasa "iarbhír" nó "fhéideartha" ann. Ní raibh an tOmbudsman sásta leis an áitiú seo. Mar gheall ar gur thug an Coimisiún le fios go ndéanfaí athbhreithniú ar an Dearbhú Neamhchlaontachta agus Rúndachta, áfach, chinn sé nach raibh aon ghá le fiosrúcháin bhreise. Ag an tráth céanna, dúirt sé go n-iarrfadh sé ar an gCoimisiún tuairisc a thabhairt dó, laistigh de thréimhse réasúnta, maidir le toradh an athbhreithnithe sin.

I gcás **3000/2009/JF**, mheas an tOmbudsman gur theip ar an gCoimisiún prionsabal an chaithimh chothroim a áirithiú agus go raibh sé seo ina chúis leis an mbonn a bhaint de na deiseanna go n-éireodh leis an ngearánach sa phróiseas tairsceana. Mhol sé réiteach cairdiúil go gcúiteodh an Coimisiún an gearánach sa chostais a thabhaigh sé chun páirt a ghlacadh sa phróiseas. De thoradh air seo, d'íoc an Coimisiún méid ní ba mhó ná EUR 10 000 leis an ngearánach.

I gcás **105/2011/TN**, diúltaíodh do thairiscint an ghearánaigh nuair a tháinig sé chun solais go raibh an ceann foirne tar éis gealltanas a thabhairt go n-oibreodh sé go lánaimseartha ar thionscadal eile arna mhaoiniú ag an AE a bhí chun tarlú ag an am céanna. Mheas an tOmbudsman go ndearna an Coimisiún beart drochriaracháin nuair a mhol sé don údarás conarthach gan tairiscint na cuideachta a chur san áireamh sular fhionn sé nach mbeadh an ceann foirne i gceist ar fáil don tionscadal seo. Bhí an cinneadh chun an tairiscint a eisiamh iomchuí i ndeireadh na dála, áfach. D'eisigh an tOmbudsman ráiteas breise chomh maith a raibh sé mar aidhm aige an riosca go dtarlódh fadhbanna cosúla sa todhchaí a laghdú.

**Easpa trédhearcachta**

I gcás **1683/2011/TN**, a bhain le nós imeachta tairsceana le haghaidh conradh soláthair, d'admhaigh an Coimisiún nach raibh an nós imeachta trédhearcach ina iomláine. Chuir sé in iúl, tráth a raibh sé ag dréachtú a thuairime maidir leis an gcás seo, go raibh sé i mbun idirbheartaíochta leis an ngearánach d'fhonn an cheist a réiteach go cairdiúil. Ba mhór ag an Ombudsman gur ghlac an Coimisiún freagracht as an mbotún agus go raibh sé ag iarraidh teacht ar réiteach leis an ngearánach.

## Forghníomhú conarthaí

Measann an tOmbudsman go mbíonn drochriarachán i gceist nuair nach ngníomhaíonn comhlacht poiblí de réir rialach nó prionsabail atá ina gceangal air. Mar sin, féadann drochriarachán a bheith i gceist i ndáil le comhlíonadh dualgas a eascraíonn as conarthaí arna gcur i gcrích ag institiúidí de chuid an AE.

Mar sin féin, bíonn raon feidhme an Ombudsman teoranta de riachtanas ó thaobh na n-athbhreithnithe a fhéadann sé a dhéanamh ar chásanna dá leithéid. Is í tuairim an Ombudsman nár chóir dó iarracht a dhéanamh a fhionnadh cibé ar sháraigh nó nár sháraigh aon pháirtí an conradh sa chás go bhfuil an t-ábhar faoi dhíospóid. Ní féidir ach le cúirt dlínse inniúla plé a dhéanamh leis an gceist seo go héifeachtach.

I gcásanna a bhaineann le díospóidí conarthacha, measann an tOmbudsman nach ceart dó ach scrúdú a dhéanamh ar cé acu an raibh nó nach raibh cuntas comhleanúnach agus réasúnta ar an mbonn dlíthiúil lena gníomhaíochtaí curtha ar láimh ag an institiúid de chuid an Aontais, agus ar an bhfáth ar chreid an institiúid i gceist go raibh údar maith lena dearcadh faoin seasamh conarthach. Má fhaigheann an tOmbudsman go raibh údar maith le seasamh na hinstitiúide, cinnfidh sé nár aimsigh a fhiosrúchán go raibh drochriarachán i gceist. Ní bheidh tionchar ag an gcinneadh seo ar cheart na bpáirtithe chun a ndíospóid chonarthach a chur os comhair cúirt dlínse inniúla, áit a scrúdófar an díospóid agus a socrófar go críochnúil í.

## Gearáin agus fiosrúcháin

Le linn 2012, bhí deis ag an Ombudsman cíoradh a dhéanamh ar roinnt ceisteanna a bhain le cearta bunúsacha i ndáil le conarthaí, an ceart éisteachta go háirithe. Rinne sé plé le líomhaintí a bhain le héagothrom go minic chomh maith, i ndíospóidí faoi chostais inghlactha agus faoi ghníomhaíochtaí iniúchta go háirithe.

Le linn 2012, bhí deis ag an Ombudsman cíoradh a dhéanamh ar roinnt ceisteanna a bhain le cearta bunúsacha i ndáil le conarthaí, an ceart éisteachta go háirithe. Rinne sé plé le líomhaintí a bhain le héagothrom go minic chomh maith, i ndíospóidí faoi chostais inghlactha agus faoi ghníomhaíochtaí iniúchta go háirithe. Mar chríoch, chuir an tOmbudsman réim na bhfreagrachtaí atá ag an gCoimisiún i leith fochonraitheoirí faoi chaibidil freisin.

**Loiceadh cloí le cearta bunúsacha**
Bhain cás **2635/2010/TN** inar líomhnaíodh gur theip ar an gCoimisiún an gearánach a chur ar an eolas faoi chinneadh a rinneadh ina leith gur sháraigh sé Cód Iompraíochta Mhisin Bhreathnóireachta Toghchán an AE. Mar gheall ar nach raibh an tOmbudsman sásta gur cloíodh le cearta an ghearánaigh, de réir na Cairte ná de réir an Chóid Eorpaigh um Dhea-Iompar Riaracháin, mhol sé bearta a d’fhéadfadh an Coimisiún a dhéanamh chun rudaí a chur ina gceart. Thug an Coimisiún a fhocal go raibh an gearánach fós ina iarrthóir lán-incháilithe do mhisin breathnóireachta sa todhchaí. Chuir sé in iúl chomh maith go raibh sé chun moladh an Ombudsman a chur i ngníomh, agus athbhreithniú a dhéanamh ar a nósanna imeachta ginearálta i ndáil le cinneadh ar sháruithe ar an gCód Iompraíochta do Bhreathnóirí an AE.

I gcás **1045/2011/RT**, chinn an Coimisiún, tar éis do OLAF fiosrúchán a dhéanamh, an tsuim iomlán a íocadh as an dá thionscadal a aisghabháil. D’áitigh an gearánach nár thug an Coimisiún cluas dó i ndáil leis na líomhaintí a cuireadh ina leith. Mheas an tOmbudsman go raibh seans *de facto* ag an ngearánach a bheith éiste de thoradh ar gur fhéad sé a thráchtanna a chur faoi bhráid an Choimisiúin roimh an bpróiseas aisghabhála agus lena linn, agus an toradh a athrú ina fhabhar dá bhua sin. Níor luadh, áfach, sa litir réamheolais na cúiseanna leis an aisghabháil, cuireadh follasach chun tráchtanna a chur isteach maidir leis an aisghabháil ná aon fhaisnéis a thug spriocdháta le tuiscint i ndáil le cur isteach na dtráchtanna seo. D’eisigh an tOmbudsman ráiteas breise i dtaca leis an ngné seo den chás.

Bhain cás **2386/2010/MHZ** le briseadh saineolaí Pholannaigh as a phost mar cheann foirne i dtionscadal arna mhaoiniú ag an AE sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin. D’áitigh an gearánach, inter alia, gur sáraíodh a cheart éisteachta agus a cheart chun a bheith curtha ar an eolas faoi na cúiseanna a bhí le hiarratas an Choimisiúin. Chinn an tOmbudsman go raibh drochriarachán i gceist mar gheall ar gur theip ar an gCoimisiún ceart cosanta an ghearánaigh a áirithiú sula ndearna sé iarratas ar a fhostóir é a bhriseadh as a phost. Cháin sé an Coimisiún chomh maith de bharr gur theip air aon mhíniú inchreidte a thabhairt ar an bhfáth nár chuir sé údaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine ar an eolas faoina iarratas chun an gearánach a bhriseadh as a phost.

**Éagothroime líomhnaithe**
Baineann a lán cásanna sa réimse seo le díospóidí maidir le costais inghlactha, agus éiríonn go minic iad tar éis torthaí iniúchtaí a theacht chun solais. Bhí seasamh na hinstitiúide réasúnta i roinnt de na cásanna, ach ní raibh sé ar chor ar bith i gcás ghearán **3373/2008/JF**, a d’éirigh de bharr tuairisc iniúchta a chinn nach raibh costais áirithe a tabhaíodh i dtionscadal arna urrú ag an AE inghlactha. D’impigh an tOmbudsman ar an gCoimisiún a éileamh ar aisíoc a tharscaoileadh de bhrí go raibh sé díréireach agus

éagórach. Dhiúltaigh an Coimisiún dó. D'aibhsigh an tOmbudsman, nuair a thugann oifigigh tionscadal de chuid an AE cluas bhodhar d'eagraíochtaí ar nós eagraíocht an ghearánaigh maidir leis na tionscadail a ritheann siad, gur réasúnta go gcreidfeadh an eagraíocht sin go bhfuil sí ag gníomhú de réir na rialacha bainteacha. Nuair nach bhfuil sí, caithfidh na hoifigigh tionscadal beart coisctheach a dhéanamh a luaithe a fhaigheann siad amach faoina leithéid de ghníomhaíochtaí. I gcásanna ina dteipeann orthu amhlaidh a dhéanamh, ba cheart a bheith in ann bearta araíonachta a chur i bhfeidhm orthu. Toisc gur ardaigh an cás seo ceist phrionsabail thábhachtach, rinne an tOmbudsman machnamh ar thuarascáil speisialta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa. Chinn sé nach gcuirfeadh sé a leithéid de thuarascáil faoi bhráid, áfach, go dtí go gcríochnóidh sé fiosrúchán féintionscanta ar ghnéithe áirithe d'iompar an Choimisiúin agus é ag déanamh plé le tionscadail a mhaoiníonn sé.

Ar an taobh eile, i gcás **351/2011/OV** a bhain le diúltú do ghlacadh le costais foirne a chuir comhpháirtí tionscadail isteach, d'aimsigh an tOmbudsman go raibh sé de cheart ag an gCoimisiún diúltú do ghlacadh leis na costais foirne a chuir an gearánach isteach de bhua an Chomhaontaithe Deontais. D'aimsigh an tOmbudsman chomh maith gur fheidhmigh an Coimisiún a chumhacht lánroghnach ar mhaithe leis an ngearánach oiread agus a bhí sé in ann, mar gheall ar gur thug sé cead roinnt de na costais foirne a aistriú chuig catagóir darb ainm "costais fochonraitheoireachta". Dá bhrí sin, chuir sé in iúl nárbh éagórach nach nglacfadh an Coimisiún leis an gcuid eile de na costais fochonraitheoireachta neamh-inghlactha seo.

Bhain cás **901/2011/OV** le haisghabháil costas inghlactha i gcreatlach tionscadail tar éis iniúchadh chomh maith. Chuaigh an gearánach chuig an Ombudsman, ag líomhain go raibh seasamh an Choimisiúin gan údar maith agus éagórach. D'áitigh sé gur ghníomhaigh sé de mheon mhacánta ar bhonn faisnéise a bhfuair sé ó chomhordaitheoir an tionscadail. D'aimsigh an tOmbudsman go raibh cinneadh an Choimisiúin ceart agus go raibh na costais bhainteacha inghlactha. Chuir sé in iúl chomh maith nárbh é ionadaí an Choimisiúin comhordaitheoir an tionscadail agus nach raibh an Coimisiún faoi cheangal aon ráitis a rinne an comhordaitheoir, ach amháin i gcásanna ina raibh an ráiteas sin ina thoradh ar threoracha follasacha ón gCoimisiún. D'aimsigh sé nár tugadh treoracha follasacha dá leithéid. Dá bhrí sin, chinn sé nach raibh aon drochriarachán i gceist.

### Freagrachtaí an Choimisiúin i leith fochonraitheoirí

Bhí an gearánach i gcás **535/2010/RT** ag obair mar shaineolaí ar thionscadal a bhí á mhaoiniú ag an gCoimisiún. Ní bhfuair sé ach íocaíocht pháirteach as a chuid oibre agus d'iarr sé ar an gCoimisiún idirghabháil sa chás chun a chinntiú go bhfaigheadh sé an chuid eile den íocaíocht a bhí dlite dó. Theip ar an gCoimisiún amhlaidh a dhéanamh. Tar éis don Ombudsman idirghabháil sa chás, d'iarr an Coimisiún ar an gconraitheoir an tsuim gan íoc a íoc. Dhún an tOmbudsman an cás, ag rá go raibh muinín aige go leanfadh an Coimisiún ar aghaidh, in ainneoin na bhfreagraí diúltacha a bhí faighte aige go dtí sin, ag déanamh gach iarracht brú a chur ar a phríomhchonraitheoir an tsuim amuigh a íoc, agus gach beart atá ar fáil dó a dhéanamh chun áitiú ar an bpríomhchonraitheoir a sheasamh neamh-chomhoibríoch a athrú.

## Riarachán agus Rialacháin do Bhaill Foirne

Uaireanta i gcásanna foirne, bíonn cearta bunúsacha i gceist, rud a thugann deis don Ombudsman feidhmiú ceart na Cairte a chur chun cinn.

Gach bliain, déantar roinnt gearán leis an Ombudsman maidir le ceisteanna foirne sna hinstitiúidí, i dtaca le feidhmiú na Rialachán Foirne agus téacsanna ábhartha eile ag riarachán an AE go háirithe. Uaireanta i gcásanna foirne, bíonn cearta bunúsacha i gceist, rud a thugann deis don Ombudsman feidhmiú ceart na Cairte a chur chun cinn. I gcásanna eile, bíonn an bealach a léirmhíníonn institiúidí de chuid an AE na rialacháin do bhaill foirne ina údar aighnis. Ina leithéid de chásanna, déanann an tOmbudsman iarracht a áirithiú ar a laghad go dtugann na hinstitiúidí dá n-aire cásdlí na Cúirte agus go bhfeidhmíonn siad i gceart é.

**An Dualgas Cúraim**
Ardaíodh i gcás **11/2012/(ZV)AN** ceist maidir leis an gCairt. Bhain sé go sonrach leis an easpa forálacha i leith múinteoirí a thugtar ar iasacht do Scoileanna Eorpacha a chumasú tairbhe a bhaint as saoire thuismitheoirí. Bhí an fiosrúchán dírithe ar an gCoimisiún ina cháil mar bhall de Bhord Rialaithe na Scoileanna Eorpacha agus mar cheann dá ranníocóirí. Mheas an tOmbudsman nach raibh an staid seo in oiriúint leis an gCairt ná le forálacha eile i ndlí an AE. I rith an fhiosrúcháin, rinneadh Rialacháin Foirne na Scoileanna Eorpacha a leasú ionas baill foirne a chumasú iarraidh ar shaoire thuismitheoirí. Dá bhrí sin, deonaíodh an t-iarratas ar shaoire thuismitheoirí a rinne an gearánach.

Bhain cás **1810/2011/BEH** leis an gcaoi a ndearnadh plé le hiarratais an ghearánaigh ar shoghluaisteacht inmheánach agus ar chúnamh ag Frontex, an Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag na Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh. Mheas an tOmbudsman gur theip ar Frontex freagairt d'iarratas an ghearánaigh ar shoghluaisteacht inmheánach ar bhonn tráthúil. Maidir leis an iarratas ar chúnamh, d'aimsigh sé go ndearna Frontex imscrúdú ar na fíricí a bhain leis an iarratas ar an mbealach ceart. Mar shampla, cheap Frontex imscrúdaitheoir inmheánach a bhí in ann ráthaíochtaí imleora a thabhairt faoina neamhspleáchas agus faoina shaineolas gairmiúil, agus chuir sé tuairisc chuimsitheach le chéile arna bunú ar na ráitis agus na fianaisí a bhailigh sé. I ndáil le tráthúlacht na mbeart seo, thug an tOmbudsman faoi deara go ndearna Frontex dul chun cinn le cás an ghearánaigh ar bhonn leanúnach agus comhsheasmhach agus gur chuir sé an gearánach ar an eolas faoi staid reatha an cháis go rialta. Chinn an tOmbudsman dá bhrí sin gur réasúnta é seasamh Frontex gan bearta éigeandála a dhéanamh.

**Neamhréasúntacht**
I gcás **1752/2011/RT**, ina raibh an Coimisiún ag diúltú do speansais taistil leanaí an ghearánaigh a aisíoc leis de bharr gur bheartaigh sé an Ghuine a fhágáil sular fhógair an Coimisiún géarchéim sa tír sin, tharraing an tOmbudsman aird an Choimisiúin ar aois na leanaí agus mhol sé don Choimisiún machnamh a dhéanamh ar réiteach a fháil ar an gceist trí na speansais taistil a aisíoc ar bhonn *ex gratia*. Ghlac an Coimisiún leis an moladh sin.

Bhain cás **141/2011/RT** le dearbhú áit thionscnaimh an ghearánaigh. Ba í tuairim an Choimisiúin go ndearna an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) botún nuair a dhearbhaigh sé gurbh í áit thionscnaimh an ghearánaigh an Bhruiséil seachas Marseille. De bharr nár chuir an gearánach in aghaidh an dearbhaithe thuasluaite roimh an spriocdháta arna leagan amach sna rialacháin foirne, áfach, bhí an Coimisiún faoi cheangal dhearbhú an Údaráis. Mheas an tOmbudsman nach raibh sé comhsheasmhach don Choimisiún

a admháil go raibh dearbhú an Údaráis mícheart, ach seasamh leis an dearbhú sin ag an am céanna. Ina fhreagra, chomhaontaigh an Coimisiún áit thionscnaimh an ghearánaigh a dhearbhú as an nua.

**Fadhbanna maidir le harduithe céime**

I gcás **2744/2009/(MF)JF**, chuir an gearánach i leith gur tugadh ardú céime do bhall foirne den Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta de thoradh ar bhrú polaitiúil. Thángthas chun solais de bharr fhiosrúchán an Ombudsman go raibh an ceart ag an ngearánach gur thug an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta ardú céime don oifigeach i gceist in aghaidh a rialacha inmheánacha féin. Chomh maith leis an méid sin, tháinig sé ar fhianaise a chur in iúl gur cuireadh isteach ar an mbeart ardaithe chéime go míchuí. D'admhaigh an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta gur ghníomhaigh sé go mícheart agus rinne sé an cinneadh neamhrialta a fhreaschur. Rinne sé bearta cuí chomh maith d'fhonn a chinntiú nach dtarlódh a leithéid arís sa todhchaí. Cháin an tOmbudsman an Coiste, áfach, de dheasca gur theip air freagra a thabhairt ar an dréachtmholadh ar an mbealach ceart nuair a thug sé ráitis ar láimh a tháinig salach go soiléir ar na fíricí a bhí doiciméadaithe ina chomhad. Mar gheall ar na neamhrialtachtaí tromchúiseacha a tháinig chun solais sa chás seo, agus toisc go gcuireann iompar dá leithéid trédhearcacht agus íomhá phoiblí institiúidí an AE i gcontúirt, chuir an tOmbudsman a chinneadh faoi bhráid Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, duine a d'fhéadfadh an cinneadh a shannadh don choiste bainteach den Pharlaimint a dhéanann plé leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta.

Bhain cás **683/2010/OV** le haighneas maidir le hardú céime chomh maith, ach bhí ardú céime a tugadh don ghearánach i gceist an uair seo. Bhí an gearánach tugtha 'ar iasacht' don Choimisiún ag an gComhairle i 2004, ach de dheasca botún teicneolaíocht faisnéise, chaith an Coimisiún leis amhail is dá mba 'oifigeach aistrithe' é. Thug an Coimisiún ardú céime don ghearánach i 2008, ach cuireadh an t-ardú céime ar ceal tar éis don Choimisiún a thabhairt faoi deara gur tugadh an t-ardú céime bunaithe ar phointí a charn an gearánach mar oifigeach 'ar iasacht' seachas 'aistrithe'. Tar éis idirghabháil an Ombudsman, chomhaontaigh an Coimisiún go raibh botún teicneolaíocht faisnéise ina chúis leis an ngearán agus gur cheart dó déileáil leis an iarratas ar aistriú ar bhealach ní ba ghasta. Bheartaigh sé an t-ardú céime a thabhairt don ghearánach.

Tháinig an gearánach i gcás **475/2012/KM** chuig an Ombudsman ag cur i leith gur theip ar an gCoimisiún riaráistí a íoc léi le héifeacht chúlghabhálach a bhí dlite di de thoradh ar ardú céime a tugadh di. D'iarr sí ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar an gcás a shocrú toisc gur chosúil gur cheart an tsuim amuigh íoc léi ar mhaithe le cothroime. Thart ar mhí i ndiaidh tús a chur leis an bhfiosrúchán, d'inis an gearánach don Ombudsman gur dheonaigh an Coimisiún a héileamh tríd an ardú céime a thabhairt di ón 1 Eanáir 2010 agus riaráistí bainteacha a íoc léi.

**Míláimhseáil gearáin**

Ghlac an gearánach i gcás **862/2011/AN** páirt i nós imeachta deimhniúcháin ach níor éirigh leis. Chuir sé gearán isteach de réir Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne. Chuir an Coimisiún an gearán faoi bhráid na hOifige Eorpaí um Roghnú Foirne (EPSO), mar an gcomhlacht inniúil sa chás seo, ach níor tháinig EPSO ar an eolas faoi go dtí cúig mhí ina dhiaidh sin, tráth ar mheas EPSO gurbh intuigthe gur diúltaíodh dó de bharr go raibh na teorainneacha ama reachtúla éagtha faoin am sin. Bhí an tOmbudsman den tuairim gur chuir meon Airteagal 90(2) cosc ar EPSO glacadh leis an seasamh

seo. D'eisigh sé dréachtmholadh inar mhaígh sé gur chóir do EPSO a mheas gur cuireadh an gearán in iúl ar an dáta a fuarthas é i ndairíre. Chomh maith leis sin, d'iarr sé ar EPSO inghlacthacht an ghearáin ó thaobh na dteorainneacha ama de a mheas ar bhonn an dáta a cuireadh isteach chuig an gcomhlacht neamhinniúil é. Ghlac EPSO le dara dréachtmholadh an Ombudsman, ach níor ghlac sé leis an gcéad cheann. Mheas sé gur thacaigh cásdlí na Cúirte Breithiúnais lena sheasamh. Níor shásaigh na háitimh seo an tOmbudsman agus bheartaigh sé an cás a dhúnadh le ráitis chriticiúla.

## Comórtais agus nósanna imeachta roghnúcháin

### EPSO

Is leis an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) a bhaineann formhór na bhfiosrúchán a dhéanann an tOmbudsman i ndáil le comórtais oscailte agus nósanna imeachta roghnúcháin eile. Le himeacht na mblianta, tá EPSO tar éis oibriú go cuiditheach leis an Ombudsman chun gearáin a thabhairt chun réitigh ar bhealach sciobtha agus cabhrach. I gcuid de na cásanna, leanadh den treocht seo i 2012, mar atá léirithe ag na samplaí anseo thíos. I gcásanna eile, áfach, bhí na freagraí a thug EPSO ar cheisteanna áirithe a ardaíodh le linn na bliana ina n-údar imní don Ombudsman.

**Ceisteanna Eagraíochtúla**

Bhain cás **989/2011/ER** le beartas EPSO i ndáil le tástálacha iontrála ríomhairithe a chur in áirithe i gcomórtais oscailte. Ina chinneadh, rinne an tOmbudsman tagairt do thorthaí fhiosrúchán féintionscanta **OI/9/2010/RT**, inar cuireadh in iúl gur bheart comhréireach agus riachtanach é an nós imeachta nua le haghaidh tástálacha iontrála ríomhairithe a chur in áirithe, a raibh sé mar aidhm aige fad an nós imeachta roghnúcháin a laghdú ina iomlán. Mheas sé gur chuir EPSO an gearánach ar an eolas mar is cuí faoina dtarlódh dá dteipfeadh uirthi an tástáil iontrála ríomhairithe a chur in áirithe roimh an spriocdháta. Ina theannta sin, níor thug an gearánach aon chúis ar leith nach raibh sí in ann rochtain ar an Idirlíon le linn na tréimhse áirithinte. Thairis sin, d'fhreagair EPSO dá hiarratais go pras. Mhol an tOmbudsman, áfach, go bhféadfadh EPSO cásanna iarrthóirí a deir nach raibh siad in ann a dtástálacha iontrála ríomhairithe a chur in áirithe a chur faoi chaibidil ar bhonn réamhghníomhach sa todhchaí. D'fhéadfadh EPSO machnamh a dhéanamh chomh maith ar shliocht a chur sa Treoirleabhar maidir le Comórtais Oscailte ina ndéantar cur síos ar a dtarlaíonn mura ndéantar an tástáil iontrála a chur in áirithe faoin spriocdháta.

I gcás **521/2012/EIS**, a tugadh chun réitigh laistigh de 30 lá trí nós imeachta simplithe, rinne EPSO (i) deis eile a thabhairt don ghearánach tabhairt faoin tástáil ina tír chónaithe, agus (ii) a costais taistil bhreise a aisíoc léi. Bhí an gearánach díreach tar éis an chéad chuid den tástáil a chríochnú agus aghaidh a thabhairt ar an dara cuid nuair a theip ar an gcóras ríomhaireachta, rud a chiallaigh nach raibh ar a cumas an tástáil a chríochnú ar an láthair.

**Faisnéis neamhshoiléir**

Bhain cás **1370/2010/BEH** le drochriarachán líomhnaithe in eagrú comórtais oscailte a raibh sé mar sprioc aige liostaí ionadaithe de chúntóirí san earnáil foirgníochta a chur le chéile. Mar gheall ar go raibh an gearánach den tuairim nach raith an tástáil scríofa a rinne sé in oiriúint leis an bhFógra faoin gComórtas, rinne sé teagmháil le EPSO, a chuir faoi deara go raibh na tástálacha in oiriúint leis an bhFógra. Tar

éis don Ombudsman anailís a dhéanamh ar a fhoclaíocht, áfach, mheas sé nach raibh an Fógra faoin gComórtas soiléir a dhóthain. Mar sin, d'eisigh sé ráiteas criticiúil.

## Institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile

Fiú má bhíonn formhór na ngearán a bhaineann le hearcaíocht dírithe ar EPSO, faigheann an tOmbudsman gearáin ó am go ham in aghaidh institiúidí eile, go háirithe oifigí nó gníomhaireachtaí a bhí curtha ar bun le déanaí.

Mar fhreagra ar chás féintionscanta **OI/3/2012/CK**, d'fhógair an Ghníomhaireacht Eorpach um Shlándáil Líonra agus Faisnéise (ENISA) beartas nua le haghaidh nósanna imeachta roghnúcháin agus chuir sí cóip dá treoirlínte earcaíochta leasaithe ar láimh. De réir bhearta leasaithe an ENISA, cuirtear iarrthóirí ar an eolas faoi gach uile chéim den phróiseas tríd an ríomhphost anois. Cuireadh tús leis an bhfiosrúchán d'fhonn cíoradh a dhéanamh ar bheartas an ENISA gan freagra a thabhairt ar iarratais ó iarrthóirí ar fhaisnéis maidir le toradh na nósanna imeachta roghnúcháin.

Bhain cás **1513/2010/VIK** le cáilitheacht bhuaiteoirí nós imeachta roghnúcháin CAST RELEX 2008 le haghaidh gníomhairí conartha chun iarratas a dhéanamh ar phoist fholmha in institiúidí agus gníomhaireachtaí de chuid an AE. D'fhreagair an gearánach sa chás seo do Ghlao ar Léiriú Spéise arna eisiúint ag Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Chomhairle Taighde na hEorpa (ERCEA). Dhiúltaigh an ERCEA dá hiarratas, de bhrí nach raibh ach iarrthóirí ó "ghnáthbhunachar sonraí CAST" incháilithe chun páirt a ghlacadh. Thug an tOmbudsman faoi deara nach raibh aon rud luaite sa Ghlao a thug le tuiscint nach mbeadh iarrthóirí i mbunachar sonraí CAST RELEX incháilithe. D'fhreagair an Coimisiún go ndearna sé cinneadh ag tús 2012 cead a thabhairt d'institiúidí agus do ghníomhaireachtaí eile de chuid an AE rochtain ar bhunachar sonraí CAST RELEX 2008. Ina theannta sin, rinneadh bailíocht an liosta ionadaithe bainteach a shíneadh go dtí an 31 Nollaig 2012.

Bhain cás **1017/2010/MMN** leis an nós imeachta earcaíochta le haghaidh Theach na Staire Eorpaí. Mar fhreagra ar líomhaintí an ghearánaigh, chomhaontaigh an tOmbudsman gur thug an Pharlaimint gealltanas sonraí maidir le nósanna imeachta roghnúcháin le haghaidh gníomhairí sealadacha agus/nó conartha a fhoilsiú ar shuíomh Idirlín EPSO, nó gur thug sí é sin le fios ar a laghad. Bhí drochriarachán i gceist sa chás seo de dheasca nár chloígh sí leis an ngealltanas (iarbhír nó dealraitheach) sin. Chomh maith leis sin, rinne an tOmbudsman sainaithint ar ghnéithe áirithe de nósanna imeachta na Parlaiminte a d'fhéadfaí a fheabhsú agus d'eisigh sé trí ráiteas bhreise ina leith sin.

Líomhain an gearánach i gcás **328/2011/TN** gur theip ar an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) an nós imeachta roghnúcháin bainteach a chur i bhfeidhm ar bhealach cothrom agus ceart. Rinne an tOmbudsman sainaithint ar roinnt lochtanna sa nós imeachta. Ar an gcéad dul síos, chinn an Coiste Roghnúcháin gan an tástáil scríofa a chur san áireamh go mícheart. Ar an dara dul síos, níor cuireadh in iúl d'iarrthóirí go raibh orthu íos-scór de 70% a bhaint amach. Theip ar an ECDC na hiarrthóirí a chur ar an eolas faoi thoradh an nós imeachta earcaíochta freisin. Ba mhór ag an Ombudsman an freagra dearfach a thug an ECDC ar an réiteach cairdiúil a mhol sé.

Bhain cás **1167/2011/MMN** in aghaidh an Údaráis Eorpaigh Urrús agus Margaí (ESMA) le hiarratas ar phost ar dhiúltaigh an ESMA dó. Ina fhreagra ar chinneadh drochriaracháin an Ombudsman, d'ofráil an ESMA fógra folúntais nua a fhoilsiú arbh ionann é agus an ceann a bhí ina chúis leis an ngearán den chuid is mó. Chuir an gearánach in iúl go raibh sé ag lorg cúitimh. Bhí sé den tuairim chomh maith nach mbeadh foilsiú an fhógra folúntais nua ina réiteach imleor de dheasca na n-éagsúlachtaí idir an dréachtfhógra nua agus an fógra bunaidh. Ina fhianaise seo, chuir an ESMA dréachtfhógra folúntais leasaithe faoina bhráid, rud ar dhiúltaigh an gearánach dó go fóill. Dhún an tOmbudsman an cás, ag rá (i) gur chuir an gearánach in iúl go soiléir nach nglacfadh sé ach le cúiteamh airgeadais; (ii) gur ofráil an ESMA bearta imleora a dhéanamh chun an drochriarachán a dhíbirt; agus (iii) nár thug an gearánach aon fháth diongbháilte arbh fhearr cúiteamh airgeadais sa chás seo.

Bhain cás **2017/2011/RT** le loiceadh an Choimisiúin míniú imleor a thabhairt ar an moill a cuireadh ar thorthaí comórtais a fhoilsiú. Mheas an tOmbudsman gurbh iomarcach an méid ama a thóg an Coimisiún chun torthaí na dtástálacha iontrála a fhoilsiú. Ina theannta sin, níor luaigh an Coimisiún céard ba chúis leis an moill 10 mí a cuireadh ar fhoilsiú na dtorthaí. Níor mheas an Coimisiún ag aon tráth le linn na tréimse 10 mí seo ach an oiread gurbh iomchuí faisnéis a thabhairt do na hiarrthóirí faoin dáta a bhfoilseofaí na torthaí ná faoi na cúiseanna a bhí leis an moill.

Bhain cás **1264/2012/VL** le hInstitiúid an Choimisiúin um Staidéar ar Ionchais Teicneolaíochta (IPTS) agus le leithcheal líomhnaithe i gcoinne iarratasóra ar phost a rinne cinneadh gan taisteal d'aer, rud a bhí ina chúis lena agallamh le haghaidh an phoist a chur ar ceal agus le diúltú dá iarratas ar aisíoc chostas a thicéid iarnróid. Go gairid i ndiaidh don Ombudsman iarraidh ar an gCoimisiún tuairim a thabhairt, chuir an gearánach in iúl gur chinn an Coimisiún an t-airgead amuigh a aisíoc leis as an ticéad traenach a cheannaigh sé.

Chinn an tOmbudsman i gcás **278/2011/RT**, gur theip ar Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin an Ghréasáin Iompair Thras-Eorpaigh (TEN-T EA) míniú don ghearánach cén fáth go díreach a raibh a litir inspreagtha ina cúis lena dícháiliú ón ngearrliosta. Mhol sé don TEN-T EA míniú mionsonraithe a thabhairt ar an bhfáth a raibh litir an ghearánaigh ní ba lú diongbháilte i gcomparáid le litreacha na n-iarrthóirí ar éirigh leo. Thug TEN-T EA cuntas mionsonraithe ar na fáthanna ina fhreagra.

Ghlac an gearánach i gcás **1425/2012/VIK** páirt i nós imeachta roghnúcháin a bhí á reáchtáil ag an bhForas Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound). Chun iarratas a dhéanamh air, bhí air foirm iarratais a chomhlánú agus í a uaslódáil chuig an gcóras. D'áitigh sé nach raibh sé in ann a iarratas a chur isteach san fhoirm a bhí ag teastáil ó Eurofound. Níor bhrath Eurofound aon neamh-chomhoiriúnacht ó thaobh na mbogearraí de, mar a bhí tugtha le tuiscint ag an ngearánach, ach bheartaigh sé glacadh le hiarratas an ghearánaigh i ndiaidh an spriocdháta ar bhonn eisceachtúil. Mhol Eurofound gur chóir don ghearánach dul i ndáil chomhairle le ball dá fhoireann TF más rud é go raibh deacrachtaí fós ag cur as dó agus é ag iarraidh an fhoirm bhainteach a chur isteach.

## Ceisteanna institiúidí, ceisteanna beartas, agus gníomhaíochtaí eile

Clúdaíonn an chatagóir iarmharach seo raon gearán a rinneadh in aghaidh na n-institiúidí i ndáil lena ngníomhaíochtaí déanta beartas nó i ndáil lena bhfeidhmiú ginearálta.

**Seiceáil ar an láthair**[27]
Bhain cás **2676/2009/ANA** le hiompar OLAF i rith na seiceála ar an láthair. De réir an ghearánaigh, theip ar OLAF cloí leis na rialacha bainteacha agus le prionsabail an dea-riaracháin, agus dá bhrí sin, sháraigh sé cearta an ghearánaigh. Tar éis fiosrúcháin inar iarradh ar na húdaráis Ghréagacha a bhí i láthair ag an seiceáil ar an láthair faisnéis a chur ar fáil, mheas an tOmbudsman nach mór do OLAF, de réir an chreata le haghaidh seiceálacha ar an láthair, a áirithiú go soiléiríonn sé cearta agus ráthaíochtaí nós imeachta a bhfuil feidhm acu ar na daoine atá páirteach, agus gur theip ar OLAF amhlaidh a dhéanamh sa chás seo. Ina theannta sin, is ceart d'iompar na ngníomhairí a fheidhmíonn thar ceann institiúidí an AE na caighdeáin is airde a chomhlíonadh. I gcásanna ina líomhnaíonn saoránach nár chomhlíon iompar a leithéide de ghníomhaire na caighdeáin seo, ba cheart don institiúid atá i gceist a bheith in ann míniú sásúil a thabhairt a bhréagnóidh líomhaintí dá leithéid.

Bhain cás **2450/2008/BEH** le ról maoirseachta an Choimisiúin i dtionscadal foirgníochta i dTiorána. Go sonrach, chuir an gearánach i leith gur theip ar Thoscaireacht an Choimisiúin chuig an Albáin tacaíocht cheart a thabhairt dó (i) lena iarrachtaí chun a chinntiú go raibh oibreacha an tionscadail á ndéanamh de réir an chonartha, agus (ii) lena choinbhleachtaí bainteacha le páirtithe eile a bhí páirteach sa tionscadal. Tar éis don Ombudsman an comhad a chur faoi chaibidil, thug sé faoi deara gur thuairiscigh an gearánach, a raibh príomhfhreagracht aige as an tionscadal, don Choimisiún go raibh sé á bhagairt agus á imeaglú. Thuig an Coimisiún tromchúis na dtarluithe seo, agus ardaíodh in dhá chruinniú iad. Is léir nach raibh sé sin i gcomhréir le tromchúis admhaithe an cháis, áfach, cás ina mbeifí ag súil leis go ndéanfadh an Coimisiún beart cinntitheach chun dul i ngleic leis. Mheas an tOmbudsman chomh maith nár fheidhmigh an Coimisiún na cumhachtaí a bhí ar fáil dó chun imscrúdú a lorg i dtreo na fíricí uile a fhionnadh go hiontaofa faoi thimpiste mharfach ina bhfuair duine de na hoibrithe bás. I dtaca le líomhain an ghearánaigh gur theip ar an gCoimisiún tacaíocht chuí a thabhairt dó lena iarrachtaí chun comhlíonadh chonradh na n-oibreacha a chinntiú, níor tháinig aon drochriarachán chun solais de thoradh ar fhiosrúchán an Ombudsman. Ina ainneoin sin, agus de bhua an saineolas agus an fhreagracht atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa as caitheamh cistí an AE a iniúchadh, d'iarr an tOmbudsman orthu siúd cíoradh a dhéanamh ar ghnéithe áirithe den chás nach raibh faoi chaibidil ina fhiosrúchán féin.

Bhain cás **814/2010/JF** le loiceadh an Choimisiúin freagairt d'iarratais ar iniúchadh neamhspleách seachtrach ar na Scoileanna Eorpacha, ó thaobh teipe ar scoileanna agus rialú scoileanna go háirithe. D'aimsigh an tOmbudsman gur chosúil go raibh freagra beartaithe an Choimisiúin bunaithe ar mholadh a thug an Pharlaimint gur chóir do Scoileanna Eorpacha dul sa tóir ar idéanna spreagtha sna córais oideachais is fearr ar fud na cruinne, arna sainaithint ag staidéar a rinne an Eagraíocht um Chomhar

27. Féach chomh maith cás **512/2012/BEH** a bhain le loiceadh líomhnaithe an Choimisiúin beart cuí a dhéanamh chun dul i ngleic leis an méadú ar ráta báis na mbeach. Déantar cur síos ar an gcás seo i gcuid 1.4 anseo thuas.

agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE). Ba í tuairim an Ombudsman, áfach, nach sásódh rannpháirtíocht sa staidéar seo éileamh an ghearánaigh ar iniúchadh neamhspleách seachtrach go himleor.

Chuir an tOmbudsman tús le fiosrúchán féintionscanta **OI/14/2011/BEH** d'fhonn dea-chleachtas a chur chun cinn i dtaca leis an mbealach a dhéanann ceaintíní a chuireann institiúidí de chuid an AE ar fáil plé le bia neamhídithe. Bhain sé de thátal as a fhiosrúchán go bhféadfaí béim láidir a leagan ar a ndéanann an tAontas ar mhaithe le daoine leochaileacha trí cíoradh a dhéanamh ar na bealaí a d'fhéadfaí dul i ngleic le bia neamhídithe ar bhealach a bheadh tíosach ach a bheadh treoraithe ag cúrsaí eiticiúla chomh maith. Chuir sé fáilte roimh na tionscnaimh a chuir na hinstitiúidí i bhfeidhm cheana féin d'fhonn dramhaíl bhia a chosc. Chuir sé in iúl gur chóir tús áite a thabhairt, oiread agus is féidir, d'úsáidí atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní de, agus do bhia neamhídithe a úsáid mar bhia don duine go háirithe. Thug an tOmbudsman faoi deara go raibh an Pharlaimint tar éis tabhairt faoin gceist seo idir an dá linn, agus moladh bainteach a eisiúint ina leith.

### Leithcheal líomhnaithe

Bhain cás **2650/2008/MMN** le líomhain a d'áitigh gur dhiúltaigh an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) do chead a thabhairt do mhionathrú ar údarú margaíochta láraithe a bhí i seilbh cuideachta chógaisíochta. Mheas an tOmbudsman gur féidir a bhaint de thátal as an reachtaíocht bhainteach go bhfuil sé de dhualgas ar an té a bhfuil an t-údarú margaíochta láraithe ina sheilbh a áirithiú go mbíonn na lipéid chuí ar tháirgí nuair a chuireann sé ar an margadh iad. Ba chosúil go raibh an ceart ag an EMA nuair a mheas sé nach raibh an modh lipéadaithe a bhí beartaithe ag an ngearánach in oiriúint leis an reachtaíocht bhainteach. I ndáil leis an ngearán faoi leithcheal a rinne an gearánach chomh maith, chinn an tOmbudsman nach ionann cás do shealbhóir údarú margaíochta agus d'iompórtálaí comhthreomhar an t-am ar fad. Beag beann ar an méid sin, fiú dá mb'ionann cás dóibh, ní bheadh an gearánach i dteideal cleachtaí neamhdhleathacha lipéadaithe a chur i bhfeidhm dá mba rud é gur thug an EMA údarás do dháileoirí comhthreomhar amhlaidh a dhéanamh go mícheart.

I gcás **3419/2008/KM**[28], a bhain le loiceadh na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Eitlíochta (EASA) cáipéisí comhairliúcháin (ar a dtugtar 'Fógraí maidir le Leasú Molta' nó 'NPA') a aistriú, thug an tOmbudsman faoi deara go raibh an EASA ag déanamh dul chun cinn sa treo ceart. Go sonrach, thug sí gealltanas go ndéanfar soiléir ar a suíomh Idirlín gur féidir iarratas a dhéanamh ar achoimrí aistrithe ar na Fógraí maidir le Leasú Molta, go bhfoilseofar aon aistriúchán a bhí déanta cheana, agus go ndéanfar teorainneacha ama i ndáil le comhairliúcháin a shíneadh nuair is riachtanach. D'áitigh an tOmbudsman, áfach, go bhfuil sé ríthábhachtach go gcuirtear cáipéisí comhairliúcháin ar fáil i ngach teanga oifigiúil, ach gur thug an moladh a rinne sé sa chás seo aird mar ba chuí ar an ngá le cistí poiblí a chaitheamh go cúramach. Cháin sé seasamh an EASA gan na Fógraí a aistriú, nó achoimrí orthu a aistriú ar a laghad.

28. Féach chomh maith cás **640/2011/AN** a bhain le beartas teanga an Choimisiúin i ndáil le comhairliúcháin phoiblí, rud a ndéantar cur síos air i gcuid 1.4 anseo thuas.

## 1.7 Aistrithe agus comhairle

I gcéatadán ní ba mhó ná 75% de na cásanna a phróiseáil an tOmbudsman Eorpach le linn 2012 (1 854), bhí sé in ann cabhrú leis an ngearánach trí thús a chur le fiosrúchán ar an gcás, trína aistriú go comhlacht inniúil, nó trí chomhairle a thabhairt don ghearánach maidir leis an gcéad chéim eile le tógáil. Is minic a bhaineann gearáin a mheastar atá taobh amuigh de shainordú an Ombudsman le sáruithe líomhnaithe dhlí an AE ag Ballstáit. Is iondúil go mbíonn ombudsmana náisiúnta nó réigiúnacha, atá ina mbaill de Líonra Eorpach na nOmbudsman, ar na daoine is fearr chun déileáil le cásanna den sórt seo. Tá Coiste Achainíocha Pharlaimint na hEorpa ina bhall iomlán den Líonra freisin. Is é ceann de chuspóirí an Líonra aistriú gasta gearán a éascu chuig an mball inniúil den Líonra, cibé acu an ombudsman náisiúnta nó réigiúnach, comhlacht cosúil, nó Coiste Achainíocha Pharlaimint na hEorpa atá i gceist.

Ar an iomlán, bhí 60% (1 467) de na gearáin a phróiseáil an tOmbudsman Eorpach i gcaitheamh 2012 ar aon dul le sainordú ball de Lionra Eorpach na nOmbudsman.

Ar an iomlán, bhí 60% (1 467) de na gearáin a phróiseáil an tOmbudsman Eorpach i gcaitheamh 2012 ar aon dul le sainordú ball de Lionra Eorpach na nOmbudsman. As an méid seo, bhí 740 cás laistigh de shainordú an Ombudsman Eorpaigh. Mar atá léirithe i bhFíor 1.12, i 727 cás d'aistrigh an tOmbudsman an gearán[29] chuig ball de Líonra Eorpach na nOmbudsman nó thug sé comhairle don ghearánach teagmháil a dhéanamh le ball den Líonra. Dá réir sin, rinneadh 664 gearán, an dá shampla thíos ina measc, a aistriú nó a atreorú chuig ombudsmana náisiúnta nó réigiúnacha nó chuig comhlacht cosúil eile, agus rinneadh 63 a aistriú nó a atreorú chuig Coiste Achainíocha Pharlaimint na hEorpa.

**Gearán arna aistriú chuig ombudsman réigiúnach**

D'iarr duine faoi mhíchumas a bhí cónaí uirthi san Iodáil ar na húdaráis phoiblí cúnamh airgid a thabhairt di ionas go bhféadfadh sí buanchúnamh a fháil a chuirfeadh ar a cumas maireachtáil ina haonar ina teach féin, rud a ndéantar foráil dó i ndlí na hIodáile. Thug na húdaráis áitiúla bhainteacha freagra di inar chuir siad in iúl nach raibh ar a gcumas ach méid beag airgid a thabhairt di. De bharr nach raibh sí sásta leis an bhfreagra seo, chuir an gearánach a cás faoi bhráid an Ombudsman, a d'aistrigh an cás (cás **255/2012/CMV**) chuig Ombudsman Réigiúnach na Lombairde (an Iodáil) dá éis sin. Tar éis tréimshe, chuir an tOmbudsman Réigiúnach an tOmbudsman ar an eolas go ndearna na húdaráis áitiúla bhainteacha cinneadh an tsuim iomlán airgid a thabhairt don ghearánach.


**Gearán arna aistriú chuig ombudsman náisiúnta**

Thuairiscigh cailín Rómánach 12 bhliain d'aois a bhí cónaí uirthi sa Fhrainc go raibh a hathair, saoránach den Rómáin, faoi phríosúnacht sa Rómáin cé go raibh cónaí uirthi, ar a máthair agus ar a beirt deirfiúracha óga sa Fhrainc. Bhí a máthair an-tinn. D'iarr sí ar an Ombudsman cabhrú lena hathair a phianbhreith a aistriú go dtí an Fhrainc ionas go mbeadh sé níos giorra dá bhean agus dá chlann, nó a phianbhreith a 'laghdú' ionas go bhféadfadh sé teacht abhaile. D'aistrigh an tOmbudsman an cás (cás **522/2012/AN**) chuig Cosantóir Ceart na Fraince (Ombudsman), a shann an cás don rannóg ina oifig a dhéanann plé le cearta an linbh.

29. Ní dhéantar gearán a aistriú gan cead a fháil ón ngearánach roimh ré.

# Gearáin agus fiosrúcháin

**Fíor 1.12: Gearáin a aistríodh chuig institiúidí agus comhlachtaí eile**
**Gearánaigh ar tugadh comhairle dóibh teagmháil a dhéanamh le hinstitiúidí agus comhlachtaí eile**




Tabhair faoi deara i: Cuimsíonn na figiúirí thuasluaite 95 gearán a cláraíodh i dtreo dheireadh 2011 agus a próiseáladh i 2012. Níl san áireamh 18 gearán a cláraíodh i dtreo dheireadh 2012 a bhí á bpróiseáil fós ag deireadh na bliana chun an beart a dhéanfaí ina leith a shocrú.

Tabhair faoi deara ii: De thoradh ar gur thug an tOmbudsman méid ní ba mhó ná aon chineál comhairle amháin i roinnt cásanna, tá iomlán na gcéatadán thuas cothrom le céatadán níos mó ná 100%.

I gcásanna áirithe, féadann an an tOmbudsman a mheas go bhfuil sé feiliúnach an gearán a aistriú chuig an gCoimisiún, chuig SOLVIT nó chuig An Eoraip Agatsa – Comhairle. Is líonra é SOLVIT a bhunaigh an Coimisiún d'fhonn cabhrú le daoine a mbíonn constaicí le sárú acu agus iad ag iarraidh a gcearta a chur i bhfeidhm i margadh inmheánach an Aontais. Is líonra ar fud na hEorpa eile é An Eoraip Agatsa – Comhairle a chuir an Coimisiún ar bun d'fhonn saoránaigh a chur ar an eolas faoin saol, faoin obair agus faoi thaisteal san AE. Sula n-aistrítear gearán nó sula dtugtar comhairle don ghearánach, déanann seirbhísí an Ombudsman gach iarracht a mheas cén institiúid nó comhlacht eile a bheadh in ann an chabhair is fearr a sholáthar dó. I 2012, chuir an tOmbudsman 151 gearán ar aghaidh chuig an gCoimisiún[30], agus chuir sé 605 ar aghaidh chuig institiúidí agus comhlachtaí eile, lenar áiríodh SOLVIT agus An Eoraip Agatsa – Comhairle, mar aon le sainombudsmana nó comhlachtaí láimhseála gearán sna Ballstáit.

San iomlán, mar atá léirithe sna samplaí thíos, rinne an tOmbudsman an cás a aistriú nó comhairle a thabhairt don ghearánach i gcéatadán ní ba mhó ná 53% de na cásanna a phróiseáil sé i rith 2012.

30. Áirítear san fhigiúr seo roinnt cásanna inar fógraíodh go raibh gearán i gcoinne an Choimisiúin doghlactha de bhrí nach raibh an cur chuige riaracháin cuí déanta chuig an institiúid sular taisceadh an gearán leis an Ombudsman.

**Gearánaigh ar tugadh comhairle dóibh teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún Eorpach**

Rinne saoránach de Mhálta gearán le hÚdarás Seirbhísí Airgeadais Mhálta (ÚSAM – an ball Máltach de FIN-NET[31]) in aghaidh cuideachta seirbhísí airgeadais i Málta. De bharr nach raibh sí sásta leis an bhfreagra a fuair sí ó ÚSAM, chuir an gearánach a cás faoi bhráid an Ombudsman, agus d'iarr sí air an cás (cás **1231/2012/CMV**) a aistriú chuig an Coimisiún i ndeireadh na dála. Chuir an tOmbudsman an gearán ar aghaidh chuig Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin um an Margadh Inmheánach agus um Sheirbhísí Inmheánacha. Ina fhreagra, chuir an Coimisiún in iúl nach raibh sé inniúil chun plé a dhéanamh leis an gcás, agus thug sé cuireadh don ghearánach tuilleadh faisnéise a chur ar fáil a d'fhéadfadh a chruthú go gcuireann ÚSAM rialacha an AE i bhfeidhm go mícheart.

Nuair a theip ar an gCoimisiún freagra a thabhairt ar ghearán sáraithe a rinne iompórtálaí Iodálach toitíní den dara uair, rinne sé teagmháil leis an Ombudsman. Rinne an tOmbudsman teagmháil leis an gCoimisiún (cás **1775/2012/ER**), a chláraigh gearán sáraithe an ghearánaigh, a thug freagra ar a litreacha, agus a ghlac lena iarratas ar chruinniú. Thug an t-iompórtálaí toitíní faisnéis, áitimh agus cáipéisí tacaíochta breise ar láimh an Choimisiúin ag an gcruinniú sin agus ag cruinnithe dá éis sin. D'inis an Coimisiún agus an gearánach don Ombudsman ina dhiaidh sin go raibh an institiúid ag déanamh plé le gearán sáraithe an ghearánaigh ar bhonn gníomhach.

**Gearánaigh ar tugadh comhairle dóibh teagmháil a dhéanamh le SOLVIT**

I gcás **644/2012/MF**, rinne saoránach den Fhrainc gearán i gcoinne údaráis phoiblí na Gearmáine maidir le leibhéal a pinsin. Bhí sí den tuairim nach raibh an pinsean a fuair sí i gcomhréir le líon na mblianta a d'oibrigh sí, agus gur theip ar údaráis phoiblí na Gearmáine an tsuim a áireamh i gceart. D'aistrigh an tOmbudsman an cás go dtí SOLVIT na Fraince, a d'inis dó go raibh ar intinn acu fiosrúchán a oscailt agus teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis bhainteacha sa Ghearmáin i dtreo an cheist a réiteach.

I gcás eile (cás **1944/2012/HK**), rinne saoránach de chuid na Spáinne gearán i gcoinne cinnidh a rinne Oifig Liúntas Fostaíochta agus Tacaíochta Roinn na hOibre agus na bPinsean sa Ríocht Aontaithe. Bhog sí ón Spáinn go dtí an Ríocht Aontaithe agus d'oibrigh sí ar feadh dhá bhliain sular diagnoísíodh leis an ailse agus leis an eitinn í. Chinn Roinn na hOibre agus na bPinsean nach raibh gnáthchónaí uirthi sa tír agus nach raibh sí i dteideal an liúntais fostaíochta agus tacaíochta dá bhrí sin. D'aistrigh an tOmbudsman an cás chuig SOLVIT na Spáinne.

**31.** Is líonra réitigh achrainn airgeadais é FIN-NET de scéimeanna gearán "as an gcúirt" sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (Ballstáit an AE, mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua). Déanann baill de FIN-NET tomhaltóirí a bhfuil achrainn trasteorann acu le soláthraithe seirbhíse airgeadais a chur i dteagmháil leis na scéimeanna bainteacha agus an fhaisnéis riachtanach a chur ar fáil dóibh faoi na scéimeanna chomh maith. Chuir an Coimisiún an líonra ar bun i 2001.

## Gearáin agus fiosrúcháin

Anois agus ré Chonradh Liospóin linn, tá sé ríthábhachtach go ndéanann institiúidí cultúr na seirbhíse a fhorbairt agus a chothú ar mhaithe le saoránaigh agus go dtugann siad meas ar a gcearta. Tá sé mar aidhm ag an anailís théamach thuas béim a leagan ar fhairsinge agus shaibhreacht na bhfiosrúchán a rinne an tOmbudsman le linn 2012. Cuireann sí i láthair chomh maith na bealaí éagsúla a dhéanann an tOmbudsman a dhícheall prionsabail chultúr na seirbhíse a chur chun cinn, agus an Chairt um Chearta Bunúsacha a dhaingniú ina cuid den saol. Ba chóir do léitheoirí a bhfuil fonn orthu staidéar níos doimhne a dhéanamh ar fhiosrúcháin de chuid an Ombudsman cuairt a thabhairt ar shuíomh Idirlín an Ombudsman, áit a bhfuil achoimrí chuimsitheacha ar a chinntí, mar aon le cinntí, dréachtmholtaí agus tuarascálacha speisialta le fáil.

# 2 Caidreamh le hinstitiúidí, le hombudsmana agus le páirtithe leasmhara eile

Tugtar sa chaibidil seo cuntas ar an gcaidreamh a bhí ag an Ombudsman Eorpach le hinstitiúidí de chuid an AE, le hombudsmana eile, agus le príomhpháirtithe leasmhara eile le linn 2012. Tugtar inti breac-chuntas ar na cruinnithe agus ar na seimineáir ar ghlac an tOmbudsman páirt iontu, agus ar ghníomhaíochtaí eile a rinne sé d’fhonn a chinntiú go ndéantar plé le gearáin ar an mbealach is éifeachtaí, go bhfuil an dea-chleachtas i bhfeidhm chomh forleathan agus is féidir, agus go ndéantar feasacht ar a ról a ardú i measc na bpáirtithe leasmhara éagsúla.

## 2.1 Caidreamh le hinstitiúidí, le comhlachtaí, le hoifigí agus le gníomhaireachtaí an AE[1]

Buaileann an tOmbudsman Eorpach le Baill agus le hoifigigh institiúidí, comhlachtaí, oifigí, agus gníomhaireachtaí de chuid an AE go rialta chun plé a dhéanamh ar bhealaí chun feabhas a chur ar cháilíocht an riaracháin, chun béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le dea-láimhseáil gearán, agus chun a chinntiú go ndéanfar obair leantach chuí ar bhonn a ráiteas, a mholtaí, agus a thuarascálacha.

> Os rud é go mbaineann formhór na bhfiosrúchán a dhéanann an tOmbudsman gach uile bhliain leis an gCoimisiún, tá sé ríthábhachtach go ndéanann a sheirbhísí a seacht ndícheall chun bheith i dteagmháil chórasach le baill agus le hoifigigh de chuid an Choimisiúin.

### An Coimisiún Eorpach

Os rud é go mbaineann formhór na bhfiosrúchán a dhéanann an tOmbudsman gach uile bhliain leis an gCoimisiún, tá sé ríthábhachtach go ndéanann a sheirbhísí a seacht ndícheall chun bheith i dteagmháil chórasach le baill agus le hoifigigh de chuid an Choimisiúin.

Le linn na bliana, bhuail an tUasal Diamandouros leis an Uasal Maroš Šefčovič, Leasuachtarán an Choimisiúin Eorpaigh um Chaidreamh Idirinstitiúideach agus um Riarachán.

Ar 22 Márta, rinne an tUasal Diamandouros tuairimí a mhalartú le hArd-Stiúrthóirí an Choimisiúin Eorpaigh.

Chomh maith leis an méid sin, bhuail an tOmbudsman leis an Uasal Rytis Martikonis, an Leas-Ardstiúrthóir don Aistriúchán, agus leis an Uasal Stephen Quest, Stiúrthóir Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla an Choimisiúin Eorpaigh (PMO), tráth ar thug sé láithreoireacht d'fhoireann bhainistíochta na hOifige chomh maith.

### Parlaimint na hEorpa

Chuir an tOmbudsman *Tuarascáil Bhliantúil 2011* faoi bhráid an Uasal Martin Schulz, FPE, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, ar 22 Bealtaine agus faoi bhráid Choiste Achainíocha na Parlaiminte ar 19 Meitheamh. Rinne an Pharlaimint díospóireacht ar an tuarascáil ina seisiún iomlánach ar 25 Deireadh Fómhair. Bhí Erminia Mazzoni, FPE, Cathaoirleach an Choiste Achainíocha, ina rapóirtéir.

Ina theannta sin, chuir an tUasal Diamandouros a thuarascáil speisialta (cás **2591/2010/GG**) faoi bhráid an Choiste Achainíocha ar 19 Meitheamh. Bhuail an tUasal Diamandouros leis an Ard-Stiúrthóir um Bonneagar agus



Thug an tOmbudsman *Tuarascáil Bhliantúil 2011* d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, an tUasal Martin Schulz, FPE, ar 22 Bealtaine.

1. Ar mhaithe le coimre, úsáidtear an téarma 'institiúid' sa tuarascáil seo i dtagairt do na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí uile de chuid an AE.

Lóistíocht, an tUasal Constantin Stratigakis, agus le Maria Panagiotou, Comhuachtarán Choiste na gCúntóirí i rith na bliana freisin.

### Institiúidí eile

Le linn 2012, bhuail an tUasal Diamandouros leis an Uasal Mario Draghi, Uachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE); leis an Uasal Werner Hoyer, Uachtarán an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI); leis an Uasal David Bearfield, Ceann na hOifige Eorpaí um Roghnú Foirne (EPSO); agus le Laraine Laudati, Oifigeach Cosanta Sonraí na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF).

Chomh maith leis an méid sin, thug sé láithreoireacht do rannpháirtithe i gClár Erasmus um Riarachán Poiblí, rud a bhí eagraithe ag an Scoil Riaracháin Eorpach.

### Gníomhaireachtaí

Ó cheann ceann 2012, shín an tUasal Diamandouros lámh amach d'institiúidí éagsúla de chuid an AE d'fhonn béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann leis an dea-riarachán, le dea-láimhseáil gearán, agus le cultúr na seirbhíse.

Bhuail an tOmbudsman le stiúrthóirí agus coistí foirne an FRA, Cedefop, Eurofound, Europol, Eurojust, an BERS, ENISA, Frontex, agus an ECHA.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoi chlár cuairteanna an Ombudsman ar ghníomhaireachtaí de chuid an AE le linn 2012, a raibh sé mar aidhm acu dea-riarachán a chur chun cinn agus dea-chleachtais a chomhroinnt i measc na ngníomhaireachtaí, féach an fo-alt dar teideal "Gearáin agus fiosrúcháin fhéintionscanta" i gcuid 1.1 den Tuarascáil seo.

## 2.2 Caidreamh le hombudsmana agus le comhlachtaí cosúla

Cuireann a lán gearánach a ngearáin faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh nuair a bhíonn deacrachtaí acu le riarachán náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. Oibríonn an tOmbudsman Eorpach as láimh a chéile lena chontrapháirteanna sna Ballstáit d'fhonn a áirithiú go ndéantar plé le gearáin a dhéanann saoránaigh maidir le dlí an AE go pras agus go héifeachtach. Tarlaíonn an comhoibriú seo faoi scáth Líonra Eorpach na nOmbudsman den chuid is mó. Cuimsíonn an Lionra 99 oifig i 35 tír Eorpacha anois. Cuimsíonn sé ombudsmana náisiúnta agus réigiúnacha agus comhlachtaí cosúla de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, na dtíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san AE, agus tíortha eile sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus/nó i limistéar Schengen, mar aon leis an Ombudsman Eorpach agus Coiste na Parlaiminte um Achainíocha.

> Oibríonn an tOmbudsman Eorpach as láimh a chéile lena chontrapháirteanna sna Ballstáit d'fhonn a áirithiú go ndéantar plé le gearáin a dhéanann saoránaigh maidir le dlí an AE go pras agus go héifeachtach.

Is é ceann de phríomhchuspóirí an Líonra ná aistriú gasta gearán chuig an ombudsman inniúil nó chuig comhlacht cosúil a éascú. I 2012, d'aistrigh an tOmbudsman an gearán chuig ball de Líonra Eorpach na nOmbudsman nó thug sé comhairle don ghearánach teagmháil a dhéanamh le ball den Líonra i 727 cás. Tugtar tuilleadh sonraí maidir leis an gcomhoibriú seo i gCaibidil 1.

Is é rud eile a bhfuil baint dhíreach aige le láimhseáil gearán ná an nós imeachta speisialta, trína bhféadann ombudsmana náisiúnta agus réigiúnacha iarraidh ar an Ombudsman Eorpach freagraí scríofa a thabhairt ar fhiosruithe faoi dhlí an AE agus faoina léirmhíniú, lena n-áirítear fiosruithe a éiríonn as láimhseáil cáis ar leith. Le linn 2012, fuair an tOmbudsman trí fhiosrú dá

## Caidreamh le hinstitiúidí, le hombudsmana agus le páirtithe leasmhara eile

leithéid. Chuir Ombudsman na hÉireann ceann de na fiosruithe seo isteach a bhain le cúnamh forbartha tuaithe, agus chuir ombudsmana réigiúnacha Le Marche (an Iodáil) agus Veneto (an Iodáil) fiosruithe isteach a bhain le saorghluaiseacht oibrithe agus leis an árachas sláinte faoi seach.

D'fhonn cabhrú lena chomhombudsmana náisiúnta agus réigiúnacha na ceisteanna a ardaíodh sna cásanna seo a thabhairt chun réitigh, thug an tOmbudsman Eorpach freagra ar na fiosruithe go díreach nó d'iarr sé ar an gCoimisiún Eorpach freagra a thabhairt orthu.

Is meicníocht úsáideach é an Líonra chun faisnéis ar dhlí an AE agus ar dhea-chleachtas a mhalartú trí sheimineáir, trí nuachtlitir leathbhliantúil, agus trí eislíon a éascaíonn plé agus comhroinnt cáipéisí go leictreonach.

I measc na gceisteanna a rinneadh plé orthu tríd an eislíon le linn 2012, bhí ról na n-ombudsmana i gcearta an duine agus cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn, cumhacht ombudsman chun imeachtaí dlí a thionscnamh i leith gníomhaíochtaí riaracháin, córais bainistithe cásanna atá á n-úsáid ag ombudsmana, úsáid na meán sóisialta ag ombudsmana ar mhaithe le caidreamh a chothú leis an bpobal, daoine faoi thionchar an alcóil in áit phoiblí a chur faoi choinneáil, seiceálacha slándála in aerfoirt, cearta an othair chun rochtain ar na comhaid leighis a bhaineann leis, agus scartáil foirgneamh a tógadh gan cead tógála.

Reáchtálann an Lionra seimineáir d'ombudsmana náisiúnta agus réigiúnacha gach ré bliain, rud a bhíonn eagraithe ag an Ombudsman Eorpach agus comhghleacaí náisiúnta nó réigiúnach i gcomhpháirt lena chéile.

D'eagraigh an tOmbudsman Eorpach agus triúr ombudsmana réigiúnacha na Beilge Ochtú Seimineár Réigiúnach Líonra na nOmbudsman Eorpach. Bhí an seimineár ar siúl sa Bhruiséil ó 14 go dtí 16 Deireadh Fómhair 2012. D'fhreastail ombudsmana agus baill foirne d'oifigí ombudsmana agus de chomhlachtaí cosúla as na sé thír de chuid an AE ina bhfuil a leithéid d'institiúid réigiúnach, mar aon leis an Eilvéis, ar an seimineár, i dteannta ionadaithe ó Choiste na Parlaiminte um Achainíocha.

Rinneadh plé ar réimse leathan ábhar ag an seimineár, ina measc siúd: impleachtaí an mhéadaithe ar mheicníochtaí inmheánacha réitigh achrann d'ombudsmana; ag déanamh



© Ombudsman Flóndras

D'eagraigh an tOmbudsman Eorpach agus triúr ombudsmana réigiúnacha na Beilge Ochtú Seimineár Réigiúnach Líonra Eorpach na nOmbudsman sa Bhruiséil ó 14 go dtí 16 Deireadh Fómhair.

Tionóladh Ochtú Seimineár Teagmhála Líonra Eorpach na nOmbudsman in Strasbourg ó 24 go dtí 26 Meitheamh.



cumarsáide le saoránaigh; ag déanamh cumarsáide le riarthóirí; agus na bealaí a fhéadann ombudsmana feabhas a chur ar an tseirbhís a chuireann siad ar fáil do shaoránaigh. Ba mhór an onóir dóibh siúd a bhí páirteach sa seimineár go raibh na spreagchainteoirí seo a leanas i láthair: An tUasal Rainer Wieland, Leasuachtarán Pharlaimint na hEorpa, an tUasal Koen Lenaerts, Leasuachtarán Chúirt Bhreithiúnais an AE, agus an tUasal Luc Van den Brande, Iar-Uachtarán Choiste Réigiún an AE.

Bhí Ochtú Seimineár Teagmhála Líonra Eorpach na nOmbudsman ar siúl in Strasbourg ó 24 go dtí 26 Meitheamh 2012. Ar an iomlán, bhí oifigí ombudsman as 26 tír ionadaithe ag baill dá bhfoirne, mar aon le Parlaimint na hEorpa, an Coimisiún Eorpach agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. Bhí an seimineár roinnte ina shé sheisiún, ag a ndearnadh plé ar Thionscnamh Eorpach na Saoránach agus an ceart chun achainí, ar fhorbairt nósanna imeachta i ndáil le láimhseáil cásanna, ar athchóiriú na n-oifigí ombudsman, ar infheictheacht an Lionra agus a bhall a fheabhsú, ar ról ombudsman i leith cearta bunúsacha a chosaint, agus ar ról ombudsman i leith daoine faoi choinneáil a chosaint.

## 2.3 Caidreamh le páirtithe leasmhara eile

Tá an tOmbudsman Eorpach tiomanta d'áirithiú go mbeidh aon duine nó eagraíocht a mbeidh fadhb aige nó aici le hinstitiúidí de chuid an AE ar an eolas faoina gceart chun gearán a dhéanamh chuige maidir le drochriarachán. Tá dúil mhór aige chomh maith i bhfeasacht a fheabhsú ar a iarrachtaí ar son trédhearcacht, freagracht, agus cultúr na seirbhíse a chur chun cinn i riarachán an AE.

Go deimhin, is é ceann de na príomhthosaíochtaí i Stratéis an Ombudsman i leith Shainordú 2009-2014 ná teagmháil a choinneáil le páirtithe leasmhara. Ar 24 Aibreán, reáchtáil an tOmbudsman seimineár idirghníomhach sa Bhruiséil dar theideal "An Eoraip a bhfuil Géarchéim Inti: an dúshlán i ndáil le muinín na saoránach a bhaint amach". Tháinig líon ní ba mhó ná 300 duine chuig an imeacht earraigh bliantúil seo i mbliana, a bhíonn dírithe ar shaoránaigh, chumainn, eagraíochtaí neamhrialtasacha, chuideachtaí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, iriseoirí, ionadaithe réigiúnacha agus náisiúnta,



Ba é buaicphointe cumarsáide an Ombudsman Eorpaigh i 2012 seimineár dar theideal "An Eoraip a bhfuil Géarchéim Inti: an dúshlán i ndáil le muinín na saoránach a bhaint amach". Bhí an tUasal Martin Schulz, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Helle Thorning-Schmidt, Príomhaire na Danmhairge agus Uachtarán Chomhairle an AE ag an am ina bpríomhchainteoirí ag an seimineár.

ionadaithe d'institiúidí de chuid an AE, agus daoine eile a mbíonn suim acu ann. Rinneadh plé ag an imeacht ar na bearta diongbháilte a d'fhéadfadh institiúidí náisiúnta agus institiúidí de chuid an AE a dhéanamh i dtreo muinín na saoránach a bhaint amach. Ba iad na príomhchainteoirí: An tUasal Martin Schulz, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa; Helle Thorning-Schmidt, Príomhaire na Danmhairge agus Uachtarán Chomhairle an AE ag an am; agus an tUasal José Manuel Barroso, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh. Rinne comhfhreagraí Eorpach an BBC, Shirin Wheeler, cathaoirleacht ar an imeacht.

Bhí an Lá Idirnáisiúnta um an gCeart chun Faisnéise ar cheann de na buaicphointí eile i bhféilire bliantúil ócáidí téamacha an Ombudsman, rud a thiteann amach ar 28 Meán Fómhair gach uile bhliain. Le linn 2012, d'óstáil an tOmbudsman seimineár sa Bhruiséil, i gcomhar le Meicníocht Gearán an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, dar theideal "Lá Idirnáisiúnta um an gCeart chun Faisnéise – Trédhearcacht agus Freagracht i mBainc Forbartha Idirnáisiúnta". D'fhreastail ní ba mhó na 100 ionadaí ar an imeacht thar ceann cumann, eagraíochtaí neamhrialtasacha, cuideachtaí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, iriseoirí, ionadaithe réigiúnacha agus náisiúnta, agus institiúidí de chuid an AE.

Mar aon le cruinniú leis an Uachtarán Demetris Christofias, bhuail an tOmbudsman le hionadaithe d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta nuair a bhí sé sa Chipir idir 17 agus 19 Meán Fómhair. Rinne siad plé ar fhorghníomhú dhlí an AE agus ar chláir arna maoiniú ag an AE, chomh maith leis na fadhbanna a chuireann as dóibh agus iad ag déanamh plé le hinstitiúidí de chuid an AE. I gcruinniú comhchéime le hiriseoirí, rinne an tUasal Diamandouros agus Ombudsman na Cipire, Eliza Savvidou, plé ar an rialachas, ar fhorlámhas an dlí, ar an trédhearcacht agus ar an daonlathas. Fhormhínigh an tUasal Diamandouros an caidreamh atá ag an Ombudsman Eorpach le hombudsmana náisiúnta. D'ostáil Oifig Pharlaimint na hEorpa sa Chipir na cruinnithe seo. Thug an tOmbudsman óráid ag Ollscoil na Cipire chomh maith dar theideal "Dea-Riarachán, Freagracht agus Forlámhas an Dlí: ról an ombudsman".

Le linn a chuairte ar an gCipir i Meán Fómhair, bhuail an tOmbudsman Eorpach le hUachtarán na Poblachta, an tUachtarán Demetris Christofias.



I gcomhthéacs an phróisis i dtreo institiúid ombudsman pharlaimintigh neamhspleách a chur ar bun sa Tuirc, ghlac an tOmbudsman Eorpach páirt i gceardlann arna heagrú ag Roinn Dlí agus Cirt na Tuirce in Iostanbúl idir 26 agus 27 Eanáir. Bhuail sé leis an Uasal Volkan Vural, Iar-Ambasadóir na Tuirce agus Comhalta de Bhord Chónaidhm Thurcach na dTionsclaithe agus na bhFear Gnó, TÜSİAD, atá freagrach as gnóthaí eachtracha agus comhlíonadh riachtanais an AE, agus leis an Ollamh Hasan Yaşar, an Leasaire do Ghnóthaí maidir leis an AE. Ag an dá chruinniú, thug an tUasal Diamandouros cuntas ar ról an Ombudsman Eorpaigh, agus rinneadh plé ar an dréachtdlí a chuirfidh institiúid ombudsman ar bun sa Tuirc. Bhí an tOmbudsman ar dhuine de na cainteoirí ag an gceardlann.

D'eagraigh an tOmbudsman, i gcomhar le Coiste Stiúrtha ReNEUAL[2], comhdháil sa Bhruiséil i Márta dar theideal "I dTreo Dlí Gnásanna Riaracháin san AE?" chun plé a dhéanamh ar áitimh ar son agus i gcoinne dlí gnásanna riaracháin san AE. D'fhreastail líon ní ba mhó ná 100 duine ar an gcomhdháil. I measc na ndaoine a thug óráid ag an gcomhdháil, bhí an tOmbudsman, roinnt ollúna de chuid Choiste Stiúrtha ReNEUAL, agus ionadaithe d'institiúidí de chuid an AE.

Chun tuilleadh nasc a chothú le comhlachtaí um chearta an duine, rinne Ard-Rúnaí an Ombudsman Eorpaigh, an tUasal Ian Harden, ionadaíocht don oifig ag cruinniú i Vín i nDeireadh Fómhair arna eagrú ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. Rinne na rannpháirtithe plé ar na bealaí chun "Cairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha a chur faoi lánseol". Nuair a sonraíodh 2013 mar Bhliain Eorpach na Saoránach agus a seoladh Tionscnamh Eorpach na Saoránach i mBealtaine, bhí deis iontach ann bearta a dhéanamh a raibh sé mar aidhm acu nádúr agus ábhar shaoránacht an AE a fheabhsú. Sa chomhthéacs seo, d'eagraigh Seirbhís Beartaíocht Saoránach na hEorpa (ECAS), eagraíocht neamhrialtasach, comhdháil sa Bhruiséil i mí na Samhna dar theideal "Colún saoránachta an AE a thógáil". Rinne an tUasal João Sant'Anna, Stiúrthóir, ionadaíocht d'oifig an Ombudsman Eorpaigh. I gcaitheamh na míosa céanna, rinne an tUasal Gerhard

2. Líonra Taighde um Dhlí Riaracháin an AE. Tugann an Líonra faoin ngá féideartha agus suntasach le dlí riaracháin simplithe san AE.

## Caidreamh le hinstitiúidí, le hombudsmana agus le páirtithe leasmhara eile




Ar an 28 Meán Fómhair 2012, d'óstáil an tOmbudsman seimineár sa Bhruiséil, i gcomhar le Meicníocht Gearán an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, dar teideal "Lá Idirnáisiúnta um an gCeart chun Faisnéise – Trédhearcacht agus Freagracht i mBainc Forbartha Idirnáisiúnta".

Grill, Stiúrthóir, ionadaíocht d'oifig an Ombudsman ag ceardlann maidir le rochtain ar shonraí faoi thrialacha cliniciúla agus trédhearcacht ina leith sin, a bhí eagraithe ag an EMA i Londain.

Nuair a chuirtear gach rud i 2012 san áireamh, rinne an tOmbudsman agus baill shinsearacha dá fhoireann saothar a oifige a chur i láthair ag líon ní ba mhó ná 50 imeacht agus cruinniú déthaobhaigh le príomhpháirtithe leasmhara, lenar áiríodh baill den phobal dlí, cumainn ghnó, meithleacha machnaimh, eagraíochtaí neamhrialtasacha, ionadaithe do riaracháin réigiúnacha agus náisiúnta, brústocairí agus grúpaí sainleasmhara, acadóirí, ionadaithe polaitiúla ardleibhéil, agus státseirbhísigh. Tionóladh na comhdhálacha, seimineáir agus cruinnithe seo sa Bhruiséil agus sna Ballstáit.

I rith 2012, thug baill d'fhoireann an Ombudsman Eorpaigh 90 láithreoireacht do 2 408 saoránach arb as tíortha ar fud fad an AE iad, mar aon le tíortha lasmuigh den AE fiú amháin. Tháinig 55% de na cuairteoirí ón nGearmáin, agus ón bhFrainc, ón mBeilg agus ón nDanmhairg ina diaidh. Cé gur tháinig beagnach 20% de na cuairteoirí ó institiúidí de chuid an AE, tháinig roinnt cuairteoirí ó thíortha i gcéin ar nós Cheanada, na Síne agus na hAetóipe chomh maith. Cé go n-imríonn sriantachtaí acmhainní tionchar ar líon na láithreoireachtaí a fhéadann Oifig an Ombudsman a thabhairt gach bliana, déanann sé a dhícheall glacadh le cuirí agus le hiarratais a fhaigheann sé ó pháirtithe a bhfuil suim acu san ábhar.

I measc phríomhghníomhaíochtaí meán cumarsáide an Ombudsman i rith 2012, bhí an phreasócáid i dtaca le *Tuarascáil Bhliantúil 2011* a tharla sa Bhruiséil i mBealtaine. Thug an tUasal Diamandouros agus baill shinsearacha dá fhoireann os cionn 30 agallamh d'iriseoirí ó na meáin chlóite, na meáin chraolta, agus na meáin leictreonacha. D'eisigh Oifig an Ombudsman 18 bpreaseisiúint le linn na bliana, a chuimsigh, *inter alia*, cásanna a bhí tábhachtach ó thaobh na trédhearcachta de, cásanna a raibh baint acu leis an EMA; beartas teanga sriantach an Choimisiúin i dtaca le comhairliúcháin phoiblí; Córas Luathrabhaidh an Choimisiúin; agus na bearta a bhí déanta ag an gCoimisiún d'fhonn dul i ngleic leis

Thug an tUasal Diamandouros agus baill shinsearacha dá fhoireann líon ní ba mhó ná 30 agallamh d'iriseoirí le linn 2012.



an méadú ar ráta báis na mbeach. Anuas ar an méid sin, foilsíodh 1 700 alt maidir le saothar an Ombudsman Eorpaigh sna meáin chlóite agus ar líne.

Rinneadh suíomh gréasáin an Ombudsman a nuashonrú go rialta i rith na bliana le cinntí, achoimrí ar chásanna, preaseisiúintí, mionsonraí faoi imeachtaí a bhí ag teacht aníos, inneachar closamhairc, foilseacháin agus cáipéisí eile. Cuireadh rannán nua dar teideal 'Straitéis' leis an gcuid den suíomh dar teideal 'Acmhainní'. Cuimsíonn sé, i measc ábhar eile, Stratéis an Ombudsman i dtaca leis an Sainordú, Pleananna Bliantúla Bainistíochta agus Tuairiscí Bliantúla Gníomhaíochtaí. Cuireadh rannán eile ar bun chomh maith le haghaidh foilseachán nua darb ainm *Eolaí an Ombudsman Eorpaigh maidir le Gearáin – Foilseachán do bhaill foirne institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an AE.*

I bhfómhar 2012, sheol an tOmbudsman meicníocht aiseolais gan ainm, rud a thugann cuireadh do na gearánaigh uile a chuir a ngearáin isteach tríd an suíomh Idirlín roinnt ceisteanna a fhreagairt tar éis dhúnadh a gcásanna. Cuirfidh torthaí an tsuirbhé seo ar chumas an Ombudsman an tseirbhís a chuireann sé ar fáil do ghearánaigh a fheabhsú ar bhonn leanúnach.

Ón 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig 2012, thug líon ní ba mhó ná 310 000 cuairteoir ar leith cuairt ar an suíomh Idirlín, a bhreathnaigh ar bhreis is 6,2 milliún leathanach ar an iomlán. Tháinig an líon ba mhó cuairteoirí ó Lucsamburg, leis an Spáinn, an Bheilg, an Pholainn, an Ísiltír, agus an Fhrainc ina diaidh. Ba í an treoir idirghníomhach an ghné ba mhó tóir uirthi ar shuíomh Idirlín an Ombudsman arís i mbliana. Tugann an uirlis thábhachtach seo cúnamh do dhaoine sainaithint a dhéanamh ar an gcomhlacht is cuí le gearán a dhéanamh leo. I 2012, rinne breis is 19 000 duine comhairle a lorg agus a fháil ón Ombudsman trí mheán na treorach idirghníomhaí.

I 2012, rinne an tOmbudsman cinneadh réim agus raon a ghníomhaíochtaí cumarsáide a fhairsingiú tríd an úsáid a bhaineann sé as na meán sóisialta a mhéadú. Bhí na meáin shóisialta i gcroílár gníomhaíochta de chuid an Ombudsman den chéad uair riamh ag Imeacht Earraigh an Ombudsman, rud

Ón 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig 2012, thug líon ní ba mhó ná 310 000 cuairteoir ar leith cuairt ar an suíomh Idirlín, a bhreathnaigh ar bhreis is 6,2 milliún leathanach ar an iomlán.

a bhí ar siúl ar 24 Aibreán. Craoladh na díospóireachtaí beo ar an Idirlín i dtrí theanga agus rinneadh fotha Twitter le tráchtanna ón lucht féachana a theilgean beo ar scáileán sa seomra. Cuireadh WiFi ar fáil do na rannpháirtithe uile ionas idirghníomhú idir na rannpháirtithe laistigh agus lasmuigh den seomra a éascú. Cuireadh ceisteanna agus tráchtanna ón lucht féachana ar líne isteach sa díospóireacht sa seomra, agus d'fhreagair gach duine de na cainteoirí ceisteanna agus tráchtanna a fuarthas trí Twitter.

Thosaigh Oifigeach Meán Sóisialta leis an bhfoireann in Iúil, agus chuir an tOmbudsman leathanach cuideachta ar bun ar LinkedIn le linn an tsamhraidh. Ar 10 Meán Fómhair, osclaíodh bealach YouTube an Ombudsman agus foilsíodh físeán dar teideal "Ceangailte suas i riarachán an AE?" i 23 teanga. Ina theannta sin, cuireadh tús le hobair chun a chinntiú gur roinneadh an físeán chomh forleathan agus b'fhéidir trí bhealaí éagsúla cumarsáide ar líne. Faoi dheireadh 2012, bhí 19 900 duine tar éis breathnú ar an bhfíseán ar thairseach chlosamhairc an Choimisiúin Eorpaigh agus ar bhealach YouTube an Ombudsman. D'oscail institiúid an Ombudsman a cuntas oifigiúil ar Twitter ar an 11 Deireadh Fómhair.

## 2.4 Cearta daoine a bhfuil míchumais orthu[3]

Tháinig Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine a bhfuil Míchumas Orthu (CCDMO) in éifeacht san AE ar 22 Eanáir 2011. De thoradh air seo, beidh ar an Ombudsman gníomh a dhéanamh sa dá phríomhréimse seo a leanas:

### An CCDMO a chur i bhfeidhm go hinmheánach

Ní foláir do gach institiúid, comhlacht, oifig agus gníomhaireacht de chuid an AE éifeacht a thabhairt don CCDMO agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna. Chun na críche seo, tá an tOmbudsman:

- ag cur feabhais ar inrochtaineacht a shuímh Idirlín agus foilseachán dá chuid, mar aon le hinrochtaineacht a oifige nua sa Bhruiséil;
- ag feabhsú feasachta ar an CCDMO i measc bhaill a fhoirne, mar shampla, trí ailt agus tríd an nuachtlitir inmheánach; agus
- ag glacadh páirte sa choiste idirinstitiúideach bainteach (*Comité de préparation pour les affaires sociales*), coiste atá freagrach as cíoradh a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le feidhmiú an CCDMO a chomhchuibhiú laistigh de riarachán an AE.

3. As seo amach, bainfidh an tOmbudsman feidhm as an tuarascáil seo chun saoránaigh a chur ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí a dhéanann sé i ndáil le cearta daoine a bhfuil míchumais orthu.

## Páirt a ghlacadh i gCreat Airteagal 33(2) den CCDMO

Déantar foráil in Airteagal 33(2) den CCDMO do chreat a bhunú, a chuimseoidh meicníocht neamhspleách nó níos mó, agus a bheidh freagrach as feidhmiú an CCDMO a chur chun cinn, a chosaint agus a mhonatóiriú. Ar 29 Deireadh Fómhair 2012, thacaigh Comhairle an AE le togra an Choimisiúin le haghaidh Creata don AE, a mbeidh feidhm aige ar an Ombudsman, chomh maith le Coiste na Parlaiminte um Achainíocha, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, an Coimisiún agus an Fóram Eorpach maidir le Míchumas. Tionóladh cruinniú de chomhinstitiúidí an Chreata ar 23 Eanáir 2013 sa Bhruiséil.

Féadtar na tascanna a bheidh le déanamh faoin gCreat a rangú faoi na trí phríomhghné seo a leanas:

### Cosaint

Coimeádann an tOmbudsman Eorpach institiúidí de chuid an AE cuntasach, trí ghearáin a fhiosrú agus trí fhiosrúcháin fhéintionscanta a dhéanamh. Beidh dualgas an Ombudsman chun gearáin a fhiosrú agus tuairisc a thabhairt orthu ina chuid lárnach d'iarrachtaí an AE i dtreo cearta an CCDMO a chosaint mar gheall ar go ndéanfaidh an tOmbudsman a chinntiú go gcomhlíonfaidh na hinstitiúidí féin a ndualgas chun meas a léiriú ar a leithéid de chearta. Beidh sé de cheart ag aon duine aonair atá den tuairim nach bhfuil institiúid de chuid an AE ag feidhmiú de réir an CCDMO dul i ndáil chomhairle leis an Ombudsman chun an cor a chur ina cheart.

Mar shampla, i bhFeabhra 2012, chuir an tOmbudsman tús le fiosrúchán (**2455/2011/JF**) ar ghearán a líomhain: (i) nach raibh suíomh Idirlín EPSO cairdiúil do dhaoine lagamhairc, agus (ii) nach raibh beartas soiléir agus comhsheasmhach ag EPSO i ndáil le hiarrthóirí lagamhairc. Sa litir a sheol an tOmbudsman chuig EPSO tar éis dó an fiosrúchán a thionscnamh, d'aibhsigh sé an CCDMO agus d'iarr sé ar EPSO é a choinneáil i gcuimhne ina fhreagra. Tá fiosrúchán an Ombudsman ar bun go fóill.

Ní hamháin go bhféadtar gearáin a dhéanamh leis an Ombudsman faoi fheidhmiú an Choinbhinsiúin ar leibhéal na n-institiúidí de chuid an AE, ach féadtar gearáin a dhéanamh leis faoin mbealach a fheidhmíonn an Coimisiún a ról i ndlí bainteach an AE a fhorghníomhú i leith na mBallstát chomh maith.

### Cur Chun Cinn

Chun feidhmiú an CCDMO a chur chun cinn, leanfaidh an tOmbudsman ar aghaidh ag oibriú go réamhghníomhach d'fhonn saoránaigh agus oifigigh de chuid an AE a chur ar an eolas faoina gcearta agus faoina ndualgais, agus d'fhonn cleachtais dea-riaracháin a shainaithint agus a aibhsiú. I rith 2012, ghlac an tOmbudsman agus a fhoireann páirt i réimse cruinnithe a bhí dírithe ar chearta daoine a bhfuil míchumais orthu. Thairis sin, cuireadh an rannán ar leith seo maidir le cearta daoine a bhfuil míchumais orthu le *Tuarascáil Bhliantúil 2012*.

## Caidreamh le hinstitiúidí, le hombudsmana agus le páirtithe leasmhara eile

**Monatóiriú**

Tá ar chumas an Ombudsman, de bhua fiosrúcháin fhéintionscanta, monatóireacht réamhghníomhach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí de riarachán an AE. Cé nach bhfuil sé ina chuid d'fheidhm an Ombudsman monatóireacht chórasach a dhéanamh ar ghníomhaíocht reachtach, scríobh an tOmbudsman chuig Uachtarán na Parlaiminte i bhFeabhra 2012 maidir leis an athbhreithniú a leanann ar aghaidh ar rialacháin foirne an AE. Bhí an tOmbudsman den tuairim gur thug an nós imeachta reachtach le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacháin foirne deis luachmhar chun a chinntiú go bhfuil riarachán an AE feasach ar a chuid dualgas maidir le cearta daoine a bhfuil míchumais orthu.

Mar a cuireadh in iúl i rannán 2.2 den Tuarascáil seo, cabhraíonn Líonra Eorpach na nOmbudsman leis an Ombudsman Eorpach comhoibriú go dlúth le hombudsmana náisiúnta agus réigiúnacha sna Ballstáit. D'fhonn dea-chleachtais sa réimse a bhaineann le daoine a bhfuil míchumais orthu a shainaithint agus a chomhroinnt, bainfidh an tOmbudsman Eorpach leas as uirlisí cumarsáide an Líonra chun malartú faisnéise a chur ar bun faoi na gnéithe thuasluaite uile d'fheidhmiú an CCDMO.

Le linn 2013, tá sé ar intinn ag an Ombudsman Eorpach go rachaidh sé i ndáil chomhairle le grúpaí eile a bhfuil feidhm ag Creat Airteagal 33(2) orthu i dtreo clár oibre ilbhliantúil a fhorbairt, arna bhunú ar anailís ar riachtanais agus ar acmhainní infhaighte, ina dtabharfar sainmhíniú ar a ról i bhfeidhmiú an CCDMO a chur chun cinn agus a mhonatóiriú ar leibhéal na n-institiúidí de chuid an AE.

# 3 Acmhainní

Tugtar sa Chaibidil seo léargas ginearálta ar na hacmhainní a bhí ar láimh institiúid an Ombudsman i 2012. Tugtar breac-chuntas ar struchtúr na hoifige agus déantar cur síos ar na hiarrachtaí a dhéantar d'fhonn comhroinnt i measc baill foirne a éascú agus deiseanna forbartha gairmiúla a chur chun cinn. Déantar plé le Buiséad an Ombudsman sa dara cuid den Chaibidil, agus le húsáid acmhainní na hinstitiúide sa chuid dheireanach.

## 3.1 Foireann

Tá foireann ardcháilithe agus ilteangach ag an institiúid. Áirithíonn sé seo go bhféadann sí tabhairt faoi na bearta atá sannta dó ag an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh mar is ceart, eadhon, plé a dhéanamh le gearáin maidir le drochriarachán trí mheán 23 teanga oifigiúla an AE, agus feasacht ar shaothar an Ombudsman a fheabhsú. Coinníonn cruinnithe rialta foirne, mar aon le cúrsa athmhachnaimh bliantúil, baill na foirne ar an eolas faoi fhorbairtí ó thaobh na hinstitiúide a thuiscint ar bhealach níos fearr, iad a chur lena meonta féin, agus cúnamh a thabhairt i dtreo a seachadta éifeachtaigh.

Don dara bliain as a chéile, chuaigh an fhoireann ar an gcúrsa athmhachnaimh in Bad Herrenalb, an Ghearmáin, ó 28 go dtí 30 Márta 2012. Thug an tOmbudsman cuireadh do thraenálaithe de chuid na Scoile Riaracháin Eorpaí chuig ceann de na seisiúin agus d'eagraigh siad gníomhaíochtaí neartaithe foirniúlachta don fhoireann d'fhonn sineirgí féideartha i ndáil le hobair bhuíne a chur faoi chaibidil.

> Thug an tOmbudsman cuireadh do thraenálaithe de chuid na Scoile Riaracháin Eorpaí chuig ceann de na seisiúin agus d'eagraigh siad gníomhaíochtaí neartaithe foirniúlachta don fhoireann d'fhonn sineirgí féideartha i ndáil le hobair bhuíne a chur faoi chaibidil.

### Cúrsa athmhachnaimh agus cruinnithe foirne

Is cuid dhílis de phleanáil straitéiseach an Ombudsman Eorpaigh iad na cúrsaí athmhachnaimh seo agus fónann siad mar fhóram chun an fhoireann a spreagadh agus chun treoir úsáideach a chur le chéile i dtaca le ceapadh beartas. Is cuid de thimthriall bliantúil na n-imeachtaí iad a thugann deis don fhoireann agus d'oiliúnaithe machnamh a dhéanamh agus a gcuid dearcthaí a roinnt faoi ábhair a bhfuil baint dhíreach acu le saothar agus gníomhaíochtaí an Ombudsman. Bíonn sé mar aidhm acu cabhrú le cumas machnaimh na mball foirne a neartú agus a fheabhsú ionas go mbíonn siad in ann treoirphrionsabail agus misean na foirne de laistigh den oifig gus tugann siad spreagadh dóibh machnamh a dhéanamh ar na bealaí a chabhraíonn a gcuid oibre le cuspóirí na hinstitiúide, arna leagan amach ina ráiteas misin, a bhaint amach.

Tionólann an tOmbudsman cruinnithe foirne ar bhonn rialta chomh maith chun a chinntiú go gcomhroinntear faisnéis i measc na mball den fhoireann ar an mbealach is éifeachtaí. Ina theannta sin, glacann baill den fhoireann páirt i seisiúin oiliúna inmheánacha agus sheachtracha atá ceaptha chun a bhforbairt ghairmiúil a chur chun cinn. Ó thaobh na hoiliúna inmheánaí de, ghlac baill den fhoireann páirt i seisiún maidir leis an eitic agus dea-iompar, agus seisiún eile maidir le Béarla soiléir, mar aon le seisiúin oiliúna eile.

### An tOmbudsman agus a fhoireann

I 2012, chuimsigh plean bunaithe an Ombudsman Eorpaigh 66 post. Ag deireadh na bliana, is mar seo a leanas a bhí struchtúr oifig an Ombudsman:

**An tOmbudsman Eorpach:**
**An tUasal P. Nikiforos Diamandouros**

**Comhaireacht an Ombudsman**
Ceann na Comhaireachta:
Zina Assimakopoulou Uasal




Tionólann an tOmbudsman Eorpach cruinnithe foirne ar bhonn rialta d'fhonn a chinntiú go gcomhroinntear faisnéis i measc na mball den fhoireann ar an mbealach is éifeachtaí, agus d'fhonn deiseanna forbartha gairmiúla a fheabhsú. Bhuail baill d'fhoireann an Ombudsman le chéile in Strasbourg i mí Iúil agus mí na Nollag chun an t-eolas ba dhéanaí a chloisteáil faoi na forbairtí riaracháin, dlí agus beartas a raibh feidhm acu ar an institiúid.

**An Ardrúnaíocht**
An tArd-Rúnaí:
An tUasal Ian Harden

**An tAonad Cumarsáide**
Ceann an Aonaid:
An tUasal Ben Hagard

**Stiúrthóireacht A**
An Stiúrthóir:
An tUasal João Sant'Anna

**Aonad 1 um Ghearáin agus Fhiosrúcháin**
Ceann an Aonaid:
Marta Hirsch-Ziembińska Uasal

**Aonad 2 um Ghearáin agus Fhiosrúcháin**
Ceann an Aonaid:
An tUasal Fergal Ó Regan

**An Chlárlann**
Ceann na Clárlainne:
An tUasal Peter Bonnor

**Stiúrthóireacht B**
An Stiúrthóir:
An tUasal Gerhard Grill

**Aonad 3 um Ghearáin agus Fhiosrúcháin**
Ceann an Aonaid:
An tUasal Lambros Papadias

**Aonad 4 um Ghearáin agus Fhiosrúcháin**
Ceann Gníomhach an Aonaid:
An tUasal Bernhard Hofstötter

**An tAonad um Pearsanra, Riarachán agus Buiséadú**
Ceann an Aonaid:
An tUasal Loïc Julien

**An tOifigeach Cosanta Sonraí**
Rosita Agnew Uasal

Tá liosta iomlán de na baill foirne a bhíonn nuashonraithe go rialta, lena n-áirítear faisnéis mhionsonraithe faoi struchtúr oifig an Ombudsman agus faoi thascanna na rannóga uile, le fáil ar shuíomh Idirlín an Ombudsman (http://www.ombudsman.europa.eu) i 23 teanga oifigiúla an AE. Más mian leat leagan clóite den liosta a fháil, déan teagmháil le hoifig an Ombudsman.

## 3.2 An Buiséad

### An buiséad i 2012

Ón 1 Eanáir 2000, is rannóg neamhspleách de bhuiséad an Aontas Eorpaigh é buiséad an Ombudsman (alt VIII faoi láthair)[1]. Tá buiséad an Ombudsman roinnte faoi thrí theideal. Cuimsítear faoi theideal 1 tuarastail, liúntais agus caiteachas eile a bhaineann leis an bhfoireann. Clúdaítear faoi theideal 2 foirgnimh, troscán, trealamh agus caiteachas oibríochta ilchineálach. Cuimsítear faoi theideal 3 an caiteachas a éiríonn as feidhmeanna ginearálta a chomhlíonann an institiúid.

I 2012, b'ionann leithreasaí buiséid agus EUR 9 516 500.

### Rialú buiséid

D'fhonn bainistíocht éifeachtach acmhainní a áirithiú, déanann iniúchóir inmheánach an Ombudsman, an tUasal Robert Galvin, córais rialaithe inmheánacha na hinstitiúide agus na hoibríochtaí airgeadais a dhéanann an oifig seo a sheiceáil ar bhonn rialta.

Cosúil le hinstitiúidí eile de chuid an AE, déanann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa iniúchadh ar institiúid an Ombudsman chomh maith.

1. Rialachán na Comhairle (CE, CEGC, Euratom) Uimh. 2673/1999 an 13 Nollaig 1999 ag leasú an Rialachán Airgeadais an 21 Nollaig 1977 is infheidhmithe maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach; IO 1999 L 326, lch. 1.

### Comhar idirinstitiúideach

Chun a chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr agus is féidir as acmhainní, agus chun dúbailt foirne gan ghá a sheachaint, comhoibríonn an tOmbudsman le hinstitiúidí eile de chuid an AE oiread agus is féidir. Cuirtear an sonrasc maidir leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil amhlaidh chuig an Ombudsman Eorpach. Is é an comhoibriú seo a bhí ina chúis le coigiltí suntasacha ó thaobh na héifeachtúlachta de i mbuiséad an AE. Comhoibríonn an tOmbudsman leis na grúpaí seo a leanas go háirithe:

- Parlaimint na hEorpa, maidir leis an iniúchadh inmheánach agus leis an gcuntasaíocht, mar aon le seirbhísí teicniúla ar nós foirgneamh, teicneolaíocht faisnéise, cumarsáide, seirbhísí leighis, oiliúna, aistriúcháin agus léirmhíniú;
- Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh maidir le gnéithe áirithe d’fhoilseacháin;
- Oifig Phámháistir an Aontais Eorpaigh maidir le pinsin agus le gnéithe eile a bhaineann le deireadh a chur le seirbhísí oifigeach agus gníomhairí; agus
- Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh, a sholáthraíonn roinnt mhaith de na haistriúcháin a theastaíonn ón Ombudsman dá shaothar ar son na saoránach.

## 3.3 Úsáid acmhainní

Gach uile bhliain, glacann an tOmbudsman le Phlean Bhliantúil Bainistíochta, ina ndéantar sainaithint ar na gníomhaíochtaí diongbháilte a chaithfidh an oifig a dhéanamh chun tosaíochtaí na hinstitiúide a chur i ngníomh. Cuimsítear sa phlean seo príomhtháscairí feidhmíochta a úsáidtear chun an dul chun cinn i dtreo bhaint amach na gcuspóirí seo a thomhas. Glacann an tOmbudsman le Tuarascáil Bhliantúil Gníomhaíochtaí chomh maith. Tugtar sa tuarascáil seo cuntas ar thorthaí na n-oibríochtaí a bhí leagtha amach sa Phlean Bhliantúil Bainistíochta, ar na rioscaí a bhain leis na hoibríochtaí, ar an úsáid a baineadh as na hacmhainní a bhí ar láimh an Ombudsman, agus ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht chóras rialaithe inmheánach na hinstitiúide.

Ag tús 2012, d’fhoilsigh an tOmbudsman ar a shuíomh Idirlín an Phlean Bhliantúil Bainistíochta, an Tuarascáil Bhliantúil Gníomhaíochtaí, agus clár na dtorthaí a baineadh amach i ndáil leis na príomhtháscairí feidhmíochta do 2011.



## Conas teagmháil a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach

**Trí mheán poist**
Ombudsman Eorpach
1 avenue du Président Robert Schuman
CS 30403
F - 67001 Strasbourg Cedex

**Ar an nguthán**
+33 (0)3 88 17 23 13

**Le facs**
+33 (0)3 88 17 90 62

**Le ríomhphost**
eo@ombudsman.europa.eu

**Láithreán gréasáin**
http://www.ombudsman.europa.eu

Tá an *Tuarascáil Bhliantúil* seo foilsithe ar an idirlíon ag:
**http://www.ombudsman.europa.eu**

MIX
Paper from responsible sources
FSC® C103749

Oifig na bhFoilseachán

© An tAontas Eorpach, 2013
Grianghraif uile © An tAontas Eorpach, mura shonraítear a mhalairt.
Údaraítear atáirgeadh chun críocha oideachais agus neamhthráchtála, ar an gcoinníoll go dtugtar aitheantas don fhoinse.
Dearadh agus leagan amach de chuid Rosendahls - Schultz Grafisk, Albertslund, an Danmhairg, agus EntenEller A/S, Valby, an Danmhairg.
Leagtha amach i FrutigerNext agus Palatino.
*Printed in Luxembourg*
ISBN 978-92-9212-484-7 . ISSN 1830-7507 . doi:10.2869/15701 . QK-AA-13-001-GA-C

Má tá leagan cló mhór den fhoilseacháin ag teastáil uait, téigh i dteagmháil le do thoil le hoifig an Ombudsman Eorpaigh. Déanfaimid iarracht freisin leagan fuaime a sholáthar ar iarratas.